# An tOileán Domhanda

**Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú**



RIALTAS NA hÉIREANN
GOVERNMENT OF IRELAND

IRELAND

ÉIRE

爱尔兰

IRLANDE

ايرلندا

IRLAND

アイルランド

ไอร์แลนด์

IIRIMAA

आयरलैंड

# Réamhrá



Tá sé 20 bliain ach sa bheag ó foilsíodh an mór-ráiteas deireanach de chuid na hÉireann ar thosaíochtaí an bheartais eachtraigh, i bPáipéar Bán na bliana 1996, *Challenges and Opportunities Abroad*. Sna blianta a chuaigh tharainn ó shin i leith, tá athrú tapa agus athrú nach beag feicthe againn – patrúin athraitheacha na cumhachta agus an tionchair, coinbhleachtaí, cogaí agus sceimhlitheoireacht, teicneolaíochtaí nua a chuidíonn leis an gcumarsáid láithreach ar fud an domhain, agus impleáchas níos mó agus níos mó idir geilleagair, sochaithe agus daoine.

In 2008, tharla tobchliseadh as cuimse i ngeilleagar na hÉireann. Nuair a tháinig an tobchliseadh sin, thuigeamar a leochailí is atáimid de bharr gur geilleagar beag oscailte muid, ach cuireadh ár gcuid láidreachtaí ar ár súile dúinn freisin – táimid inár mball den Aontas Eorpach le fada an lá agus glacaimid páirt iomlán ann, rud a bhfuil baint nach beag aige le cobhsú ár gcúrsaí airgeadais náisiúnta agus leis an téarnamh geilleagrach atá faoi lán seoil.

Bhí ról tábhachtach ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir le cur chun feidhme phlean an Rialtais seo chun geilleagar na hÉireann a chur ar an mbóthar ceart arís. In 2011, cuireadh cúrsaí Trádála de chúram ar an Roinn, agus ansin bunaíodh an Chomhairle Trádála Onnmhairithe chun comhordú a dhéanamh ar fud na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí Stáit ar fad a bhfuil baint acu le cur chun cinn agus forbairt na trádála, na turasóireachta agus na hinfheistíochta. Ag féachaint dúinn thar lear, tá Foirne Margaidh Áitiúil bunaithe i 27 gcinn de mhargaí tosaíochta; foirne atá faoi chathaoirleacht ár gcuid Ambasadóirí agus ar a bhfuil ionadaithe ónár gcuid Ambasáidí agus Gníomhaireachtaí Stáit. Trí Phleananna Bliantúla maidir le Margaí Áitiúla, cuidíodh lenár margadh onnmhairíochta, a bhfuil dea-bhail air agus a bhfuil méadú tagtha air gach bliain ó 2011 i leith.

Tá an bhéim níos mó sin ar an trádáil agus ar an téarnamh geilleagrach ina cuid de ról leathan na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Sa lá atá inniu ann, bíonn ár slándáil, ár rathúnas agus an dea-bhail atá ar mhuintir na hÉireann ag brath ar an domhan mór ar shlí nach bhfacthas roimhe seo. Sa domhan mar atá sé sa bhliain 2015, ní le cúrsaí coigríche amháin a bhaineann rud ar bith, ná ní le cúrsaí baile amháin a bhaineann rud ar bith ach an oiread.

Fágann sé sin go bhfuil ár mbeartas eachtrach níos tábhachtaí dúinn anois ná mar a bhí amhlaidh riamh roimhe seo.

Is trí bhíthin an bheartais eachtraigh a chosnaímid ár gcuid síochána, ár gcuid slándála agus rathúnas ár ngeilleagair, agus a chuirimid chun cinn an t-athmhuintearas agus an comhoibriú sa bhaile. I gcroílár an bheartais eachtraigh sin tá cosaint ár gcuid saoránach agus cur chun cinn ár gcuid luachanna thar lear.

Ina theannta sin, is ráiteas é an beartas eachtrach faoin gcineál dreama atá ionainn mar Éireannaigh. I réimsí amhail an fhorbairt, obair shíochánaíochta na Náisiún Aontaithe, an dí-armáil agus cearta an duine, táimid bródúil as an traidisiún láidir rannpháirtíochta gníomhaí ar bhonn prionsabail atá againn. Tá sé sin ina chuid lárnach dár mbeartas eachtrach. Má bhíonn Éire slán agus rathúil, is ea is fearr a bheidh sí suite chun a guth a bheith le cloisteáil agus í ag tacú lenár gcuid luachanna.

Agus muid ag druidim le comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca in 2016, is tráthúil é machnamh a dhéanamh ar an ionad atá againn ar domhan agus ar na leasanna agus na luachanna is mian linn a chur chun cinn trínár mbeartas eachtrach.

Eascraíonn an ráiteas beartais seo as athbhreithniú a thionscain an té a bhí ina Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála romham, Éamon Gilmore T.D., agus, mar chuid d'ullmhú an ráitis, chuathas i gcomhairle ar fud an Rialtais, le baill den Oireachtas, leis an tsochaí shibhialta agus le daoine den phobal.

Tá sé scríofa i bhfriotal soiléir, intuigthe, agus cuirtear ar fáil ann fís fhorásach, réamhbhreathnaitheach maidir le beartas eachtrach na hÉireann agus ár n-ionad ar domhan. Leagtar síos ann na spriocanna agus na príomhréimsí ar a mbeifear ag díriú ó thaobh rannpháirtíocht dhomhanda an Rialtais chun todhchaí shlán, rathúil a chosaint do mhuintir na hÉireann, agus chun cion ar leith a dhéanamh, ar bhonn prionsabail, maidir leis an gcomhiarracht idirnáisiúnta chun domhan níos fearr a thógáil.

Sin fís ar féidir le muintir na hÉireann a bheith bródúil aisti. Tá a fhios agam freisin, toisc gur daoine muid a bhfuil teacht aniar ionainn agus a bhfuil ár scéal domhanda féin againn, go bhfuil an cumas agus an mhuinín againn chun na dúshláin sin a shárú le chéile.



**Cathal Ó Flannagáin T.D.**
An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# Clár na nÁbhar


Réamhrá 1

Ag dul le Domhan atá ag Athrú 4

## Muintir na hÉireann 12



An tAthmhuintearas agus an Comhar in Éirinn 13

Ag Freastal ar Mhuintir na hÉireann Thar Lear 16

Ag Ceangal le Teaghlach Domhanda na hÉireann 22

Comhroinnt ár gCultúir 25

## Ár gCuid Luachanna 26



Domhan atá Daingean 28

Domhan Cóir 34

Domhan níos Cothroime 37

Domhan Inbhuanaithe 42

## Ár Rathúnas 44



An Fás Geilleagrach a Spreagadh 45

Fáil réidh le Trádbhaic, Baic Infheistíochta agus Baic Shoghluaisteachta 47

Córas Cánach Inbhuanaithe, Iomaíoch a Áirithiú 49

Ag cur Treise leis an Rannpháirtíocht le Margaí Tosaíochta agus Margaí Ard-Acmhainne 50

An Leas is Fearr a bhaint as na Buntáistí Iomaíocha atá againn 58

## Ár nIonad san Eoraip 62



Rannpháirtíocht i gCroílár na hEorpa 63

Freagairt do Dhúshláin Chriticiúla 64

Ár dTosaíochtaí don AE 66

Comhaontais a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt ar Thorthaí 66

Guth Eorpach Láidir ar Domhan 69

## Ár dTionchar 72



Beartas Eachtrach atá Cuntasach 74

Cur Chuige Oscailte i leith an Bheartais Eachtraigh 75

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 78

# Ag dul le Domhan atá ag Athrú

# Ní áit choigríoch é an domhan a thuilleadh

Cé gur oileán í Éire, tá ceangal idir í agus an pobal domhanda ar shlite a mbeadh dealramh áiféiseach orthu fiú i súile na glúine a tháinig romhainn. Déanaimid ceangal láithreach bonn le daoine agus le himeachtaí ar fud na cruinne. Is domhanda iad muintir na hÉireann agus an dearcadh atá againn, agus bíonn tionchar againn de bharr na teagmhála sin mar aon le tionchar a bheith orainn. Téitear i gcion ar ár gcultúr de bharr na gceangal sin, agus téann ár gcultúr féin i gcion ar an saol mór chomh maith. Tá ár ngeilleagar fite fuaite leis an ngeilleagar sa chuid eile den domhan.

Is tapa é an t-athrú atá ag teacht ar an domhan ná mar a shamhlaímid é a bheith. Tá an t-athrú sin le feiceáil sna hathruithe atá ag teacht ar chothromaíocht an tionchair gheilleagraigh agus an tionchair pholaitiúil, sa líon níos mó cineálacha dúshlán domhanda a bhfuil réitigh dhomhanda de dhíth orthu, agus ar an dealramh atá ar an domhan agus ar an gcaoi ina n-oibríonn sé. Toisc gur tír bheag í Éire a bhfuil a geilleagar ina measc siúd is domhandaithe dá bhfuil ann, bímid go mór faoi thionchar na n-athruithe sin.

A fhad is go bhfuil rath ar an Eoraip, ar Mheiriceá Thuaidh agus ar an domhan thiar, go bhfuil siad seasta agus go bhfuil tionchar acu ar chúrsaí an domhain, tá athrú ó bhonn ag teacht ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn an córas domhanda de bharr an mhéadaithe atá tagtha ar shuntasacht tíortha san Oirthear agus sa Deisceart. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar thábhacht an róil atá ag na cumhachtaí atá ag teacht



chun cinn ar ardán an domhain, agus tá níos mó gníomhaíochta ar bun acu maidir le raon leathan saincheisteanna.

Tá ról ar tábhachtaí ná riamh é le himirt ag eagraíochtaí réigiúnacha freisin. Ar an eagraíocht is comhtháite, is mó a bhfuil rath uirthi agus is mó a imríonn tionchar tá an tAontas Eorpach, a bhfuil athrú ó bhonn curtha aige ar an gcaidreamh idir stáit de chuid na hEorpa, agus Éire ina measc. Ina theannta sin, tá méadú ag teacht ar an tábhacht a bhaineann leis an Aontas Eorpach mar ghníomhaí domhanda as a stuaim féin. Trínár mballraíocht san Aontas Eorpach, tugtar bonn taca dár seasamh agus dár ról sa domhan agus don chaoi ina stiúraimid ár mbeartas eachtrach.

Tá an chumhacht gheilleagrach ag bogadh. D'ainneoin na géarchéime airgeadais le déanaí, tá sé réamh-mheasta go mbeidh an t-aschur geilleagrach domhanda dúbailte faoin mbliain 2030, agus go mbeidh éileamh níos mó ar bhia, ar fhuinneamh agus ar acmhainní nádúrtha. Is i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn, san Áise, san Afraic agus i Meiriceá Laidineach, a bheidh cuid mhór den fhás sin le sonrú. Faoin mbliain 2030, tá sé réamh-mheasta ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) gur ón tSín agus ón India in éineacht a thiocfaidh 35% den Olltáirgeacht Intíre (OTI) dhomhanda, agus go dtiocfaidh laghdú breis is 10% ar sciar na dtíortha atá san ECFE.

Tá borradh faoi dhaonra an domhain. Measann na Náisiúin Aontaithe (NA) go mbeidh beagnach 8.5 billiún duine ar domhan faoin mbliain 2030, líon arb ionann é agus ardú 22% ó 2010, agus go mbeidh an chuid is mó den mhéadú sin sna geilleagair atá ag teacht chun cinn agus sna réigiúin i mbéal forbartha, a réamh-mheastar a mbeidh 7.1 billiún duine ina gcónaí iontu faoin mbliain 2030. Táthar ag tuar gur san Aontas Eorpach a bheidh thart ar 6% de dhaonra an domhain sa bhliain chéanna sin, anuas ó 8.9% i 1990.

Tá muintir an domhain ag dul in aois freisin, agus tá níos mó díobh ina gcónaí i limistéir uirbeacha. Is i limistéir uirbeacha a gcuireann níos mó ná leath na ndaoine ar domhan fúthu cheana féin, agus, faoin mbliain 2030, réamh-mheasann an ECFE gurb amhlaidh a bheidh i gcás 60% díobh. Táthar á thuar gur beag nach dúbailte a bheidh líon na ndaoine ar domhan a bhfuil breis is seasca bliain slánaithe acu faoin mbliain 2030, go dtí 1.4 billiún, agus go mbeidh 70% den ghrúpa sin comhchruinnithe sna réigiúin i mbéal forbartha.


Tá an dlús atá faoin nuálaíocht teicneolaíochta ag dul i gcion ar an domhan ina gcónaímid freisin. Bhí cúig bliana is seachtó caite sular shroich an teileafón caoga milliún úsáideoir, ach níor thóg sé ach ocht mbliana is tríocha ar an raidió, trí bliana déag ar an teilifís, agus díreach ceithre bliana ar an idirlíon an líon céanna daoine a bhaint amach. Baineann beagnach trí bhilliún duine úsáid as an idirlíon sa lá inniu, agus tá dhá thrian díobh siúd sna tíortha i mbéal forbartha. Tá an fás sin á spreagadh den chuid is mó ag an leathanbhanda móibíleach, ar tháinig fás 40% air san Afraic sa tréimhse 2011-2014. An tráth céanna, tá líon na síntiús fóin mhóibíleacha, a bhfuil beagnach a leath i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, ag teannadh le líon na ndaoine ar domhan.

Tá na milliúin daoine ag teacht slán ón mbochtaineacht a bhuíochas leis an bhforbairt gheilleagrach dhomhanda, agus tá an rathúnas atá ag teacht chun cinn ag cur athrú ar phátrúin tomhaltais, rud is cúis le méadú ar an éileamh ar oideachas, taisteal, bia agus earraí agus seirbhísí tomhaltais. Tá an méadú ar an OTI ar cheann de na cúiseanna is bonn le méadú na meánaicme ar domhan, a mheastar a bheidh chomh mór le 4.9 billiún duine faoin mbliain 2030, ardú ar an bhfigiúr 1.8 billiún in 2009. Faoin mbliain 2030, meastar gur san Áise, aisti féin, a bheidh 66% de lucht na meánaicme ar domhan lonnaithe. I ngeilleagar domhanda atá ag leathnú, bíonn deiseanna ar fáil maidir le honnmhairiú earraí agus seirbhísí, ach bíonn iomaíocht níos géire ann freisin i gcomhair margaí, i gcomhair post agus i gcomhair na hinfheistíochta.

D'ainneoin an dul chun cinn sin a bheith déanta, tá neamhionannas agus leibhéal neamh-inghlactha bochtaineachta fós le sonrú ar domhan.


**AN TATHRÚ AR AN NGEILLEAGAR DOMHANDA, 2010 – 2030**

*Glactar leis an OTI Dhomhanda mar shuim an OTI maidir le 34 thír de chuid an ECFE agus 8 dtír nach bhfuil san ECFE*




*Foinse: Páipéar Beartais Eachtraigh ECFE Uimh. 03 Looking to 2060: Long-term global growth prospects (2012)*

**AN FORÁS AR DHAONRA AN DOMHAIN (MILLIÚIN) – FÁS NA MEÁNAICME, 2010-2030**




*Foinse: Páipéar Oibre ECFE Uimh. 285 The Emerging Middle Class in Developing Countries (2010)*

Tá luaineacht agus neamhchinnteacht níos mó le sonrú ann chomh maith. Tá an bhainistíocht rioscaí, chomh maith leis an mbainistíocht deiseanna, ina cúram riachtanach de chuid ár mbeartais eachtraigh.

Tá neamhdhaingne níos mó le sonrú de bharr stáit leochaileacha agus de bharr an fhoréigin laistigh de stáit, a mbíonn tionchar aige ar chearta an duine, ar an smacht reachta, agus ar an bhforbairt. Is féidir le lucht na coireachta eagraithe trasnáisiúnta agus le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta leas a bhaint as an ngeilleagar domhandaithe, as cumarsáid agus as teicneolaíocht dhigiteach chun slándáil an duine agus cobhsaíocht bonneagair ríthábhachtaigh a chur i mbaol.

De réir mar a thagann tuilleadh de mhuintir an domhain ar líne, is féidir le cumhacht claochlaithe an idirlín oideachas a chur ar dhaoine, eolas a sholáthar dóibh agus cuidiú leo dul i mbun nuála, ach is féidir é a úsáid freisin chun cuspóirí coiriúla nó naimhdeacha. Dá bhrí sin, is ríthábhachtach an rud é dár dtodhchaí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an rialachas idirlín, leis an gcibearshlándáil agus le hidirlíon oscailte, saor, slán a choimeád ar bun.

Tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó a bheidh le sárú i rith na haoise seo. Tá dúshláin shuntasacha le sárú ar fud na cruinne mar gheall ar théamh domhanda agus imeachtaí adhaimsire, tuilte agus ardú ar leibhéal na farraige, go háirithe i gcás tíortha ísle agus stáit ar oileáin bheaga iad.

Mar gheall ar raon, castacht agus cineál trasghearrthach na ndúshlán domhanda, ní mór cur chuige comhordaithe a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Chuige sin, tá gá le córas feidhmiúil rialachais dhomhanda



lenar féidir forbairt agus caomhnú a dhéanamh ar chóras idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha.

Tá struchtúir rialachais idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) agus eagraíochtaí eile á gcomhlánú níos mó agus níos mó ag grúpaí tíortha atá ag comhoibriú leis an gclár domhanda a mhúnlú, i bhformáidí mar an G7/8 agus an G20. Ach tá an comhdhearcadh a bhí ina bhonn leis na struchtúir sin agus trínar cothaíodh iad tagtha faoi bhrú. Is féidir le heachtraí trína gcuirtear dúshlán an oird idirnáisiúnta rialacha-bhunaithe teacht chun cinn gan choinne, fiú inár gcomharsanacht féin, mar a léiríodh i gcás na géarchéime san Úcráin.

D'ainneoin na héagobhsaíochta i gcomharsanacht na hEorpa, tá an t-ádh ar Éirinn maidir lena suíomh geopholaitiúil, agus í timpeallaithe le cairde agus comhpháirtithe. É sin ráite, is féidir leis an méid a tharlaíonn níos faide ó bhaile tionchar díreach, tapa a imirt orainn freisin, mar is léir ón scamall luaithreamháin bholcánaigh in 2010, ón ngéarchéim airgeadais dhomhanda, nó ón ráig Ebola san Afraic Thiar.

Má tá uainn go mbeadh an todhchaí is fearr is féidir romhainn, ní mór dúinn obair chuiditheach a dhéanamh le comhpháirtithe, idir shean agus nua, agus a bheith seasta ag smaoineamh ar conas is féidir linn, inár gcáil mar thír bheag, tionchar inár bhfabhar a imirt ar chúrsaí.


Is é beartas eachtrach na hÉireann an mheicníocht trína ndéanaimid an méid sin.

Déantar ár gcaidreamh a stiúradh trí líonra domhanda ambasáidí, consalachtaí agus oifigí gníomhaireachtaí Stáit i 96 láthair, ag déanamh bainistíochta ar an gcaidreamh le 178 dtír.

Níl an caidreamh díreach, déthaobhach sin ach ina chuid de chreat níos casta réigiúnach agus idirnáisiúnta ina mbímid ag feidhmiú. Tá an t-ionad atá againn ar domhan bunaithe ar roinnt leasanna, lena n-áirítear Aontas Eorpach atá láidir agus éifeachtach; domhanchóras atá bunaithe ar an smacht reachta agus ina bhfuil institiúidí domhanda láidre; agus geilleagar domhanda atá oscailte, saor, agus bunaithe ar rialacha. Tá cur chun cinn na leasanna sin ina chuid dár mbeartas eachtrach.

Mar gheall ar an ngéarchéim gheilleagrach le déanaí, tá béim níos mó leagtha ar an bhfás geilleagrach a chur chun cinn agus athbhunú a dhéanamh ar cháil na hÉireann mar chuid dár rannpháirtíocht idirnáisiúnta. Chuige sin, níor mhór cur chuige uile-Rialtais a ghlacadh, arna spreagadh ag rannpháirtíocht

## AN DOMHAN AG DUL IN AOIS, 2010-2030




*Foinse: UNDESA World Population Prospects: 2012 Revision*

idirnáisiúnta gach ball den Rialtas, agus déantar an cuspóir sin a léiriú agus a thacú tríd an obair a dhéanann ambasáidí agus gníomhaireachtaí na hÉireann ar an láthair. Leanfar leis an gcur chuige sin agus Éire fós ag díriú uirthi féin a chur i láthair mar gheilleagar inbhuanaithe, iomaíoch, mar áit mhealltach i gcomhair infheistíochta agus turasóireachta agus mar fhoinse earraí agus seirbhísí ardchaighdeáin.

Déantar ár dtionchar a mhéadú agus a neartú go mór mar gheall ar ár mballraíocht san Aontas Eorpach agus ár rannpháirtíocht sna Náisiúin Aontaithe.

Baineann tábhacht bhunúsach leis an Aontas Eorpach maidir le todhchaí na hÉireann. Sa daichead bliain atá caite againn inár mball den Aontas, chuidigh sé leis an mbunathrú sóisialta agus geilleagrach in Éirinn, agus chuidigh sé linn teacht chun cinn agus rath a bheith orainn mar phobal. Agus géarchéim dhúshlánach gheilleagrach agus airgeadais á cur dínn againn, tá ról lárnach fós ag an AE maidir lenár bhfás geilleagrach agus ár gcobhsaíocht gheilleagrach san fhadtéarma.

Tríd an bhforás atá tagtha air de réir a chéile, thar aon ní eile, tá athmhúnlú déanta ag an Aontas ar an mór-roinn ina bhfuilimid agus ar a comharsanacht níos leithne, agus tá fairsinge curtha aige le limistéar síochána agus cobhsaíochta a bhfuil a dhúshlán á thabhairt ag cora ag a chuid teorainneacha. Trí ghníomhú as lámha a chéile, is fearr is féidir linn ár mbealach a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú go sciobtha, agus na leasanna agus na luachanna atá á gcomhroinnt againn lenár gcomh-bhallstáit a chur chun cinn.

Ina theannta sin, bhaineamar leas as ár mballraíocht sna Náisiúin Aontaithe chun léiriú a dhéanamh ar ár gcuid luachanna, atá faoi anáil ár stáire agus lena n-áirítear tiomantas láidir don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta; do chearta an duine, don chomhionannas agus don smacht reachta; agus don dlúthpháirtíocht leo siúd atá faoi mhíbhuntáiste nó a mbíonn an bhochtaineacht agus an t-ocras ag goilleadh orthu. Tá seirbhís dearscna tugtha againn maidir le síochánaíocht na Náisiún Aontaithe agus maidir le freagrachtaí ceannaireachta a fheidhmiú ag na Náisiúin Aontaithe, go háirithe i leith na forbartha, na dí-armála agus ceisteanna um neamhleathadh arm núicléach. Thairis sin, is maith an aithne atá orainn ag na Náisiúin Aontaithe i leith ár dtacaíochta chun réitigh a aimsiú ar fhadhbanna na coinbhleachta, na héagóra agus an neamhionannais.

Is saintréitheach í ár gcuid rannpháirtíochta sna Náisiúin Aontaithe agus is mór an meas atá uirthi. Fágann an rannpháirtíocht sin go bhfuil ar ár gcumas níos mó tionchair a imirt sa chaidreamh idirnáisiúnta.

**SAN ATHBHREITHNIÚ SEO, DÉANTAR NA DÚSHLÁIN ATÁ LE SÁRÚ AG ÉIRINN AGUS NA DEISEANNA ATÁ OS A COMHAIR A MHEAS FAOI CHÚIG THÉAMA A BHFUIL DLÚTHGHAOL ACU LE CHÉILE.**



Faoin gcéad téama, **Muintir na hÉireann**, déanaimid measúnú ar an obair atá ar bun chun síocháin agus athmhuintearas a bhaint amach ar oileán na hÉireann; ar sholáthar seirbhísí do shaoránaigh Éireannacha atá ag taisteal, ag cur fúthu agus ag obair thar lear; ar ár gcuid rannpháirtíochta níos mó le diaspóra na hÉireann; agus ar an gcur chun cinn a dhéanaimid ar chultúr na hÉireann thar lear.



Faoin dara téama, **Ár gCuid Luachanna**, leagtar amach tacaíocht na hÉireann do dhomhan níos cothroime, níos córa, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe trí bhíthin ár gcláir forbartha, ár mbeartas um chearta an duine, ár mbeartas i leith na síochánaíochta, na dí-armála agus na slándála, agus muid a bheith ag dul níos mó i ngleic le saincheisteanna domhanda atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear an t-athrú aeráide. Déantar ról an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe a mheas freisin maidir le guth na hÉireann a neartú agus a tionchar a leathnú.



Faoin tríú téama, **Ár Rathúnas**, déantar measúnú ar an gcúlra geilleagrach domhanda is bonn leis na hiarrachtaí atá ar bun againn tacú le téarnamh, fás agus cruthú post, go mór mór tríd an trádáil, an turasóireacht, an oideachas, an infheistíocht agus trí chlú na hÉireann a fheabhsú.



Faoin gceathrú téama, **Ár nIonad san Eoraip**, déantar measúnú ar an tábhacht bhunúsach d'Éirinn a ghabhann lenár mballraíocht san AE sna réimsí sin ar fad atá luaite thuas, agus ar an gcaoi ina dtéann an Rialtas i mbun rannpháirtíochta thar chlár leathan chinnteoireacht an AE chun leasanna na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn agus chun múnlú a dhéanamh ar an AE agus ar a chuid rannpháirtíochta sa domhan.




Gníomhaithe seachtracha is ea na Ranna Rialtais ar fad, rud a léiríonn a mhéad a bhfuil ceangal idir ceapadh beartais intíre agus beartais sheachtraigh le himeacht ama. Is amhlaidh atá go háirithe i gcomhthéacs an AE, ach i gcás na Náisiún Aontaithe agus institiúidí domhanda agus réigiúnacha eile chomh maith, agus sa chaidreamh déthaobhach le tíortha eile.

Faoin gcúigiú téama, an ceann deiridh, **Ár dTionchar**, déantar measúnú ar conas is féidir le hÉirinn an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní a bhfuil fáil orthu d'fhonn an tairbhe is mó is féidir a bhaint amach do mhuintir na hÉireann ónár gcuid rannpháirtíochta idirnáisiúnta.

# 80

**Oifig Thaidhleoireachta agus Chonsalachta**



# Ag ceangal na hÉireann leis an Domhan

## Líonra Domhanda an Rialtais

*Suíomh Ambasáide nó Consalachta* *Suíomh Gníomhaireachta Stáit*

**An Afraic:**
Abuja
Addis Ababa
Dárasalám
Freetown
Johannesburg
Kampala
Lilongwe
Lusaka
Mapútó
Nairobi
Pretoria

**An Áise agus an tAigéan Ciúin:**
Bangalore
Bangkok
Béising
Canberra
Deilí Nua
Hanáí
Hong Cong
Iacárta
Kuala Lumpur
Mumbai
Perth
Shang-hai
Shenzhen
Singeapór
Súl
Sydney
Tóiceo

**An Eoraip:**
Amstardam
Ankara
An Aithin
Beirlín
Beirn
An Bhratasláiv
An Bhruiséil
An tAontas Eorpach, An Bhruiséil
Comhpháirtíocht na Síochána, An Bhruiséil
Búcairist
Búdaipeist
Cóbanhávan
Dún Éideann
Dusseldorf
Frankfurt
Na Náisiúin Aontaithe, An Ghinéiv
Glaschú
An Háig
Heilsincí
Iostanbúl
Liospóin
Liúibleána
Londain
Lucsamburg
Maidrid
Milano
Moscó
An Niocóis
Osló
Páras
ECFE, Páras
Prág
Ríge
An Róimh
Ságrab
Sóifia
Stócólm
Comhairle na hEorpa, Strasbourg
An Suí Naofa
Taillinn
Vaileite
Vín
ESCE, Vín
Vilnias
Vársá

**Críocha Mheiriceá:**
Atlanta
Austin
Bostún
Brasília
Buenos Aires
California Theas
California Thuaidh
Chicago
Meicsiceo
Nua-Eabhrac
Na Náisiúin Aontaithe, Nua-Eabhrac
Ottawa
San Francisco
Sao Paulo
Toronto
Washington

**An Meán-Oirthear agus an Afraic Thuaidh:**
Abú Daibí
Caireo
Doha
Dubai
Ramallah
Ar Riyād
Tel Aviv


Oifigí
Gníomhaireachta
Stáit i
42
áit

# Muintir na hÉireann



In Airteagal 2 an Bhunreachta, tugtar sainmhíniú ar náisiún na hÉireann trí thagairt dá mhuintir, agus déantar taifead ann ar choibhneas speisialta an náisiúin sin le daoine de bhunadh na hÉireann atá ina gcónaí ar an gcoigríoch agus arb ionann féiniúlacht agus oidhreacht chultúir dóibh agus do náisiún na hÉireann.



*An tUachtarán Ó hUiginn leis an mBanríon Eilís, an Chéad-Aire Peter Robinson, an LeasChéad-Aire Martin McGuinness agus an Státrúnaí Villiers le linn na Cuairte Stáit ar an mBreatain in Aibreán 2014. Grianghraf: Fennell Photography*

## An Chomhpháirtíocht, an tAthmhuintearas agus an Comhar in Éirinn

Tá bunathrú chun feabhais tagtha ar shaol na ndaoine ar fud oileán na hÉireann de bharr ár bpróisis síochána.

De bharr Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Comhaontuithe a tháinig ina dhiaidh, tá féidearthachtaí agus deiseanna úra ar fáil do dhaoine, idir Thuaidh agus Theas, agus imríodh tionchar dearfach ar ár sochaí, ár ngeilleagar agus ar ár gclú idirnáisiúnta. Breathnaíonn áiteanna eile ar domhan ina bhfuil coinbhleachtaí ag tarlú i dtreo na hÉireann chun smaointe agus spreagadh a thabhairt dóibh.

Cé go bhfuil dul chun cinn ollmhór déanta, ní dearfach a bhí an méid a dúradh i measúnú údarásach a rinneadh le déanaí ar phróiseas na síochána: "Northern Ireland remains a very deeply divided society" agus "a fault line runs through education, housing and many other aspects of daily life".* Is olc mar a d'oirfeadh an bogás dúinn dá bhrí sin, agus beidh an obair chun fíor-athmhuintearas a bhaint amach agus chun tapú a dhéanamh ar na deiseanna sóisialta agus geilleagracha a d'eascródh as sin fós ina cuspóir tosaíochta ag an Rialtas.

Le Comhaontú Theach Stormont den 23 Nollaig 2014, atá dírithe ar an athmhuintearas agus an athbheochan geilleagrach araon, tugtar an deis tús nua a dhéanamh maidir le rialtas comhpháirtíochta i dTuaisceart Éireann. Clúdaíonn an Comhaontú féin réimse leathan saincheisteanna polaitiúla, sóisialta agus geilleagracha.

Leagtar amach ann plean don athchóiriú airgeadais agus buiséadach. Moltar bealach chun cinn ann maidir le bratacha, féiniúlacht, cultúr agus traidisiún trí choimisiún a bhunú. Foráiltear ann do fhreagracht i leith paráidí a chineachadh chuig Tionól Thuaisceart Éireann. Bunaítear clár athchóirithe institiúidigh i Stormont faoin gComhaontú freisin, agus cuirtear chun cinn roinnt gnéithe ó Chomhaontuithe roimhe seo a bhí le réiteach go fóill. Rud a mbaineann an-suntas leis, bunaítear ann creat cuimsitheach nua maidir le déileáil le hoidhreacht dhochrach an Ama atá Thart.

Díreoimid sa tréimhse atá romhainn ar chur chun feidhme éifeachtach, dlúsúil a dhéanamh ar Chomhaontú Theach Stormont. Is dócha go mbeidh an dúshlán céanna ag baint le cur chun feidhme an Chomhaontaithe is a bhí leis an gcaibidlíocht air. I dtaca leis sin, bainfidh an-tábhacht le rannpháirtíocht Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann sa phróiseas athbhreithnithe agus monatóireachta.

Leanfar ag cur chun cinn tiomantas an Rialtais don chomhpháirtíocht agus don athmhuintearas ar an leibhéal polaitiúil agus freisin trí rannpháirtíocht dhíreach ar leibhéal an phobail ar fud Thuaisceart Éireann.

Trína Ciste Athmhuintearais, soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála cistiú bliantúil €2.7 milliún do thart ar 150 eagraíocht, idir eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Foilsíodh straitéis nua don Chiste i mí an Mheithimh 2014 agus déanfar athbhreithniú uirthi laistigh de thrí bliana.

Trí chomóradh a dhéanamh ar imeachtaí suntasacha i stair an oileáin seo ar bhonn uilechuimsitheach, measúil, féadfar cúnamh a thabhairt

* *Northern Ireland Peace Monitoring Report No.3, Márta 2014, leis an Dr Paul Nolan, foilsithe ag an gComhairle um Chaidreamh Pobail, Tuaisceart Éireann*

athmhuintearas agus tuiscint níos fearr a chothú. Agus comóradh á dhéanamh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán, tiocfaidh deiseanna chun cinn chun stair chomhroinnte, fhorluiteach na n-oileán seo a chíoradh ar shlí atá báúil do gach taobh. Beidh comóradh céad bliana Éirí Amach na Cásca in 2016 i gceartlár chlár comórtha an Rialtais. Bainfidh suntas ar leith leis ó thaobh an chaidrimh idir an Tuaisceart agus an Deisceart agus idir Éire agus an Bhreatain.

Beidh sé tábhachtach ról a bheith ag ceannairí polaitiúla na todhchaí, a mbeidh an obair seo á déanamh acu amach anseo. Tríd an gCumann Idir-Pharlaiminteach Thuaidh/Theas, a bunaíodh in 2012, cuirtear chun cinn an comhar idir baill de Thithe an Oireachtais agus Tionól Thuaisceart Éireann, agus beidh sé ina creat an-tábhachtach i leith na hoibre sin.

Baineann tábhacht ar leith le tacaíocht agus rannpháirtíocht lucht riaracháin na Stát Aontaithe, an Aontais Eorpaigh agus comhpháirtithe eile, mar aon le diaspóra na hÉireann, maidir leis an bpróiseas athmhuintearais atá ar bun, agus is amhlaidh a bheidh san am atá le teacht. Tá rannpháirtíocht na Stát Aontaithe, ar an leibhéal is airde, ina buntaca do na hinstitiúidí polaitiúla i dTuaisceart Éireann, agus cuireann Clár Síochána an AE bonn taca tábhachtach ar fáil d'obair fhadtéarmach an athmhuintearais.

Tá dlúthchaidreamh cuimsitheach polaitiúil ag an Rialtas le **Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann.** Tá an caidreamh Thuaidh/Theas curtha níos mó agus níos mó ar bhonn stuama, réamhbhreathnaitheach, agus tá leas ag an Tuaisceart agus an Deisceart araon sa chomhar chun tacú leis an bhfás geilleagrach, rud a chuirfidh comhthairbí ar dáiríre agus inbhraite iad ar fáil do dhaoine ar fud an oileáin.

Díríodh an comhar ar bheartais a cheapadh le fás ar onnmhairí agus ar an infheistíocht choigríche a chur chun cinn, ar oibriú le chéile chun seirbhísí a nuashonrú, chun jabanna a chruthú agus chun scileanna daoine óga a fheabhsú. Tá sé comhaontaithe freisin an úsáid is fearr is féidir a bhaint as airgead poiblí trí sheirbhísí a sholáthar don phobal ar an mbealach is éifeachtaí. Déantar comhoibriú i gcomhthéacs an AE ar raon mór saincheisteanna agus tá oifigeach ó Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann tugtha ar iasacht do Bhuanionadaíocht na hÉireann chuig an AE sa Bhruiséil.

Cuirtear an comhar chun cinn i réimsí éagsúla i gcruinnithe rialta de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas. I gcás sé cinn de na hearnálacha comhaontaithe Thuaidh/Theas, cuirtear an comhar chun cinn trí bhíthin Comhlachtaí Forfheidhmithe a bhíonn ag feidhmiú ar bhonn uile-oileáin, agus, i réimsí eile comhair, déantar comhbheartais agus cineálacha cur chuige comhchoiteanna a chomhaontú sa Chomhairle. In earnáil na turasóireachta, cuireann Turasóireacht Éireann oileán na hÉireann chun cinn thar lear. Ag breathnú chun cinn dúinn, ní mór béim níos mó a chur ar a bheith ag obair i gcomhpháirt le Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann chun deiseanna idirnáisiúnta a thapú maidir leis an gcumas iomaíochta a threisiú agus maidir le poist agus cuairteoirí a mhealladh go hÉirinn.

Mar shampla, tá deiseanna le tapú ar bhonn uile-oileáin chun naisc thrádála a fhorbairt idir muid féin agus margaí atá ag teacht chun cinn. Trí bheith ag obair as lámha a chéile, is féidir linn scálú aníos chun díriú ar shlí níos éifeachtaí ar dheiseanna dár gcuid onnmhairí, dár n-earnáil oideachais agus dár dtionscal turasóireachta. Tá líonra ambasáidí na hÉireann ag cabhrú le misin trádála agus le cuideachtaí ón dá chuid den oileán. An chéad chomh-mhisean trádála ina raibh cuideachtaí Éireannacha, idir Thuaidh agus Theas, agus cuideachtaí ón mBreatain, thug sé cuairt ar Shingeapór i mí Feabhra 2014, in éineacht le hairí ó Bhaile Átha Cliath, Béal Feirste agus Londain. Tógfaimid ar an rath a bhí ar an gcuairt sin, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí forbartha sa dá chuid den oileán, chun deiseanna a thapú i margaí eile atá ag teacht chun cinn, agus beimid ag obair le chéile chun tacú le hiarrachtaí an Corn Domhanda Rugbaí a thabhairt go hÉirinn in 2023.

Cuireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an obair ar na saincheisteanna sin chun cinn, lena n-áirítear trína cuid oifigí i Rúnaíocht Idir-Rialtasach na Breataine agus na hÉireann i mBéal Feirste agus trí Chomhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas in Ard Mhacha. I mí Iúil 2014, ba é Seán Sherlock TD an chéad Aire Stáit a ceapadh chun freagracht a bheith air as an gComhar Thuaidh/Theas.

Bhí **an caidreamh idir Éire agus an Bhreatain** ina chatalaíoch maidir le hathrú dearfach i dTuaisceart Éireann agus bhain an caidreamh féin tairbhe as an athrú sin. Tríd an gCuairt Stáit a thug an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn ar an Ríocht Aontaithe in 2014, agus tríd an gCuairt Stáit a thug an Bhanríon Eilís ar Éirinn in 2011, léiríodh gur fearr an caidreamh sin anois ná riamh.

Cuireann na hÉireannaigh sa Bhreatain le neart agus beocht an chaidrimh. Tá suas le duine as ceathrar de mhuintir na Breataine ar de bhunadh na hÉireann iad. D'fhéadfaí a rá nach bhfuil gné ar bith de shaol sibhialta nó de shaol polaitiúil na Breataine nach bhfuil saibhreas curtha léi ag pobal na nÉireannach. Tá 50,000 stiúrthóir de chuid cuideachtaí Briotánacha ar rugadh in Éirinn iad, mar shampla, agus tá nasc cruthaithe idir an pobal beoga sin agus Éire ag líonra cumann Éireannach.



*An Pháirc Síochána d'Oileán na hÉireann, an Bheilg, áit a gcoinnítear i gcuimhne 69,974 saighdiúir Éireannacha ón gCéad Chogadh Domhanda a maraíodh, a gortaíodh, nó a d'imigh ar iarraidh*

I gComhráiteas ón Taoiseach, Enda Kenny, agus ón bPríomh-Aire, David Cameron, in 2012, leagadh amach creat don chomhar idir Éire agus an Ríocht Aontaithe. I gcruinniú mullaigh bliantúil, déantar athbhreithniú agus maoirsiú ar an gcomhar in a lán réimsí éagsúla, le tacaíocht ó struchtúr uathúil cruinnithe idir cinn riaracháin de chuid Ranna Rialtais na hÉireann agus na Breataine.

Trí dhlúthchaidreamh leis na ranna riaracháin cineachta, déantar a áirithiú go bhfuil leasanna na hÉirinn á gcur chun cinn agus go gcothaítear naisc le hAlbain agus leis an mBreatain Bheag, agus tacaíonn Comhairle na Breataine-na hÉireann, a bhfuil a rúnaíocht i nDún Éideann, le comhar réigiúnach níos leithne i líon níos mó agus níos mó réimsí.

D'ainneoin na gcor dearfach sin, beidh saincheisteanna ag teacht chun cinn sna blianta amach romhainn a mbeidh de thionchar acu ar a laghad go n-athrófar an tslí ina ndéantar gnó leis an gcomharsa is gaire dár gcuid, agus a d'fhéadfadh tionchar nach beag a imirt ar Éirinn.



*An tAire Seán Sherlock agus é ag tabhairt Cainte TEDx i mBéal Feirste*

Na cainteanna faoi chineachadh fheabhsaithe na cumhachta d'Alban agus faoi athruithe polaitiúla ar fud na Ríochta Aontaithe, beidh impleachtaí acu don roinn riaracháin chineachta i dTuaisceart Éireann. Agus muid ag dul i mbun díospóireachta, ní mór dúinn fanacht i dteagmháil le rialtas na Breataine agus le gach roinn riaracháin. Tá sé ina chuspóir againn a chinntiú, beag beann ar an toradh a bheidh ar an bpróiseas, go mbeidh an caidreamh a bheidh againn le gach cuid den Ríocht Aontaithe fós faoi bhláth.

Bheadh iarmhairtí straitéiseacha i gceist d'Éirinn dá dtiocfadh athrú ar chaidreamh na Breataine leis an AE, a dtugtar aghaidh orthu sa chaibidil *Ár nIonad san Eoraip*, ach bheadh impleachtaí fadréimseacha ag athrú den sórt sin freisin i ndáil lenár gcaidreamh polaitiúil laistigh de Thuaisceart Éireann, sa chomhoibriú Thuaidh/Theas agus sa chaidreamh polaitiúil agus geilleagrach idir Éire agus an Bhreatain.

Beidh bainistiú na saincheisteanna sin agus bainistiú a dtionchair ina phríomhthosaíocht sna blianta atá romhainn.



## Mo Phost:

**Margaret Stanley**
*Leas-Chomhrúnaí na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas, Ard Mhacha*

*Bím ag obair go dlúth le státseirbhísigh de chuid na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon chun a chinntiú go mbeidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, á reáchtáil gan aon fhadhbanna. Bíonn an Chomhairle ag obair ar ábhair chomhleasa ar bhonn uile-oileáin agus ar bhonn trasteorann.*

*Táimid dírithe ar réimsí a d'fhéadfadh cuidiú leis an téarnamh geilleagrach, le cruthú post, leis an leas is fearr a bhaint as cistí poiblí agus an seachadadh is éifeachtaí a dhéanamh ar sheirbhísí do shaoránaigh ar fud an oileáin. Mar ghné eile de mo chuid oibre, bím ag plé leis an bhfor-rochtain san earnáil ghnó, in earnáil an phobail agus san earnáil neamhrialtasach i dTuaisceart Éireann agus é ina chuspóir agam an comhar a chur chun cinn ar son an chomhleasa.*

# Ag Freastal ar Mhuintir na hÉireann Thar Lear

## Cúnamh Consalachta

Tá Éireannaigh ag taisteal níos minice, ar feadh tréimhsí níos gaire, go dtí tíortha cinn scríbe níos éagsúlaí, agus thugamar breis is sé mhilliún cuairt thar lear in 2013. Méadú faoi thrí is ea é sin thar fiche bliain, agus is i méid a bheidh líon na gcuairteanna thar lear ag dul. Anois nuair tá níos mó daoine ag taisteal ar chuspóirí gnó nó ar saoire chun áiteanna ar domhan nach bhfuil chomh slán, tá méadú ag teacht ar an éileamh ar chomhairle agus ar chúnamh.

Dhéileáil an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála leis na mílte agus na mílte iarratas ar chúnamh in 2014, lena n-áirítear níos mó ná 1,650 cás, idir éigeandálaí consalachta tromchúiseacha agus chásanna inar baineadh gortú d'Éireannaigh, ar cuireadh ag an ospidéal iad, nó ina bhfuair siad bás thar lear.

I dtimpeallacht dhomhanda neamhchinnte, ar minic í a bheith neamhchobhsaí, is féidir le cásanna éigeandála casta dul i bhfeidhm ar shaoránaigh Éireannacha i mbreis is áit amháin ag an am céanna, rud a éilíonn leibhéal an-ard ullmhachta agus solúbthachta. In 2011, mar shampla, chuir Éire roinnt freagairtí comhuaineacha consalachta ar bun ar an gcrith talún in Christchurch na Nua-Shéalainne, ar an gcrith talún agus an súnámaí sa tSeapáin agus ar aslonnú timpeall 400 saoránach Éireannach ón Libia.

Féadfar foireann a chur go dtí Lárionad Géarchéime Consalachta i mBaile Átha Cliath i gcás éigeandála, agus gníomhachtú a dhéanamh air. Is féidir le socruithe solúbthachta le comhpháirtithe san AE a bheith ina gcúnamh maidir le freastal ar riachtanais chonsalachta ar shlí níos freagrúla agus níos comhordaithe, mar shampla an obair a rinneadh i ndlúthpháirt le roinnt comhpháirtithe san AE ar an aslonnú ón Libia in 2011, leis na Dúitsigh sa tSiria agus leis an mBreatain san Afraic Thiar mar fhreagairt don ghéarchéim Ebola.

Táthar ag déanamh níos mó chun teagmháil shoiléir, thráthúil a dhéanamh lenár saoránaigh atá ag taisteal thar lear, go háirithe trí leas níos mó a bhaint as an teicneolaíocht agus as na meáin shóisialta. Trí sheirbhís cláraithe ar líne, féadfaidh an lucht taistil a gcuid sonraí teagmhála a chlárú roimh dhul ag taisteal dóibh, ionas gur féidir teagmháil a dhéanamh leo i gcás éigeandála nó géarchéime. Déantar faisnéis agus comhairle faoi chúrsaí taistil a nuashonrú go rialta ar shuíomhanna gréasáin na Roinne agus na n-ambasáidí, agus trínár bhfotha comhairle taistil ar Twitter.

Toisc go bhfuil saoránaigh Éireannacha ag taisteal agus iad níos óige, ní mór go mbeadh fáil níos fearr ag na haoisghrúpaí sin ar an gcomhairle taistil chun feasacht agus tuiscint níos fearr a chothú ar raon feidhme, teorainneacha, agus méid an chúnaimh consalachta.

Tá cúrsaí consalachta níos casta ná mar a bhíodh, mar is léir ón bhfás atá tagtha ar líon na gcásanna idirnáisiúnta fuadaithe leanaí ag tuismitheoirí, ón méadú ar líon na ndaoine ar déshaoránaigh iad níos faide anonn ná gnáth-thíortha an diaspóra, agus ó dhúshláin úra amhail cásanna pósta éigeantais.

**@dfatravel**



### Mo Phost:

**Brendan Maloney**
*Oifigeach ar Dualgas,*
*Baile Átha Cliath*

*Chomh maith leis an ról atá agam faoi láthair in Oifig an Ard-Rúnaí, glacaim páirt i róta na Roinne um Oifigeach ar Dualgas, a bhíonn ag plé le cásanna éigeandála thar lear a tharlaíonn thar oíche nó ag an deireadh seachtaine. Iarratais ar chúnamh consalachta is ea a bhformhór, agus tagann na glaonna ó gach cearn den domhan.*

*Ní bhíonn aon dá chás mar an gcéanna. I mo cháil mar an chéad phointe teagmhála, d'fhéadfadh sé go mbeadh orm déileáil le cás éigeandála míochaine thar lear (timpistí, gortú, breoiteacht, bás), cásanna ina ndéantar saoránaigh Éireannacha a ghabháil nó a choinneáil thar lear (nó cásanna ina ndearnadh coir ina gcoinne, inar goideadh a bpasanna, srl), tuairiscí faoi dhaoine ar iarraidh agus cásanna fuadaigh leanaí. Ionas go n-éireodh le bainistiú cáis, ní mór teagmháil thapa, éifeachtach a dhéanamh leis an ambasáid, leis an gconsalacht nó leis an gconsal onórach ábhartha de chuid na hÉireann agus leis na húdaráis chuí in Éirinn, amhail An Garda Síochána.*

## AG FREASTAL AR MHUINTIR NA HÉIREANN THAR LEAR

### Ag Cur chun Cinn na Comhpháirtíochta, an Athmhuintearais agus an Chomhair

- Tá bunathrú tagtha ar shaol na ndaoine ar fud oileán na hÉireann de bharr an phróisis síochána;
- Tá sé ina thosaíocht againn tacú le forálacha Chomhaontú Aoine an Chéasta;
- Tá tiomantas againn do chur chuige uile-oileáin a chur chun cinn ar fud gach réimse rialtais;
- Tá an comhar chun tacú le hathmhuintearas, rathúnas agus dearcadh coiteann ar Thuaisceart Éireann ag croílár an chaidrimh idir Éire agus an Bhreatain;
- Faoin gCiste Athmhuintearais, cuirtear cistiú bliantúil ar fáil d'eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí deonacha, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

### Ag freastal ar Mhuintir na hÉireann Thar Lear

- Thugamar 6.3 milliún cuairt thar lear in 2013, méadú 300% i dtréimhse 20 bliain;
- Eisíodh 631,000 pas in 2013, 14% díobh do shaoránaigh Éireannacha a bhfuil cónaí orthu thar lear;
- Déantar nuashonrú rialta ar fhaisnéis taistil ar shuíomhanna gréasáin agus fotha Twitter na Roinne agus na n-ambasáidí;
- Anois nuair atá líon níos mó daoine ag taisteal, tá méadú tagtha ar líon na n-iarratas ar chúnamh éigeandála chun ár gcuid ambasáidí agus consalachtaí;
- Láimhseáil ár n-ambasáidí breis is 800,000 ceist faoi chúrsaí consalachta, faoi phasanna agus faoi víosaí gach bliain.

### Ag Ceangal le Teaghlach Domhanda na hÉireann

- Éilíonn líon measta 70 milliún duine gur de bhunadh na hÉireann iad;
- Tá sé ina thosaíocht ag an Rialtas a bheith ag obair le diaspóra na hÉireann;
- Grúpa éagsúil is ea na hÉireannaigh thar lear, a bhfuil riachtanais agus leasanna éagsúla acu;
- Tá €114.6 milliún curtha ar fáil faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach do thionscadail phobail Éireannaigh ar fud an domhain ó 2004 i leith;
- Airítear leis na tionscadail ar tacaíodh leo idir imircigh nua agus dhaoine ar leithlis agus líonraí gnó;
- Toisc go bhfuil pobal éagsúil ag oileán na hÉireann, tá deiseanna le tapú maidir lenár rannpháirtíocht sheachtrach a neartú.

### Ag Comhroinnt ár gCultúir

- Tá ár gcultúr mar a bheadh droichead idir an t-oileán seo, teaghlach domhanda na hÉireann agus an domhan mór;
- Beagnach dhá thrian de na turasóirí a thugann cuairt ar Éirinn, is mar gheall ar ár stair agus ár gcultúr a thagann siad;
- Bímid ag obair le Cultúr Éireann chun cultúr agus ealaíontóirí na hÉireann a chur chun cinn;
- Soláthraíonn Lá Fhéile Pádraig deis ar leithligh chun Éire a chur chun cinn;
- Bímid ag obair chun tacú leis na daoine ar fud an domhain a bhfuil suim acu sa Ghaeilge.

## SEIRBHÍSÍ CONSALACHTA

Láimhseálann ár n-ambasáidí agus ár gconsalachtaí

**800,000**

ceist in aghaidh na bliana faoi chúrsaí consalachta, faoi phasanna agus faoi víosaí

Breis is

**60,000**

cáipéis fíordheimhnithe in 2014

Breis is

**3,000**

litir shaoirse eisithe do shaoránaigh Éireannacha atá ag pósadh nó ag dul i mbun páirtnéireachtaí sibhialta thar lear in 2014

Tugadh cúnamh do

**1,650**

saoránach Éireannach i ndiaidh cásanna éigeandála tromchúiseacha consulachta thar lear in 2014



### Mo Phost:

**Sharifah Shahabudin**
*Cúnamh consalachta agus víosaí, Ambasáid na hÉireann i Kuala Lumpur*

*Bímse ag obair ag deasc chúnaimh consalachta na hambasáide, agus mé ag cuidiú le hÉireannaigh atá i dtrioblóid sa Mhalaeisia agus sa Téalainn. Mar gheall ar an líon mór Éireannach a thugann cuairt ar an Téalainn go háirithe, tá an ambasáid seo ar cheann de na poist chonsalachta is gnóthaí dár gcuid. Tugaim cúnamh do dhaoine agus do theaghlaigh sa chás ina bhfaigheann saoránaigh Éireannacha bás thar lear, nó inar bhuail droch-thinneas iad nó ar gortaíodh go dona iad, nuair a dhéantar iad a ghabháil nó a chur sa phríosún, nó a dtagann deacrachtaí eile rompu. Mar chuid den obair sin, déantar teagmháil le teaghlaigh agus cairde, leis an aonad cúnaimh consalachta i mBaile Átha Cliath, agus leis na húdaráis anseo.*

*Is mise oifigeach víosa na hambasáide freisin. Phróiseálamar thart ar 1,450 iarratas ar víosaí in 2013, cúram lena n-éilítear aird ar mhionsonraí, mar aon le teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí, le baill foirne ambasáidí, agus le Seirbhís Inimirce na hÉireann. Daoine a thugann cuairt ar Éirinn ó thíortha thar lear, is mór an méid ioncaim a thugann siad isteach sa tír, agus dá bhrí sin is tábhachtach an rud é seirbhís víosaí ghairmiúil, éifeachtach a sholáthar.*



*Lasair na nEisimirceach, Loch Garman*




*Grúpa eisimirceach Éireannach aosta agus iad ag tabhairt cuairte ar Éirinn*

## Tacaíocht d'eisimircigh

Príomhthosaíocht dár gcuid is ea athchóiriú na hinimirce sna Stáit Aontaithe, saincheist a raibh an Rialtas ag díriú uirthi agus a bheidh go fóill. Is tábhachtach an rud é go mbainfeadh Éireannaigh gan cáipéisí inimirce an tairbhe is fearr is féidir as na bearta a d'fhógair an tUachtarán Barack Obama i mí na Samhna 2014. Beidh gá le gníomh reachtaíochta eile i gComhdháil na Stát Aontaithe lena chinntiú go mbeidh réiteach amach anseo ar chás na nÉireannach gan cáipéisí inimirce sna Stáit Aontaithe agus go mbeidh próiseas dlíthiúil ar fáil i gcomhair na hinimirce go hÉirinn sa todhchaí. Chuideodh sé sin a chinntiú go mbeadh na ceangail idir daoine arb ann dóibh idir Éire agus na Stáit Aontaithe fós á n-athnuachan ag glúine atá le teacht.

A lán de na heisimircigh nua, lena n-áirítear iadsan a d'fhág slán ag Éirinn ó 2008 i leith, tá siad ag dul níos faide anonn ná cinn scríbe traidisiúnta na heisimirce. Tá níos mó Éireannach tar éis dul ar imirce go dtí Iarthar na hAstráile agus Iarthar Cheanada go háirithe.

Tá an Rialtas i mbun oibre chun dul i ngleic le saincheisteanna rochtana agus a chinntiú go mbeidh Éireannaigh ar mian leo deiseanna a thapú thar lear in ann é sin a dhéanamh, mar shampla, trí leas a bhaint as an gclár J1 leis na Stáit Aontaithe agus comhaontuithe víosa saoire oibre leis an Astráil, Hong Cong, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn agus le Poblacht na Cóiré, rud a chuidíonn leis an gcaidreamh déthaobhach agus a thairgeann cearta oibre gearrthéarmacha do shaoránaigh óga na hÉireann.

Mar gheall ar shocrú feabhsaithe a rinneadh le Ceanada maidir leis an gclár um Víosa Saoire Oibre, tugadh cead do bhreis is 10,000 Éireannach óg dul ag obair sa tír sin in 2014.

Tá líonra na n-ambasáidí leathnaithe agus méadaithe sna Stáit Aontaithe, san Áise agus san Astráil, agus ní mór athbhreithniú rialta a dhéanamh air agus aird ar riachtanais chonsalachta. Tacaítear leis trí líonra breis is 100 Consal Oinigh ar fud an domhain, a chuireann raon seirbhísí ar fáil in áiteanna nach bhfuil ambasáid ná consalacht ar bith againn. Rinneadh an líonra sin a athnuachan agus a leathnú le déanaí, mar shampla, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na saoránach Éireannach in Iarthar na hAstráile agus i gCeanada. Cuireann ár gcuid Consal Oinigh seirbhís den scoth ar fáil, ar chostas íosta don cháiníocóir. Tá gealladh an-mhaith faoin líonra, ar gá é a fhorbairt de réir a chéile.

De réir mar a thiocfaidh fás ar ár ngeilleagar, beidh fonn ar a lán dár gcuid eisimirceach óg filleadh ar an mbaile. Ní mór dúinn deiseanna geilleagracha a chur ar fáil dóibh, agus ní mór dúinn iad a spreagadh lena gcuid buanna agus an taithí atá acu a thabhairt ar ais chun páirt a ghlacadh i saol na hÉireann.

Agus glúin eisimirceach Éireannach ag druidim le deireadh a saoil oibre anois, bainfidh tábhacht níos mó le freagairt dá gcuid riachtanas – go háirithe iadsan ar sine iad – trí thacaíocht líonra leasa agus shóisialta agus trí chúnamh maidir le rochtain a fháil ar na seirbhísí sóisialta sa tír aíochta. Tá níos mó ná €114 mhilliún curtha ar fáil faoin g**Clár Tacaíochta Eisimirceach** do thionscadail phobail Éireannaigh ar fud an domhain ó 2004 i leith. Cothaíodh an clár ar feadh na géarchéime airgeadais agus cuireadh síneadh lena rochtain chun tacú le pobal eisimirceach atá níos éagsúlaí agus atá scaipthe níos leithne. Baineadh leas as an gcuid is mó den airgead chun tacú leis na heisimircigh is leochailí, agus sin mar is gá go bhfanfaidh an scéal.

Ní mór athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an tacaíocht cistithe lena chinntiú gur leor í le freastal ar na riachtanais sin a bhíonn de shíor ag athrú. Tá leathnú á dhéanamh ar an gcistiú a chuirtear ar fáil do ghrúpaí a sholáthraíonn seirbhísí d'Éireannaigh a tháinig le déanaí chuig cinn scríbe amhail an Astráil agus Ceanada. Tá cúnamh á dhíriú ar Éireannaigh óga a bhfuil fadhbanna mothúchánacha, fadhbanna meabhairshláinte, nó fadhbanna a bhaineann le mí-úsáid alcóil nó drugaí acu. Táthar ag tacú le líonraí nua, amhail grúpaí de chuid Líonra na hÉireann in a lán cathracha sna Stáit Aontaithe, agus tá naisc níos láidre á gcruthú trí líonraí gnó agus malartáin oideachais.

## Seirbhísí Pas

De réir mar a tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhíonn ag taisteal, tháinig méadú freisin ar an éileamh ar phasanna. D'eisigh **Seirbhís na bPasanna** 629,446 pas in 2014. Tá líon iomlán na bpasanna a eisíodh méadaithe de 10% le cúig bliana anuas, cé go bhfuil laghdú 10% tagtha ar líon na mball foirne.

Cuireadh feabhas nach beag ar an tseirbhís do chustaiméirí i rith an phróisis sin. Tá simpliú déanta ar an bpróiseas athnuachana pas trí sheirbhís ar líne um meabhrúchán chun pas a athnuachan (www.dfa.ie). Laghdaíodh na hamanna feithimh agus is beag nach bhfuarthas réidh ar fad leis na scuainí. Tá áis ar fáil chun stádas iarratais a rianú, mar aon le nuashonruithe seachtainiúla ar fheidhmíocht i gcoinne spriocanna. Tá socruithe nua bunaithe chun cuidiú leis na daoine nach mór dóibh taisteal mar gheall ar chás éigeandála.



*Oifig na bPasanna, Corcaigh*




*Tugadh isteach leabhrán pas gradamúil nua in 2013, ina gcuimsítear an teicneolaíocht slándála is nuaí agus íomhánna lena léirítear ár gcultúr, ár stair, agus ár muintir*

**Cláraíodh níos mó ná**
**5,500**
**duine le haghaidh saoránacht Éireannach trí Chlárú Breithe Coigríche in 2014**



## PASANNA

**629,446**
pas eisithe in 2014

**THUAS 28%**
ó 2000

**60,000**
pas breise eisithe in 2014 ná mar a bhí amhlaidh in 2009

**50%**
eisithe idir mí Aibreán agus mí Iúil

ba iad
**2012 & 2013**
na blianta ba ghnóthaí ó cuireadh tús le Seirbhís na bPasanna



**14%**
eisithe thar lear
**86%**
eisithe in Éirinn

baineadh amach an méadú sin ar chostas níos lú agus d'ainneoin laghdú
**10%**
ar líon na mball foirne

Costais **6%**
níos ísle le hais 2009

Tá dea-chlú ar an bpas Éireannach ar fud an domhain, agus áiríodh é i liosta na ndeich bpas a bhfuil an tionchar is lú ag srianta víosa ar a gcuid saoránach. Tugadh isteach leabhrán pas gradamúil nua in 2013, ina gcuimsítear gnéithe slándála a thugann cosaint níos fearr i gcoinne na calaoise. Trí na gnéithe sin, cuirtear le sábháilteacht na saoránach agus iad ag taisteal agus fágtar é níos éasca acu dul trí ionaid rialaithe inimirce thar lear.

Mar sin féin, tá gá le clár infheistíochta leanúnaí agus feabhas leanúnach ar an bpróiseas chun cur i gcoinne bagairtí ar sofaisticiúla i gcónaí iad ar an tseirbhís agus chun baol calaoise pas a mhaolú. Chun dul i ngleic leis an dúshlán sin, beidh gá le hiarracht agus infheistíocht leanúnach sna blianta atá romhainn, agus méadú ar an éifeachtúlacht ina mbonn taca acu.

Ba chóir go ndíreofaí sa chéad chéim eile d'fheabhsuithe ar fheabhas a chur ar na gnéithe cosanta i bpróiseas na bpasanna, agus aird ar an riachtanas maidir le feabhas a chur ar an tseirbhís do na saoránaigh ar custaiméirí iad, an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí a laghdú agus freagairt do líon méadaitheach na gceisteanna teileafóin.

I gcomhréir le tiomantas an Rialtas ríomhsheirbhísí a sholáthar do shaoránaigh, ba chóir níos mó seirbhísí consalachta, seirbhísí pas agus seirbhísí saoránachta a sholáthar ar líne de réir a chéile. Na hiarratais uile ar Chlárú Breithe Eachtraí agus ar litreacha saoirse, a éilíonn roinnt tíortha nuair a bhíonn saoránaigh de chuid na hÉireann ag pósadh thar lear, cuirtear isteach ar líne anois iad. Bhunaíomar clár nua ar líne do na doiciméid go léir arna bhfíordheimhniú go hoifigiúil (Apastail), rud a fhágann go bhfuil an próiseas fíordheimhnithe atá againn i gcomhréir leis an dea-chleachtas.

I mbeagán focal, ní mór dúinn a bheith níos solúbtha maidir le conas a dhéanaimid tacaíocht agus cúnamh a dhearadh agus a sholáthar d'Éireannaigh atá ag taisteal, ag cur fúthu agus ag obair thar lear, agus dóibh siúd atá ag filleadh ar Éirinn chun cur fúthu agus bheith ag obair.

**@PassportIrl**



*An tAire Deenihan le daoine den Phobal Gael-Mheiriceánach ag Leacht Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir in Philadelphia © Tom Keenan*

# Ag Ceangal le Teaghlach Domhanda na hÉireann

Acmhainn is ea teaghlach domhanda na hÉireann a mbaineann tairbhe dosháraithe léi. Cuireann na hÉireannaigh thar lear le gach gné de shaol na hÉireann, idir chultúr agus an tsochaí, an pháirc imeartha agus an seomra boird. Trína n-anáil ar na tíortha ina bhfuil cónaí orthu, cuirtear le raon tionchair na hÉireann agus cuirtear gné uathúil leis an gcaidreamh atá againn leis na tíortha sin.

Próiseas débhealaigh is ea an rannpháirtíocht leis na hÉireannaigh thar lear, trína léirítear spéiseanna agus riachtanais éagsúla na nÉireannach thar lear, agus trína n-osclaítear línte cumarsáide agus nascachta atá chun leasa na hÉireann agus na nÉireannach thar lear araon. Ag breathnú air ón taobh amuigh, baineann sé le cur le saibhreas na hÉireann ó thaobh na gné sóisialta, ghné an chultúir agus ghné na hintleachta, mar aon le gné an gheilleagair. Ag breathnú amach uainn, baineann sé le leas a bhaint as tionchar náisiún na hÉireann, tionchar suntasach a imrímid de bharr na hinimirce le 200 bliain anuas.

Tríd an Líonra Éireannach Domhanda, ar cuireadh tús leis in 2009, tá fóram ar fáil chun plé a dhéanamh




*Foireann na Seapáine ag Cluichí Gaelacha na hÁise, Kuala Lumpur, 2014.*



*Daoine ar bronnadh Gradam Seirbhíse Dearscna an Uachtaráin 2013 orthu*

ar thionscnaimh shamhlaíocha, mhórthionchair chun na naisc ar fud an diaspóra a neartú.

Agus é ag tógáil ar an obair atá déanta ag an Uachtarán Mhic Ghiolla Íosa agus an Uachtarán Mhic Róibín, tá ról ceannasach glactha chuige féin ag an Uachtarán Ó hUigínn maidir le lámh a shíneadh amach go dtí pobail inimirceach agus naisc a threisiú ar an leibhéal is airde.

Trí thabhairt isteach an Ghradaim Seirbhíse Dearscna de chuid an Uachtaráin d'Éireannaigh Thar Lear, aithnítear an méid mór atá á bhaint amach ag Éireannaigh thar lear. Trí Theastas um Oidhreacht Éireannach, tugtar aitheantas oifigiúil anois do shliocht na nglún saoránach Éireannach a d'imigh romhainn.

Ceapadh Jimmy Deenihan TD mar an chéad Aire tiomnaithe do Ghnóthaí Diaspóra in 2014, ceapachán lena léirítear an tiomantas do rannpháirtíocht níos mó a bheith ag an Rialtas le lucht an diaspóra.

Tá pobail Éireannacha, sa bhaile agus thar lear, amuigh chun tosaigh maidir lena gcuid líonraí féin a thógáil ar fud an diaspóra, le cuidiú ó thionscnaimh ar nós Tóstal Éireann in 2013 agus *Ireland Reaching Out*.

**Éilíonn líon measta**
**70**
**milliún duine ar fud an domhain gur de bhunadh na hÉireann iad, agus is sna Stáit Aontaithe atá leath na ndaoine sin**



## Mo Phost:

**Ralph Victory**
*Oifigeach Preasa agus Inimirce, Ambasáid na hÉireann i Washington*

*Tosaíochtaí móra de chuid an Rialtais is ea athchóiriú ar chúrsaí inimirce SAM lena n-áireofar faoiseamh i leith na nÉireannach nach bhfuil cáipéisí inimirce acu agus bealaí feabhsaithe chun imirce dhleathach a bheith ar bun amach anseo idir Éire agus Meiriceá, agus is ar na réimsí sin a bhí mo phost dírithe ó tháinig mé go Washington in 2011. Bhí mé i mbun líonrú fairsing agus cothú caidrimh le príomhoifigigh na Comhdhála agus príomhoifigigh Riaracháin agus d'oibrigh mé go dlúth le pobal níos leithne na nGael-Mheiriceánach, go háirithe chun tacú le for-rochtain ardleibhéil ag an Taoiseach, an Tánaiste, toscaireachtaí an Oireachtais agus ag an Ambasadóir.*

*Ceist dhúshlánach is ea athchóiriú na hinimirce ach ba mhór agam a bheith ag obair chun cabhrú leis na hÉireannaigh nach bhfuil cáipéisí inimirce acu agus chun feabhas a chur ar na naisc idir Éire agus SAM amach anseo trí shocruithe feabhsaithe i leith na hinimirce.*



*Seoladh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE 2013 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath*

Ní mór leanúint leis an athrú atá á dhéanamh ar an tslí ina mbeidh an Rialtas ag idirghníomhú le hÉireannaigh thar lear agus ar na struchtúir atá ar fáil chun an caidreamh tábhachtach sin a bhainistiú, i gcomhréir le riachtanais an diaspóra sin atá de shíor ag athrú.

Tríd an gcomhairliúchán poiblí ar bheartas diaspóra na hÉireann, cuideofar forbairt an bheartais a threorú. Tugadh freagraí éagsúla ar an gcomhairliúchán, ach tá dhá théama shoiléire le sonrú orthu. Sa chéad áit, is mian leis na hÉireannaigh thar lear go mbeidís le cloisteáil sa bhaile. Sa dara háit, is mian leo an ceangal le hÉirinn a choinneáil beo, agus ceapann siad go bhfuil ról ag an Rialtas ina leith sin.

Tá sé molta ag an Tionól Bunreachtúil go dtabharfaí cearta vótála i dtoghcháin na hUachtaránachta do shaoránaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Stát. Tá an moladh sin á scrúdú faoi láthair.

Mar gheall ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht, is indéanta agus is riachtanaí an rud anois ná riamh é dlúthnaisc leanúnacha le daoine i bhfad i gcéin a éascú agus a chothú. Níl an deis sin tapaithe go hiomlán fós.

Trí chlár an chomórtha, tá an deis láithreach againn a bheith ag obair as lámha a chéile agus suntas a dhéanamh den ról a d'imir na hÉireannaigh thar lear agus muid ag streachailt ar son na saoirse agus i bpróiseas an athmhuintearais náisiúnta, le himeachtaí beartaithe i lárionaid éagsúla.

Ba chóir tuilleadh fós a dhéanamh chun forbairt a dhéanamh ar na naisc idir an diaspóra agus pobail áitiúla in Éirinn, ag tógáil ar an rath a bhí ar Thóstal Éireann.

Tá iarrachtaí leanúnacha de dhíth chun Éireannaigh an tríú agus an ceathrú glúin a spreagadh chun an tuiscint atá acu ar a n-oidhreacht a choinneáil beo.

Tá ár gcuid saoránach nua mar a bheadh droichead ann idir Éire agus a dtíortha tionscnaimh. Tá sé beartaithe ag cuid mhaith acu saoránacht Éireannach a bhaint amach, agus na buanna, an fuinneamh agus an taithí atá acu a chur ag obair i saol ár náisiúin.

Tá níos mó agus níos mó daoine a chaith seal ag cónaí, i mbun staidéir agus i mbun oibre in Éirinn agus a d'fhill abhaile ina dhiaidh sin, agus is nasc luachmhar iad idir Éire agus a dtíortha féin.

Mar gheall ar an domhandú a bheith faoi lán seoil, cuirtear ár ndúshlán chun smaoineamh as an nua ar cad is Teaghlach Domhanda na hÉireann ann. Chomh maith le heisimircigh agus a sleachta, tá daoine ann nach Éireannaigh iad ó dhúchas nó trína sinsear, ach a bhfuil bá acu le hÉirinn, bíodh an bhá sin mar gheall ar thráth a chaith siad anseo ag obair nó ag staidéar, tríd an turasóireacht nó trí theagmháil leis na hÉireannaigh thar lear, nó trí mhealltacht chultúr na hÉireann.

Ba chóir an rannpháirtíocht leis na líonraí bá sin a threisiú.

# Comhroinnt ár gCultúir

I measc na samplaí is fearr den bhá, tá siadsan a chruthaítear tríd an gcultúr agus an spórt.

Feidhmíonn na healaíona, an cultúr agus na hearnálacha cruthaitheacha in Éirinn mar chrann taca dinimiciúil, méadaitheach dár ngeilleagar, trína bhfostaítear thart ar 170,000 duine. Tá an cultúr Gaelach ina chultúr coiteann domhanda, agus aithníonn daoine an cultúr sin agus leanann siad é cé go bhféadfadh nach bhfuil nasc ar bith eile acu le hÉirinn. Ár gceol; ár gcuid litríochta; camchuairteanna de chuid compántas téatair agus damhsa Éireannach; cláir theilifíse nó cláir bheochana atá léirithe nó suite in Éirinn; ár bhféilte idirnáisiúnta; agus na héachtaí a bhaineann lucht spóirt na hÉireann amach, idir fhir agus mhná; cuireann siad Éire i láthair os comhair lucht féachana domhanda, ag cur tús le comhráite agus caidrimh ar féidir leo cur leis an iomrá atá orainn, an cairdeas a dhaingniú agus tacú le poist, leis an trádáil, leis an turasóireacht agus leis an infheistíocht.

Oibríonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i ndlúthpháirt le Cultúr Éireann chun ealaíona na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain, agus iad ag tacú le healaíontóirí agus compántais Éireannacha maidir lena gcuid saothar a chur i láthair thar lear. Tá ról tábhachtach ag ár gcuid scoileanna, coláistí agus ollscoileanna freisin maidir lenár rannpháirtíocht chultúrtha thar lear.

Tá an cháil orainn mar náisiún gur díograiseoirí spóirt muid, agus cuirtear an fháilte chéanna roimh lucht leanúna spóirt na hÉireann thar lear is a chuirtear roimh na héachtaí a dhéanaimid ar an bpáirc imeartha, ar an raon agus san fhaiche. Tá lucht féachana idirnáisiúnta bainte amach



*An grúpa ceoil Éireannaigh Anúna agus iad ar camchuairt i gCríoch Lochlann*

ag na cluichí Gaelacha, agus bíonn breis is 400 cumann CLG thar lear ag spreagadh feasachta ar Éirinn agus ag cothú caidrimh ar fud na cruinne trí thionscnaimh cosúil le Cluichí Gaelacha na hÁise. Cuireann an CLG líonra luachmhar sóisialta agus tacaíochta ar fáil freisin don a lán de mhuintir na hÉireann a bhfuil cónaí orthu thar lear nó atá ag obair thar lear.

Tacaíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le cláir Léinn Éireannaigh in ollscoileanna ar fud an domhain, agus tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag tacú le cúrsaí Gaeilge a fhorbairt in institiúidí tríú leibhéal thar lear. Tá cláir sa Léann Éireannach, sa Léann Ceilteach agus sa Ghaeilge á gcur ar fáil ag institiúidí tríú leibhéal i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip agus níos faide ó bhaile. Trí *Global Gaeilge*, tá Foras na Gaeilge agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag tacú leis na daoine ar fud an domhain a bhfuil suim acu sa Ghaeilge.

Tá buanna follasacha ag Éirinn agus cáil idirnáisiúnta uirthi maidir leis an dearthóireacht agus an gcruthaitheacht, amhail i réimsí an fhaisin, na meán, agus na cluichíochta. Sa tréimhse díreach romhainn amach, beidh líonra na n-ambasáidí ag obair i ndlúthpháirt le Cultúr Éireann agus leis an gComhairle Ealaíon agus Dearthóireachta chun imeachtaí amhail Yeats 2015 agus Bliain Dearthóireachta na hÉireann 2015 a chur ar a súile do luchtanna féachana ar fud an domhain. Tá ambasáidí agus consalachtaí na hÉireann ag cuidiú agus ag tacú le gné bheoga idirnáisiúnta a thabhairt do Dheich mBliana na gCuimhneachán, lena n-áirítear féile cultúir Éireannaigh ag Lárionad Kennedy i Washington in 2016, dar teideal *Proclaiming Ireland*.

Trí bhíthin na taidhleoireachta cultúrtha, is cinnte go neartófar an caidreamh atá cothaithe againn lenár bpobail diaspóra agus na comhpháirtíochtaí atá againn ar fud na cruinne.



## Staidéar Cáis Bliain Nua na Síneach, Béising

**Bhí Éire ina 'Tír Onóra' ag Carnabhal Idirnáisiúnta Earraigh Chaoyang i mBéising i mí Feabhra 2013. D'fhreastail 380,000 duine ar an bhféile, atá ina buaicphointe de chuid cheiliúradh Bhéising ar Bhliain Nua na Síneach.**

**Is í an ambasáid i mBéising a d'eagraigh an fhéile, agus deis den scoth a bhí inti cur le hiomrá na hÉireann i bpríomhchathair na Síne. Cuireadh i láthair ceithre léiriúchán chultúrtha Éireannacha in aghaidh an lae, agus bhí brandáil láidir Éireannach le feiceáil. D'éirigh leis an ambasáid clúdach nach beag na meán cumarsáide ar Éirinn a bhaint amach ar an teilifís, i gcló agus ar líne.**

# Ár gCuid Luachanna



*Lucht síochánaíochta na hÉireann ag imeacht pobail in Tibnin na Liobáine. Grianghraf: Pasqual Gorriz / UN Photo*

Leagtar amach in Airteagal 29 den Bhunreacht na prionsabail lena dtreoraítear stiúradh na hÉireann ar a cuid caidrimh idirnáisiúnta: gur mian léi síochán agus comhar, de réir an chothroim idirnáisiúnta agus na moráltachta idirnáisiúnta, a bheith ar bun idir náisiúin an domhain; gur mian léi go ndéanfaí gach achrann idir náisiúin a réiteach go síochánta le headráin idirnáisiúnta nó le cinneadh breithiúnach; bunrialacha gnáthadmhaithe an dlí idirnáisiúnta le bheith ina dtreoir d'Éirinn ina caidreamh le Stáit eile.

Tá ár mbeartas eachtrach bunaithe go daingean ar na luachanna atá leagtha amach inár mBunreacht. Léirítear iadsan freisin i gCairt na Náisiún Aontaithe, sa Dearbhú Uilechoitinn um Chearta an Duine agus sna prionsabail atá ina mbonn taca ag an Aontas Eorpach.

Tá na luachanna sin ag teacht faoi bhrú. Tá gníomhaithe nua tagtha chun cinn, a bhfuil físeanna malartacha acu i leith na sochaí. Tá institiúidí domhanda ag streachailt chun freagairt do choinbhleachtaí agus do ghéarchéimeanna daonnúla sa Libia, sa tSiria, sa Mheánoirthear agus san Úcráin; don bhrú a bhaineann le geilleagar domhanda idirspleách; agus don bhochtaineacht agus an tearcfhorbairt. Ní ann fós d'aon chomhdhearcadh faoi conas déileáil le roinnt bagairtí nua agus bagairtí atá ag teacht chun cinn, amhail an chibearshlándáil, agus tá an réimeas um neamhleathadh arm núicléach faoi bhrú freisin.

Toisc gur tír bheag muid a bhfuil geilleagar oscailte aici i ndomhan atá seasta ag éirí níos idirnasctha agus níos neamhchinnte, is chun ár leasa é tacú le níos mó síochána, slándála agus forbartha.

Déantar ár gcumas chun an domhan a mhúnlú de réir ár gcuid luachanna a shainiú trínár mballraíocht san Aontas Eorpach, ár rannpháirtíocht sna Náisiúin Aontaithe, agus ár gcomhpháirtíochtaí le tíortha agus gníomhaithe eile atá ar aon intinn linn.

Tá na **Náisiúin Aontaithe** tar éis bheith mar bhunchloch faoinár rannpháirtíocht dhomhanda ó 1955 i leith. Is ionann na prionsabail agus na luachanna atá coisricthe i gcairt na Náisiún Aontaithe agus iadsan a rabhamar ariamh ag iarraidh a chur chun cinn agus a chosaint, agus téimid i mbun rannpháirtíochta thar ghníomhaíochtaí uile na Náisiún Aontaithe agus ár gcuid spriocanna á saothrú againn. Thacaíomar go tréan le córas iltaobhach na comhslándála arna léiriú ag na Náisiúin Aontaithe agus le príomhról na Comhairle Slándála maidir leis an tsíochái agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothú.

Tá Éire ar cheann de lucht tacaíochta is láidre agus is mó comhsheasmhachta thrí cholún obair na Náisiún Aontaithe: síochán agus slándáil idirnáisiúnta, an fhorbairt agus cearta an duine, agus í tar éis fónamh a dhéanamh trí huaire mar bhall neamhbhuan den Chomhairle Slándála agus ceannaireacht láidir, ar bhonn prionsabail, a sholáthar ar shaincheisteanna amhail an dí-armáil, cearta an duine, forbairt, agus an iarracht síochán a bhaint amach sa Mheánoirthear.

## Ár Sainbheartais Eachtracha




Cur in aghaidh na **Bochtaineachta agus an Ocrais**

**Cearta an Duine** a Chur chun Cinn

**An Dí-armáil** a Chur chun Cinn

Tiomantas do **Shíochánaíocht na NA**

Comhroinnt a dhéanamh ar an taithí atá againn ar an **tsíocháin agus an athmhuintearas** ar oileán na hÉireann

# Domhan atá Daingean

Ina cáil mar an institiúid ar a bhfuil an bhunfhreagracht maidir le síochain agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád, ní mór don **Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe** a bheith inniúil chun freagra níos éifeachtaí a thabhairt ar an réimse athraitheach bagairtí slándála de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn, ar bhealach lena n-éilítear meas agus comhthoil leathan agus lena n-aithnítear fírinne nua na gcor a bheidh le sárú againn.

Tá Éire amach chun tosaigh maidir le hiarrachtaí feabhas a chur ar mhodhanna oibre na Comhairle, agus táimid i bhfabhar Comhairle níos ionadaíche, lena ndéantar léiriú níos fearr ar chothromaíocht, daonra agus ualach geilleagrach réigiúnach, ach ceart na mball níos lú de na Náisiúin Aontaithe freastal ag eatraimh mhinice á choimeád.

Tá meas forleathan orainn ag na Náisiúin Aontaithe mar bhall gníomhach, atá cuiditheach agus neamhspleách. Ag teacht lenár dtiomantas don cheannaireacht a chur ar fáil, **beimid ag féachaint go dtoghfaí Éire ina ball den Chomhairle Slándála arís don tréimhse 2021-22**.

I gcomhréir leis an gcur chuige sin, thug Éire go dáiríre faoina cuid oibleagáidí faoi Chairt na Náisiún Aontaithe maidir le fórsaí armtha, cúnamh agus saoráidí a chur ar fáil don Chomhairle Slándála d'fhonn cuidiú le cothú na síochána agus na slándála idirnáisiúnta.

Le breis is caoga bliain anuas, ghlac fir agus mná Éireannacha páirt go leanúnach agus go gradamúil i **misin síochánaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe** san Eoraip, san Áise, san Afraic, i Meiriceá Láir agus sa Mheánoirthear. Ó cuireadh



*Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe*

amach ar mhisean iad den chéad uair i 1958, tá seisear ball agus ochtó d'Óglaigh na hÉireann tar éis iad féin a chailleadh agus iad ar fónamh i misin síochánaíochta.

Tá an ról atá againn sa tsíochánaíocht tar éis dul in oiriúint d'athruithe sa timpeallacht slándála idirnáisiúnta agus ní mór go leanfaí ar aghaidh leis an oiriúnú sin. Tá formhór lucht na síochánaíochta dár gcuid ar mhisin sa Mheánoirthear. Bíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Cosanta chun a chinntiú go mbeidh an cur chuige atá againn i leith na síochána agus na slándála idirnáisiúnta éifeachtach i gcónaí agus go mbeidh ar a chumas freagairt don timpeallacht slándála idirnáisiúnta, a bhíonn de shíor ag athrú.

Le blianta beaga anuas, ceann de na hathruithe is suntasaí atá tagtha ar iarrachtaí na Náisiún Aontaithe an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil is ea sainordú a bheith tugtha ag na Náisiúin Aontaithe d'eagraíochtaí réigiúnacha, amhail an AE, Aontas na hAfraice agus NATO, chun oibríochtaí a bhainistiú thar a gceann agus faoina n-údarás. Tá iarrtha ag Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar an AE agus eagraíochtaí eile ról níos mó a imirt maidir le freastal ar an éileamh ar an tsíochánaíocht, éileamh atá ag dul i méid.

Tá Éire i bhfabhar cion mór a bheith á dhéanamh ag an AE maidir le hobair shíochánaíochta na Náisiún Aontaithe. Trí **Chomhbheartas Slándála agus Cosanta** (CBSC) an AE, cuirtear an cumas oibríochtúil ar fáil chun tabhairt faoi oibríochtaí bainistíochta géarchéime lasmuigh den Aontas i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Tá an CBSC dírithe ar dhúshláin sheachtracha na síochánaíochta, coiscthe coinbhleachtaí agus neartaithe na slándála idirnáisiúnta, agus ní thugtar aghaidh faoin mbeartas sin ar chosaint chríche. Trí Chonradh Liospóin, coinníodh an bonn faoin tiomantas nach mbeadh tionchar ag forbairt bheartas an AE sa réimse seo ar ár mbeartas traidisiúnta neodrachta míleata nó nach ndéanfaí dochar dó. **Tá ár mbeartas i leith na neodrachta míleata fós ina bhunghné de bheartas eachtrach na hÉireann**.

Tá breis is tríocha oibríocht sibhialta agus míleata curtha ar bun ag an AE ón tráth a bunaíodh an chéad mhisean póilíneachta dá chuid i mBoisnia-Heirseagaivéine in 2002, agus a bhformhór údaraithe nó formhuinithe



*An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Cathal Ó Flannagáin T.D, le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki-moon, ag na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac*


ag na Náisiúin Aontaithe, toisc go bhfuil ar chumas an AE imscaradh níos tapúla a dhéanamh agus acmhainní a sholáthar nach bhfuil fáil ag na Náisiúin Aontaithe orthu. Áirítear leis na misin sin oibríochtaí míleata idirlinne i Sead agus i bPoblacht na hAfraice Láir, agus misin oiliúna i Mailí agus sa tSomáil. Mar fhreagairt don éileamh níos mó ar thacaíocht ón AE, tá leathnú tagtha ar an raon cúraimí a mbíonn na misin CBSC ag gabháil dóibh, agus airítear leo an dí-armáil, gníomhaíochtaí daonnúla agus tarrthála, comhairle mhíleata agus cúnamh míleata, agus coinbhleachtaí a chosc, chomh maith le déanamh síochána agus cobhsú iarchoinbhleachta.

Is mór againn an pháirt a ghlacann Óglaigh na hÉireann sna misin sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha atá againn, agus áireofar an obair sin fós ar phríomhchuid de bheartas eachtrach na hÉireann. Trí rannpháirtíocht na hÉireann i gComhpháirtíocht na Síochána, agus trínár gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, tacaítear le forbairt a dhéanamh ar chumais Óglaigh na hÉireann agus feabhsaítear an cumas idir-inoibritheacht, rudaí a bhfuil gá leo maidir lenár rannpháirtíocht éifeachtach in oibríochtaí síochánaíochta.

Oibríochtaí sibhialta a bhí i gceist le dhá thrian d'oibríochtaí an AE maidir le tacaíocht don tsíocháin, agus thugadar faoi chúraimí amhail tacú agus athchóiriú póilíneachta, monatóireacht ar shosanna comhraic, chomh maith le hoiliúint agus comhairle maidir leis an smacht reachta, athchóiriú ar earnáil na slándála, tógáil acmhainní muirí agus cúnamh ag na teorainneacha. Cuireann Éire baill den Gharda Síochána agus saineolaithe sibhialta chuig na misin sin, agus cuidíonn sí lena chinntiú go mbeidh cearta an duine, an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus feasacht inscne ina gcuid d'ullmhú agus feidhmiú misean faoin CBSC.

Measann Éire go bhfuil an comhar idir an AE agus na Náisiúin Aontaithe i réimse na bainistíochta géarchéime ina uirlis thábhachtach i dtaobh neartú a dhéanamh ar an iltaobhachas éifeachtach, trí chur ar a gcumas don dá eagraíocht a bheith ag obair as lámha a chéile chun freagairt níos éifeachtaí a thabhairt i gcás géarchéime.


## Ag Cur Luachanna na hÉireann chun Cinn



## LUACHANNA NA hÉIREANN A CHUR CHUN CINN THAR LEAR

- Toisc go bhfuil Éire i measc na dtíortha is domhandaithe, tá ár rathúnas ag brath ar thimpeallacht idirnáisiúnta atá cobhsaí agus slán;
- Cuireann an leathadh arm le coinbhleachtaí agus le sáruithe ar chearta an duine, agus cuireann sé bac ar an bhforbairt;
- Ní mór leanúint ar aghaidh le hiarrachtaí fáil réidh leis na hairm núicléacha ar domhan;
- De réir mar a chaitear cuid níos mó dár saol laethúil ar líne, teastaíonn gníomh idirnáisiúnta chun an cibearspás a choinneáil oscailte, saor agus slán agus chun bonn láidir a chur faoin áit atá ag Éirinn i lár an gheilleagair dhigitigh;
- Is féidir le hÉirinn cion ar leith a dhéanamh ar son iarrachtaí réitigh coinbhleachta ar bhonn idirnáisiúnta trí tharraingt ar an stair agus an taithí atá againn féin.

- Is uilechoiteann iad cearta an duine; tá gach duine cothrom. Mar sin féin, tá an iomarca daoine ann a ndéantar sárú ar a gcearta agus a saoirsí;
- Tá lánteachtadh chearta an duine agus saoirsí bunúsacha ríthábhachtach ionas gur féidir an fhorbairt, an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn;
- Má bhíonn an tsochaí shibhialta láidir, neamhspleách agus uilechuimsitheach, tugann sí cumas do phobail, cuireann sí leis an dea-rialachas, agus tugann sí guth dóibh siúd atá gan cumhacht;
- Tá tacaíocht láidir, leanúnach uainne de dhíth ar na hinstitiúidí idirnáisiúnta um chearta an duine chun uilíocht chearta an duine a chosaint;
- Mar gheall ar an gcáil atá ar Éirinn mar ghníomhaí neamhchlaon um chearta an duine, is láidir an guth atá againn chun athrú dearfach a bhaint amach.




- Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ó thaobh na dianbhochtaineachta a laghdú, bíonn ar 1.2 billiún duine maireachtáil ar níos lú ná €1 in aghaidh an lae;
- Tairgeann an domhan níos mó bia ná mar a theastaíonn uaidh, ach mar sin féin bíonn ocras ainsealach ar dhuine as gach ochtar;
- Tá an tearc-chothú ar an gcúis bhunúsach is mó báis i gcás leanaí faoi chúig bliana d'aois, agus is cuid den chúis é le 45% de bhásanna linbh, thart ar 8,000 bás in aghaidh an lae;
- Bheadh deireadh leis an dianbhochtaineacht agus leis an dianocras laistigh de ghlúin amháin ach na beartais chearta agus an tiomantas ceart a bheith againn;
- Tríd an rannpháirtíocht ar bhonn prionsabail a bhíonn againn ar mhaithe le domhan níos cothroime, déantar difríocht cheart do shaol daoine.

- Tá soláthar inbhuanaithe bia, uisce agus acmhainní nádúrtha eile ríthábhachtach do shláinte an duine, don fhorbairt agus do laghdú na bochtaineachta;
- Le fás faoin daonra romhainn thar an 40 bliain atá le teacht, cuirfear brú ar an gcomhshaol domhanda agus ar shlándáil bhia;
- Tá an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil i dtíortha i mbéal forbartha ag brú níos mó daoine i dtreo na bochtaineachta;
- Tá tubaistí daonnúla níos mó agus níos minice ag dul i bhfeidhm ar níos mó daoine, agus tá méadú faoi chúig tagtha ar líon na dtubaistí nádúrtha ó na 1970í i leith;
- Tá Éire faoi réir tionchar saincheisteanna domhanda amhail an t-athrú aeráide agus an tslándáil fuinnimh chomh maith.

## Ag Freagairt do Thimpeallacht Slándála atá ag Athrú

Tá raon dúshlán don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta le sárú againn, cinn ar fairsinge ina raon agus ar tromchúisí iad ná beagnach dúshlán ar bith a bhí le sárú againn le tamall maith de bhlianta anuas.

Is ann do bhreis is 110,000 de **lucht síochánaíochta na Náisiún Aontaithe** anois, líon atá méadaithe faoi naoi ó 1999 i leith, agus iad ag feidhmiú i gcúinsí ar deacra agus ar neamh-intuartha i gcónaí iad. Tá tionchar diúltach á imirt ag coinbhleachtaí idir gníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamh-stáit, amhail sa tSiria, ar mhisin na Náisiún Aontaithe agus ar an gcumas atá ag fórsaí síochánaíochta na Náisiún Aontaithe a sainordú a chomhlíonadh.

Leanfaidh Éire ar aghaidh ag glacadh páirte go dúthrachtach in **oibríochtaí síochánaíochta** na Náisiún Aontaithe agus i gcinn arna sainordú ag na Náisiúin Aontaithe, agus beidh sí páirteach i bhforbairt beartais agus struchtúir na Náisiún Aontaithe chun comhlíonadh níos éifeachtaí a dhéanamh ar a gclár síochána agus slándála, lena n-áirítear Athbhreithniú na Náisiún Aontaithe ar Oibríochtaí Síochána in 2015.

Beimid ag tarraingt ar an taithí atá againn féin ar an tsíochánaíocht chun oiliúint a chur ar fáil do roinnt tíortha comhpháirtíochta san Afraic chun cur lena gcumas cion láidir, inbhuanaithe a dhéanamh maidir le misin síochánaíochta na Náisiún Aontaithe.

Beimid ag tacú le cur chun feidhme chlár oibre um Mná, Síocháin agus Slándáil na Comhairle Slándála, agus go háirithe i ndáil le páirt a bheith ag mná i gcothú na síochána, agus in iarrachtaí cur in aghaidh an fhoréigin inscne.



*An tAire Frank Aiken agus an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach á shíniú aige i Moscó, Iúil 1968. UCD*

Ón obair a rinneamar ag na Náisiúin Aontaithe sna 1950í, a raibh an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach ina thoradh uirthi i 1968, go dtí an obair atá déanta againn tráth níos gaire den lá inniu inár gceannródaithe maidir leis na forbairtí lena sainaithnítear iarmhairt dhaonnúil mí-úsáide gnáth-arm, tá ról ceannaireachta imeartha againn in iarrachtaí an **dí-armáil, neamhleathadh arm núicléach agus rialú arm nua** a chur chun cinn.

Bhí sé ina sprioc shuntasach lenár mbeartas eachtrach iarracht a dhéanamh domhan a bhaint amach atá saor ó bhagairt na n-arm núicléach. Bhí ról tábhachtach againn maidir le glacadh Chlár Gnímh na Náisiún Aontaithe ar Mhionairm agus Airm Éadroma agus le glacadh an Choinbhinsiúin um Mianaigh Talún Frithphearsanra a Chosc. Glacadh an Coinbhinsiún maidir le Cnuas-Mhuinisin ag comhdháil taidhleoireachta faoi chathaoirleacht na hÉireann a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath in 2008. Bhíomar i measc na gcéad tíortha a shínigh agus a dhaingnigh an Conradh Trádála Arm in 2013.

Tá an **réimeas idirnáisiúnta um rialú arm** faoi bhrú. Tá an caiteachas ar airm á mhéadú go tapa i roinnt réigiún, go háirithe san Áise, agus tá a lán tíortha nach bhfuil páirteach sna comhaontuithe lena leagtar síos noirm dhomhanda maidir le mianaigh talún, cnuas-mhuinisin agus airm eile. Le húsáid arm ceimiceach sa tSiria, dírítear aird ar an mbaol atá ann go bhféadfadh gníomhaithe neamh-stáit na hairm sin a thabhairt faoina smacht. Níl an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach sínithe ag an India, ag an bPacastáin ná ag Iosrael agus is eol go forleathan go bhfuil cumas núicléach acu. Tá iarracht fhollasach déanta ag Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré airm a fhorbairt.

Leanfaimid leis an ról ceannaireachta atá againn i leith na dí-armála. Tá gá le hiarrachtaí as an nua chun an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chosaint agus a neartú agus an sprioc atá leagtha síos ann um an **dí-armáil núicléach** a shaothrú. Táimid ag obair le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn chun idirphlé a chothú ar na hiarmhairtí daonna a bheadh ag pléascadh núicléach, d'fhonn níos mó airde a dhíriú ar an tsaincheist sin. Tacaíonn Éire le hiarrachtaí arna dtreorú ag an AE chun comhaontú caibidlithe a bhaint amach maidir le huaillmhianta núicléacha na hIaráine, lena gcinnteofar nach ndéanfar airm núicléacha a fhorbairt.

Beidh níos mó iarrachtaí de dhíth chun cur chun cinn a dhéanamh ar uilíochas na gcoinbhinsiún maidir

le hairm cheimiceacha agus airm bhitheolaíocha agus chun tacú le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Cnuas-Mhuinisin agus an Chonartha Trádála Arm. Beimid ag obair chun neartú a dhéanamh ar na noirm dhaonnúla a bhaineann le hairm go ginearálta agus páirt a ghlacadh sa díospóireacht ar an gcéad ghlúin eile arm, uath-airm mharfacha.

**@DisarmamentIRL**




*An tAire Liam Cosgrave agus é i gceannas ar chéad thoscaireacht na hÉireann chuig Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac, Meán Fómhair 1956. Griangraf: An Chartlann Náisiúnta*

## Saincheisteanna Móra Réigiúnacha

Tá roinnt coinbhleachtaí réigiúnacha ar bun a bhfuil an baol ann go bhféadfaidís a bheith ina gcúis le neamhdhaingne ar domhan. Ar na cinn is suntasaí díobh sin, tá an tsraith coinbhleachtaí sa **Mheánoirthear.**

Tá tacaíocht leanúnach tugtha againn do réiteach dhá Stát de chionn caibidlíochta mar an t-aon bhonn cóir agus inbhuanaithe leis **an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín** a réiteach. Ní mór go léireofaí meas ar chearta gach páirtí i réiteach ar bith. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag an AE in iarrachtaí chun réiteach a fháil ar an gcoinbhleacht sin, ar a n-áirítear aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar réiteach an dá Stát, amhail méadú leanúnach ar lonnaíochtaí neamhdhleathacha sa Chríoch Phalaistíneach atá faoi Fhorghabháil. Táimid ag éileamh le fada an lá go gcuirfí deireadh leis an imshuí éagórach, fritorthúil ar Ghaza agus a phobal agus cuirimid cúnamh daonnúil ar fáil do dhídeanaithe Palaistíneacha, lena n-áirítear iadsan atá i nGaza. Táimid ag tacú freisin le hiarrachtaí na Palaistíne stát a chur ar bun.

Táimid ag saothrú na gcuspóirí sin ar thrí bhealach: thrí thionchar a imirt ar bhearta agus ar chinntí san AE, sna Náisiúin Aontaithe agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile; tríd an teagmháil dhíreach a bhíonn ag Airí agus ionadaithe taidhleoireachta dár gcuid féin le páirtithe sa réigiún; agus tríd an tacaíocht a thugaimid do ghníomhaíocht dhaonnúil agus d'fhaoiseamh daonnúil. Cuirtear an tacaíocht sin ar fáil den chuid is mó trí phríomhghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus trí phríomhcharthanais de chuid na hÉireann, agus airítear léi freisin tacaíocht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha de chuid Iosrael agus na Palaistíne atá ag obair ar an láthair ar shaincheisteanna ceartais agus chearta an duine.

Tá tionchar á imirt ag an gcoinbhleacht sa t**Siria** ar an réigiún níos leithne, as an n-eascraíonn an ghéarchéim dhaonnúil is mó le blianta anuas, agus, mar aon leis an éagobhsaíocht leanúnach san Iaráic, tá sí tar éis cur le fás gluaiseachtaí antoisceach bunchreidmheacha mar ISIS. Tá cúnamh daonnúil práinneach á chur ar fáil againn dóibh siúd a bhfuil an choinbhleacht sa tSiria ag goilleadh orthu.

Níos gaire den bhaile, dúshlán réigiúnach nua atá le sárú ag an Eoraip agus ag Éirinn is ea an teannas leis an **Rúis** atá tagtha chun cinn arís tar éis nascghabháil mhídhleathach na Crimé. Mínítear cur chuige na hÉireann ina leith sin sa chaibidil *Ár nIonad san Eoraip*.

Tá taithí uathúil ag Éirinn maidir le **cothú na síochána agus cur chun cinn an athmhuintearais** ar an oileán seo. Tríd an taithí atá againn a ghabháil agus a chomhroinnt, is amhlaidh is fearr a bheidh ar ár gcumas an tsíocháin a chosaint agus a chothú in Éirinn, agus féadfaimid an taithí sin a roinnt le daoine atá ag cothú na síochána in áiteanna eile, ina bhféadfadh an méid sin cuidiú leo. Is uathúil iad gach coinbhleacht agus gach próiseas síochána, ach tá an dúshlán céanna ag baint leo go léir: go bhfuil gá le tiomantas fadtéarmach chun an tsíocháin agus an t-athmhuintearas a chothú.

D'eagraíomar comhdháil ardleibhéil d'fhonn an taithí sin a chomhroinnt le linn ár gCathaoirleachta ar an ESCE in 2012. Thugamar cúnamh praiticiúil do lucht caibidlíochta Moldáiveach agus Tras-dnístriach agus do lucht a gcuid sochaí sibhialta. Chomhroinneamar ár dtaithí ar an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas le hoifigigh i bPoblacht na Cóiré agus thacaíomar le hobair den chineál céanna sna Balcáin Thiar, san Afganastáin agus sa Mheánoirthear. Pointe fócais tábhachtach arbh ea an réiteach coinbhleachta agus an idirghabháil le linn ár nUachtaránachta ar an AE in 2013.

Beidh sé tábhachtach tógáil ar an obair sin. Tá próiseas na síochána in Éirinn ar cheann de líon réasúnta beag samhlacha dearfacha i gcomhair

tíortha eile. Níor chóir a chumas maidir le spreagadh agus treoir a thabhairt do dhaoine eile a mheas faoina luach.

Tá an-tairbhe go deo bainte ag Éirinn as an **domhandú**, ach fágann an tionchar a imríonn sé go bhfuil Éire leochaileach ar bhealaí nua. Leis an méadú atá tagtha ar an taisteal ar fud an domhain, tá baol níos mó maidir le scaipeadh tapa ar bhagairtí don tsláinte phoiblí, cibé trí chineálacha nua fliú nó trí Ebola.

Mar gheall ar an idirnascthacht níos mó, is mó é an baol ón **Sceimhlitheoireacht Idirnáisiúnta**. Tá trodaithe tar éis dul go dtí criosanna coinbhleachta ar scála nach bhfacthas roimhe seo, agus cuidíonn líonraí éascaithe leis an taisteal agus seoltar cistí airgid tríothu. Cé go meastar gur beag é an baol d'Éirinn ón sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta, ní fhéadfar a mheas nach bhféadfadh sí dul i bhfeidhm orainn. Táimid ag obair lenár gcomhpháirtithe san AE agus ag na Náisiúin Aontaithe, le Comhairle na hEorpa agus leis an ECFE chun bearta a fhorbairt le cur in aghaidh na bagartha sin. Anseo sa bhaile, tá sé ina chuspóir ag clár rannpháirtíochta pobail an Gharda Síochána agus ag Oifigigh Theagmhála Eitneacha nach ndéanfar radacaithe de dhaoine óga agus nach mbeidh siad coimhthithe ón tsochaí ina hiomláine.

Bagairt dhomhanda is ea **an choireacht eagraithe agus an choireacht thromchúiseach** nach bhféadfadh aon tír a bheith ag súil dul i ngleic léi ina haonar. Táimid ag obair laistigh den AE agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun cuidiú le brath, cosc, imfhiosrú agus ionchúiseamh na ndaoine a bhfuil baint acu le gníomhaíocht choiriúil, lena n-áirítear iad siúd a ghlacann páirt sa choireacht eagraithe agus sa choireacht thromchúiseach.



*Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Cheannaireacht, Síocháin, agus Slite Beatha Inbhuanaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus sa Réigiún, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, 2014*

Cuidíonn an éagobhsaíocht dhomhanda agus an éagobhsaíocht réigiúnach le haicíd **na gáinneála ar dhaoine**. Tá bearta láidre reachtaíochta, riaracháin agus oibríochta curtha i bhfeidhm againn, lena n-áirítear cur chuige ilghníomhaireachta, chun cur in aghaidh na gáinneála ar dhaoine agus í a chosc. Táimid i bpáirtíocht sna hionstraimí de chuid na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa chun cur in aghaidh na bagartha sin, agus tá trasuíomh iomlán déanta againn ar an Treoir ón AE maidir le cosc a chur ar an ngáinneáil ar dhaoine, troid ina coinne, agus a cuid íobartach a chosaint.

Taobh leis an bhfás atá tagtha ar úsáid an idirlín, tá fás tagtha ar ionsaithe agus coireacht sa chibearspás ar cúis bhaoil iad do dhaoine aonair, do chuideachtaí agus dár mbonneagar. Toisc Éire a bheith ag teacht chun cinn i gcónaí mar mhol don gheilleagar digiteach domhanda, is leas náisiúnta é **an cibearspás a choinneáil oscailte, saor agus slán**. Chuige sin, tá gá le comhar idir rialtais, an tionscal TFC agus an tsochaí shibhialta chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna casta polaitiúla agus geilleagracha, teicneolaíochta agus slándála, dlí agus cearta daonna atá i gceist. Tá an dea-chleachtas i leith iompair sa chibearspás á mhúnlú i roinnt comhthéacsanna éagsúla, agus ba cheart dúinn a bheith gníomhach iontu ar fad – an AE, na Náisiúin Aontaithe, an ESCE, Comhairle na hEorpa agus Comhpháirtíocht na Síochána.

Ní fhéadfar idirdhealú a dhéanamh idir cearta ar líne agus cearta as líne. Le teacht chun cinn an idirlín, tá daoine ar fud an domhain in ann leas a bhaint as a gcearta daonna ar bhealaí nua, lena n-áirítear an ceart chun saoirse cainte agus an ceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais. Tá dúshláin nua cruthaithe dá bharr freisin, lena n-áirítear an ceart chun príobháideachta. Tá an t-idirlíon á úsáid ag roinnt rialtas chun srian a chur ar shaoirse a gcuid saoránach.

Is mar gheall ar ár gcuid rannpháirtíochta a bunaíodh an chéad tacar norm idirnáisiúnta a bhaineann le húsáid an chibearspáis, a ghlac an ESCE in 2013. Le linn ár nUachtaránachta ar an AE, rinneadh dul chun cinn maidir leis an gcibearshlándáil, cosaint sonraí agus inrochtaineacht gréasáin. Táimid inár mbaill bhunaidh den Chomhghuaillíocht um Shaoirse ar Líne agus bhíomar páirteach in ullmhú Threoirlínte an AE maidir le Saoirse Tuairimíochta ar Líne agus as Líne in 2014. Beidh foilsiú Straitéis Náisiúnta Chibearshlándála na hÉireann ina gharsprioc shuntasach ar an leibhéal náisiúnta.

# Domhan Cóir

Déantar cur chun cinn agus cosaint chearta an duine a chur in iúl trí Éirinn a bheith ag cloí go gníomhach le conarthaí bunúsacha idirnáisiúnta agus Eorpacha ar chearta an duine, sa tacaíocht láidir uainn maidir le neartú a dhéanamh ar an gcreat réigiúnach agus iltaobhach um chearta an duine, agus sa tacaíocht do bhunú na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

Tá Éire bródúil as an teist atá aici maidir le cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain.

Ba mhór an onóir dúinn é nuair a toghadh Máire Mhic Róibín, iar-Uachtarán na hÉireann, mar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine ó 1997-2002, agus tugaimid tacaíocht airgeadais agus tacaíocht pholaitiúil d'Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine.

Rinne Éire bunú **Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine** a éileamh go dian, agus bhí ról gníomhach aici in athbhreithnithe ina dhiaidh sin chun cur le héifeachtacht na Comhairle. Nuair a rinneamar a thoghadh inár mball den Chomhairle um Chearta an Duine in 2012, aitheantas a bhí ann ar an gclú atá orainn mar thathantóir ar son chearta an duine ar fud an domhain.

Glacaimid páirt sa ghrinnscrúdú ar theist bhaill na Náisiún Aontaithe ar chearta an duine tríd an **Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann**. Rinneadh athbhreithniú ar Éirinn in 2011, agus chuireamar isteach tuarascáil mheántéarmach dheonach in 2014 maidir le cur chun feidhme moltaí a rinne baill de na Náisiúin Aontaithe.

Tá tacaíocht tugtha againn maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar **chomhlachtaí monatóireachta**



*Buaileann an tUachtarán Ó hUigínn le Aung San Suu Kyi ag Áras an Uachtaráin i Meitheamh 2012*

**conartha** na Náisiún Aontaithe um chearta an duine, a dhéanann scrúdú ar Stáit agus a choinníonn cuntasach iad faoi choinbhinsiúin thábhachtacha ar chearta an duine lena n-áirítear an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Geilleagracha, Sóisialta agus Cultúrtha; mar aon le coinbhinsiúin ina ndéileáiltear le saincheisteanna amhail an cheastóireacht, idirdhealú i gcoinne ban, leithcheal ar bhonn cine, cearta an linbh, agus cearta daoine faoi mhíchumas.

Tá spreagadh tugtha ag Éirinn do thíortha eile chun Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine agus um Chomhionannas a bhunú agus a neartú, a mbíonn ról tábhachtach acu maidir le feabhas a chur ar chomhlíonadh caighdeán um chearta an duine. Le bunú Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus um Chomhionannas le déanaí, tá talamh úr briste maidir leis an gCoimisiún a bheith neamhspleách ar an rialtas ó thaobh a struchtúir, agus maidir le neart an tsainordaithe atá aige.

Tá ról againn san **obair a dhéanann an AE um chearta an duine**, trí idirphlé an AE um chearta an duine le tíortha nach bhfuil san AE agus trí straitéisí tíre an AE um chearta an duine. Rinneamar plé a thionscnamh ar conas is fearr is féidir cearta bunúsacha agus an smacht reachta a chosaint laistigh den AE féin.

Tugaimid aghaidh ar shaincheisteanna um chearta an duine sa chaidreamh atá againn le tíortha eile ar an leibhéal is sinsearaí sa rialtas, ar bhonn déthaobhach agus tríd an AE, agus roghnaímid an cur chuige is fearr ina leith sin. Ardaíonn líonra ár n-ambasáidí saincheisteanna ar an láthair. Tá béim níos mó ar chearta an duine agus ar an gcuntasacht inár dtíortha comhpháirtíochta anois mar gheall ar an gclár forbartha idirnáisiúnta dár gcuid.

Cuireann **an timpeallacht dhomhanda atá ag athrú dúshlán d'uilíocht chearta an duine agus cruthaíonn sí bagairtí ina leith,** agus tá na cearta céanna sin faoi bhrú mór sa lá inniu.

Tá an bonn á bhaint den fhorbairt de bharr na sáruithe ar chearta an duine. Tá deargshárú ar chearta an duine ar bun san Iaráic agus sa tSiria, agus in áiteanna eile. Táthar ag díriú ar mhionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha in a lán tíortha. Tá cearta ban agus cailíní faoi bhagairt, idir shéanadh an chirt chun oideachais, phósadh éigeantais agus chiorrú ball

giniúna ban. Is minic freisin a dhéantar leithcheal sa dlí nó sa chleachtas ar bhonn claonadh gnéasach nó féiniúlacht inscne. Cuireann roinnt gníomhaithe nua dúshlán dhlisteanacht chearta an duine, agus iad ag triail coinníollacht a bhunú idir an fhreagracht indibhidiúil agus oibleagáidí an stáit, nó oibleagáidí um chearta an duine a shárú trí thagairt do luachanna traidisiúnta nó luachanna cultúrtha.

Mar gheall ar na dúshláin sin, ní mór dúinn **athdhearbhú a dhéanamh ar an tiomantas atá againn d'uilíocht, dodhealaitheacht agus idirghaolmhaireacht chearta uile an duine,** don chuntasacht i leith sáruithe agus leatrom ar chearta an duine, agus do chosaint na ndaoine is leochailí agus is mó ar an imeall.

Tá ról ceannasach ag Éirinn maidir le haird a dhíriú ar chearta na ndaoine a ndéantar géarleanúint orthu as ucht cosaint cearta daoine eile – **Cosantóirí Chearta an Duine** – agus na cearta sin a chosaint. Bhaineamar amach glacadh Treoirlínte AE ar an tsaincheist sin in 2004, agus ardaímid cásanna aonair le tíortha bainteacha agus tugaimid tacaíocht i bhfóraim iltaobhacha. Tá feidhm ag an tacaíocht uainn maidir le daoine a bhíonn ag obair ar ghné ar bith de chearta an duine, lena n-áirítear saincheisteanna níos nuaí amhail mí-úsáid chorparáideach, an comhshaol agus an t-athrú aeráide. Tugaimid tacaíocht thréan do na Cosantóirí Túslíne de chuid na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe in Éirinn, a mbíonn obair ríthábhachtach ar bun acu chun cosantóirí chearta an duine ar fud an domhain a chosaint agus tacú leo.

Tá ról na **sochaí sibhialta** á laghdú agus á bhrú faoi chois in a lán tíortha de bharr srianta dlí, srianta riaracháin agus srianta eile nach iad. Bhíomar amuigh chun tosaigh maidir le rún de chuid na Comhairle um Chearta an Duine in 2013, inar tugadh aghaidh den chéad uair ar an tsaincheist sin mar ábhar cúraim a bhaineann le cearta an duine, agus ina n-éilítear ar stáit timpeallacht shábháilte cumasaithe a chruthú agus a chothabháil, faoin dlí agus i gcleachtas. Ó shin i leith, tá iarrtha againn ar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine moltaí a ullmhú maidir le timpeallacht shábháilte cumasaithe a chruthú agus a chothabháil don tsochaí shibhialta, agus leanfaimid ag aghaidh ag díriú ar an tsaincheist sin.

Faigheann 6.3 milliún leanbh faoi bhun cúig bliana d'aois bás gach bliain, a bhformhór de bharr cúiseanna inchoiscthe nó de bharr galar a d'fhéadfaí a leigheas. Sna patrúin um **Ráta báis Leanaí**, léirítear neamhionnanas suntasach, seasmhach idir tíortha agus laistigh de na tíortha sin, neamhionannas a bhfuil a bhunús sa bhochtaineacht, san eisiamh sóisialta, sa leithcheal, i noirm inscne agus san fhaillí a dhéantar ar chearta bunúsacha an duine. Tá Éire amuigh chun tosaigh maidir le cur chuige um chearta an duine a fhorbairt i leith na saincheiste ríthábhachtaí sin. Dhaingnigh Éire an 3ú Prótacal Roghnaitheach faoin gCoinbhinsiún um **Chearta an Linbh** in 2014. Dá bharr sin, tá rochtain ag leanaí na hÉireann ar Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a éisteann gearáin i leith sáruithe ar a gcearta.

Tá Éire tiomanta don **chomhionannas inscne** a chur chun cinn, agus bhí ról tábhachtach aici i mbunú Mná NA, foras na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn. Beimid ag seasamh i dtoghchán do Choimisiún na Náisiún Aontaithe faoi Stádas na mBan don téarma 2018-2022.

Táimid tiomanta do chur chun cinn cearta **daoine atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach agus idirinscneach (LGBTI)**, a mbíonn leibhéil dhíréireacha foréigin á bhfulaingt acu go fóill, agus a ndéantar leithcheal sistéamach orthu in a lán tíortha. Thacaíomar go láidir le hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ag an gComhairle um Chearta an Duine in 2014 agus in 2011, tráth a glacadh an chéad rún de chuid na Náisiún Aontaithe ar chlaonadh gnéasach agus ar fhéiniúlacht inscne, agus le linn ár nUachtaránachta ar an AE in 2013, nuair a glacadh treoirlínte AE ar chearta daoine LGBTI.

Tá tiomantas againn don t**saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin** a chur chun cinn, mar aon le cearta daoine ar de mhionlaigh reiligiúnacha iad, agus bhí ról tábhachtach againn maidir le glacadh treoirlínte AE ar shaoirse reiligiúin agus ar shaoirse creidimh in 2013.

Ceart bunúsach daonna nach mór é a chosaint is ea an **ceart chun oideachais,** i bhfianaise an róil atá ag an oideachas ardchaighdeáin maidir leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn agus cuidiú le daoine agus grúpaí ar an imeall.

Tá cumhacht agus tionchar níos mó agus níos mó ag an lucht gnó i leith chur chun feidhme chearta an duine. I b*Prionsabail Threorach na Náisiún Aontaithe faoin nGnó agus Cearta an Duine*, a glacadh in 2011, cruthaíodh creat ina bhfuil an príomhdhualgas ar rialtais cearta a chosaint, ina bhfuil freagracht ar chuideachtaí maidir le meas a léiriú ar chearta, agus ina gcaithfidh cuideachtaí agus rialtais araon a bheith ag obair chun leigheas a sholáthar nuair a dhéantar sáruithe ar na cearta sin. Tabharfaimid faoi phróiseas comhairliúcháin in 2015 chun ionchur a chur ar fáil do Phlean Náisiúnta ar an n**Gnó agus Cearta an Duine**.

Mar chuid den tiomantas atá againn **don chuntasacht a áirithiú um sháruithe ar chearta an duine**,



*An Feisire John Lewis le Nettie Washington Douglass agus Ann Quinlan, sliocht de chuid Dhónall Uí Chonaill agus Frederick Douglass, tar éis dó ceathrú Léacht Cuimhneacháin Theach Uíbh Eachach a thabhairt i mí Aibreáin 2014.*

thacaigh Éire le bunú na mBinsí Coiriúla Idirnáisiúnta don Iar-Iúgslaiv agus Ruanda, agus tá sí i measc na bpríomhdheontóirí don Chúirt Speisialta i gcomhair Shiarra Leon. Cuireann **an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta** bealach ar fáil chun lucht déanta na gcoireanna is tromchúisí ar ábhar cúraim iad don phobal idirnáisiúnta a thabhairt chun cúitimh. Éilímid ar thíortha comhlíonadh a dhéanamh ar a gcuid oibleagáidí maidir le comhoibriú go hiomlán leis an gCúirt agus a bheith ina bpáirtithe dá reacht bunaidh. Cuirfimid chun cinn neamhspleáchas na Cúirte agus muid ag cur feabhais ar a cuid modhanna oibre, agus táimid i mbun oibre lena chinntiú go mbeidh Éire in ann leasuithe ar a reacht bunaidh, a glacadh in 2010, a dhaingniú faoi dheireadh na bliana 2015.

Leanfaimid ar aghaidh ag agóid ar son an mheasa ar an **Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta** agus ar son an chloíte leis i ngach cúinse.

Táimid tiomanta don ról atá ag **Comhairle na hEorpa** mar phointe tagartha do chearta an duine, don daonlathas agus don smacht reachta ar fud na hEorpa, agus don ról atá ag an g**Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine** agus ag an gCúirt a ghabhann leis. Cinnteoimid go gcuirfear breithiúnais i leith na hÉireann chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil sa bhaile.

Tá an Rialtas tiomanta d'idirphlé oscailte, dearfach le **sochaí shibhialta** na hÉireann ar shaincheisteanna um chearta an duine. Coinnítear an t-idirphlé sin ar bun trí Bhuanchoiste ENR na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar Chearta an Duine (a ndearnadh athbhreithniú air chun ballraíocht níos ionadaíche a chur ar fáil) agus tríd an bhFóram ENR bliantúil ar Chearta an Duine. Leis na struchtúir sin, comhlánaítear malartú neamhfhoirmiúil agus caidreamh leanúnach idir an tsochaí shibhialta agus an Roinn, go háirithe an tAonad um Chearta an Duine dá cuid.

Chun feabhas a chur ar an g**comhleanúnachas maidir le cur chun cinn agus cosaint chearta an duine** inár mbeartas eachtrach, bunófar Cóiste Idir-Rannach um Chearta an Duine, faoi chathaoirleacht Aire Stáit. Cuideoidh sé sin freisin leis an dul chun cinn i dtreo daingniú ag Éirinn ar chonarthaí tábhachtacha idirnáisiúnta um chearta an duine agus i dtreo tuairisciú tráthúil chuig comhlachtaí na Náisiún Aontaithe um chearta an duine.

**@HumanRightsIRL**



## Mo Phost:

**Patricia O'Brien**
*Buanionadaí chuig na Náisiúin Aontaithe, an Ghinéiv*

*Táim i gceannas ar mhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv agus chuig na Gníomhaireachtaí Speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta eile amhail an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Is sa Ghinéiv a bhíonn dhá thrian de ghníomhaíochtaí chóras na Náisiún Aontaithe. Tá ról againn thar gach réimse den obair sin, lena n-áirítear cearta an duine, gníomhaíocht dhaonnúil agus cúnamh do dhídeanaithe, forbairt, dí-armáil, sláinte, saothar, maoin intleachtúil, agus an eolaíocht agus an teicneolaíocht.*

*Áirítear leis na príomhthosaíochtaí le déanaí freagrachtaí na hÉireann mar bhall den Chomhairle um Chearta an Duine, Uachtaránacht na Comhdhála ar Dhí-armáil, Comhordaitheoir Chomhghuaillíocht an Chláir Nua ar dhí-armáil núicléach, cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chnuas-Mhuinisin, agus iarrachtaí Babhta Doha den chaibidlíocht trádála a thabhairt i gcrích go rathúil, chomh maith le toradh an 9ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála.*

# Domhan níos Cothroime

Tá tiomantas fadseasmhach ag Éirinn do bheith ag obair chun an bhochtaineacht agus an t-ocras ar domhan a dhíothú. Ní fhéadfar domhan atá cóir agus slán i ndáiríre a bhaint amach in éagmais na forbartha, agus cuireann an easpa forbartha leis an neamhshláine agus le sáruithe ar chearta an duine. Eascraíonn ár dtiomantas freisin as an taithí atá againn féin ar an ocras. Táimid i mbun oibre ar fud ár mbeartais eachtraigh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bochtaineachta agus an neamhionannais agus chun domhan níos cothroime a chruthú.

Ní fhéadfar domhan níos cothroime a bhaint amach in éagmais na síochána agus na slándála, an cheartais agus chearta an duine agus in éagmais beartais agus gníomhartha inbhuanaithe i leith an chomhshaoil, acmhainní nádúrtha agus an gheilleagair dhomhanda. Tá gaol ag na dúshláin sin lena chéile agus éilítear leo réitigh a bhfuil gaol eatarthu freisin. Is éard atá de dhíth ná go nglacfadh gach ball den phobal idirnáisiúnta ár bhfreagracht chomhchoiteann as ár dtodhchaí chomhroinnte.

Le tamall maith de bhlianta anuas, tá dul chun cinn nach beag spreagtha ag an gcúnamh idirnáisiúnta maidir le hairí agus cúiseanna na bochtaineachta domhanda a mhaolú. Tá an fhíorbhochtaineacht ar domhan laghdaithe de leath; laghdaíodh líon na leanaí a fuair bás san Afraic fho-Shahárach de 39% idir 1990 agus 2011. Méadaíodh rollú i mbunscoileanna san Afraic fho-Shahárach de 60% in 2000 go dtí 77% in 2011. Tá dul chun cinn ollmhór déanta maidir le dul i ngleic le galair inchoiscthe.

Tá cion déanta againne maidir leis na torthaí sin a bhaint amach. Tá an clár cúnaimh dár gcuid, Cúnamh Éireann, bunaithe ar chomhpháirtíochtaí láidre a thógáil agus a chothú chun dul i ngleic leis na tosca casta is bonn leis an mbochtaineacht, an ocras agus an neamhionannas.

Tá caidreamh straitéiseach fadtéarmach bunaithe againn le naoi gcinn de Thíortha Comhpháirtíochta san iomlán san Afraic fho-Shahárach, agus i Vítneam san Áise.

Soláthraímid cúnamh freisin trí chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí neamhrialtasacha a dhéanann obair um fhorbairt, eagraíochtaí misin, institiúidí acadúla, comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí agus le pobal na hÉireann ar bhonn níos leithne d'fhonn cáilíocht agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach. Go háirithe, bainimid leas as ár nglór go hidirnáisiúnta chun tacaíocht a mhúscailt do dhúshláin forbartha ghaolmhara an ocrais agus an tearc-chothaithe.





*Stoic de chuid Chúnamh Éireann á gcur chun bealaigh ó Brindisi. Grianghraf: UNHRD*



*Losta Manyamba agus Margaret (bliain amháin d'aois) ag dul faoi scrúdú sláinte Cúraim Theiripigh Pobalbhunaithe sa Mhaláiv. Grianghraf: Daniel Rowan/Cúnamh Éireann*

## DIFRÍOCHT Á DÉANAMH AR LEIBHÉAL TÍRE: ÉIRE AGUS A PRÍOMHTHÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA



### Éire
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: san 11ú áit as 187 tír
Daonra: 4.63 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $33,414
Ionchas Saoil: 80.7 bliain

### Siarra Leon
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 183ú
Daonra: 6.09 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1,815
Ionchas Saoil: 45.6 bliain

### Leosóta
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 162ú
Daonra: 2.07 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $2,798
Ionchas Saoil: 49.4 bliain

### Mósaimbíc
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 178ú
Daonra: 25.83 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1,011
Ionchas Saoil: 50.3 bliain

### An Mhaláiv
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 174ú
Daonra: 16.36 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $715
Ionchas Saoil: 55.3 bliain

### An tSaimbia
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 141ú
Daonra: 14.54 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $2,898
Ionchas Saoil: 58.1 bliain

### An Tansáin
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 159ú
Daonra: 49.25 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1,702
Ionchas Saoil: 61.5 bliain

### Uganda
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 164ú
Daonra: 37.58 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1,335
Ionchas Saoil: 59.2 bliain

### An Aetóip
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 173ú
Daonra: 94.1 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $1,303
Ionchas Saoil: 63.6 bliain

### Vítneam
An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna: 121ú
Daonra: 91.68 milliún
Meán-Ioncam Bliantúil (GNI) per capita: $4,892
Ionchas Saoil: 75.9 bliain

*Foinse: Tuarascáil de chuid na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna (2013)*

Tá aithne idirnáisiúnta ar Éirinn mar thír a bhfuil ceann de na cláir forbartha is éifeachtaí ar domhan aici. San athbhreithniú piaraí a rinne an ECFE ar chlár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann in 2014, moladh an fócas láidir atá againn ar dhul i ngleic leis an ocras agus leis an mbochtaineacht, agus tugadh ar aird go bhfuil an-chumas ag Éirinn maidir le cúnamh éifeachtach a thabhairt, a shroicheann na daoine is mó a bhfuil sé de dhíth orthu. Cúis bhróid dúinn é go n-aithnítear go gcomhlíonaimid, trí Chúnamh Éireann, ár ngealltanais maidir le forbairt idirnáisiúnta agus maidir leis an tsíocháin, cearta an duine agus an tslándáil bia a chur chun tosaigh.

Deontóir nach beag i dtaobh an chúnaimh idirnáisiúnta is ea Éire go fóill. Tá éirithe leis an Rialtas an buiséad cúnaimh forbartha a chobhsú le trí bliana anuas, agus tá sé tiomanta don dul chun cinn maidir le baint amach sprioc na Náisiún Aontaithe i dtaobh 0.7% den Olltáirge Náisiúnta (OTN) a chaitheamh ar Chúnamh Oifigiúil Forbartha de réir mar a thiocfaidh feabhas ar ár ngeilleagar. Níl ceangal ar bith ag gabháil leis an gcúnamh uainn. Táimid fós ar cheann de na tíortha is flaithiúla ar domhan, bunaithe ar thabhartais in aghaidh an duine.

## Ag Coinneáil Suas le Domhan atá ag Athrú

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá ocras fós sa lá atá inniu ann ar aon bhilliún duine, nó duine as gach seachtar ar domhan. Tá leithdháileadh na bochtaineachta domhanda ag athrú. Faoin mbliain 2030, beidh leath de dhaoine bochta an domhain san Afraic fho-Shahárach. Is i gcathracha i dtíortha meánioncaim atá cónaí ar níos mó agus níos mó de dhaoine bochta an domhain, agus tá neamhionannas agus eisiamh sóisialta níos mó le sárú acu. Tá an méid is mó bochtaineachta le sonrú sna Tíortha is



*An tAire Cathal Ó Flannagáin le Príomh-Aire na hÍsiltíre, Mark Rutte, agus iad i mbun comhchathaoirleachta ar 'Delivering Zero Hunger – Demonstrating Impact' ag na Náisiúin Aontaithe i Meán Fómhair 2014*

Lú Forbairt, áit a bhfuil beagnach leath na ndaoine beo bocht (níos lú ná €1.25 in aghaidh an lae acu).

Tá Éire amuigh chun tosaigh i dtaobh an chion cúnaimh a thugaimid do na tíortha sin. Tá feachtais curtha ar bun againn chun aird a dhíriú ar an tearc-chothú agus fás cranda leanaí, atá ar cheann d'fhadhbanna is tromchúisí an domhain, agus ina measc siúd is lú a dtugtar aghaidh orthu.

Bíonn an tionchar is mó ag an athrú aeráide ar na pobail is boichte. Táimid ag tacú le tíortha i mbéal forbartha agus le pobail leochaileacha chun a gcuid freagraí féin a ullmhú ar an díghrádú comhshaoil agus ar bhainistíocht acmhainní nádúrtha, agus táimid ag tacú lena gcuid iarrachtaí an bhithéagsúlaíocht a chaomhnú agus a chur chun cinn. Cinntíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála go ndéantar obair níos leithne na hÉireann ar an athrú aeráide agus ar fhorbairt inbhuanaithe a shuíomh i gcomhthéacs na forbartha ar fud an rialtais.

Leis na droch-rialachas agus an éilliú, atá i réim go fóill in a lán tíortha, baintear an bonn den fhorbairt agus éilítear an faireachas is fearr is féidir i gcoinne na míbhainistíochta agus na calaoise maidir le húsáid cistí poiblí agus cistí deontóirí. Is iad na pobail bhochta i dtíortha i mbéal forbartha is mó a bhíonn thíos leis an droch-rialachas agus an éilliú. Táimid ag obair le rialtais chomhpháirtíochta, le parlaimintí agus le pobail ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil chun neartú a dhéanamh ar chórais bainistíochta airgeadais phoiblí agus ar an gcuntasacht ina leith d'fhonn soláthar seirbhíse cothrom, éifeachtach agus inbhuanaithe a bhaint amach. Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh mhuintir na hÉireann.

Tá tiomantas againn don oscailteacht, don trédhearcacht agus don chuntasacht i leith úsáid cistí poiblí, agus do léiriú soiléir a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach agus ar thionchar ár gcúnaimh. Tá neartú déanta ar chórais mhaoirseachta agus ar chórais chuntasachta agus tá rialuithe inmheánacha láidre curtha ar bun chun cistí poiblí a chosaint agus chun an baol calaoise a mhaolú. Táimid meáite ar gan glacadh leis an gcalaois ar leibhéal ar bith.

Tá an neamh-chomhionannas inscne ina fhadhb mhór i gcómaí, agus is lú i bhfad an rochtain atá ag mná ná ag fir ar acmhainní agus ar dheiseanna. Tá an cur chuige atá againn bunaithe ar thiomantas daingean do mhná agus cailíní a chumhachtú, agus don ról atá acu maidir le deireadh a chur leis an mbochtaineacht. Táimid ag obair chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas, go háirithe an neamh-chomhionannas inscne, ar fud an chláir forbartha atá againn. Táimid dírithe ar chur i gcoinne na mbac ar

rannpháirteachas ban, agus ar neartú a dhéanamh ar ghuth agus ról na sochaí sibhialta agus na bpobal áitiúil.

Tá an dea-rialachas agus an chuntasacht ríthábhachtach maidir le cearta an duine a chomhlíonadh, agus maidir le dul i ngleic leis an neamhionannas, an leithcheal agus an eisiamh atá i gcroílár na bochtaineachta. Leanfaimid ag díriú ar institiúidí agus beartais éifeachtacha a thógáil, agus ar rannpháirtíocht áitiúil sa phróiseas daonlathach a spreagadh.

Tá ceangal idir an neamhionannas agus an easpa slándála in a lán áiteanna ar domhan. Tá 42% de na daoine is boichte ar domhan ina gcónaí anois i dtíortha atá cráite ag coinbhleachtaí, ag an bhforéigean agus ag an éagobhsaíocht. Tá méadú ag teacht go fóill ar líon na ngéarchéimeanna daonnúla, agus tá an córas daonnúil idirnáisiúnta á shíneadh thar na leibhéil ar féidir glacadh leo. Tá go leor réigiún agus stát leochaileach ag streachailt chun teacht as géarchéimeanna atá ar siúl le fada an lá. Tá Éire ag déanamh a cion maidir le cuidiú dul i ngleic leis an mbuinne fulaingthe sin, agus ní dhearnamar neamhaird d'éigeandálaí i gcodanna den Afraic nach mbíonn aird an phobail orthu i gcónaí.

Chun freagra a thabhairt ar na hathruithe sin, ghlac an Rialtas Beartas nua um Fhorbairt Idirnáisiúnta: ***Domhan Amháin, Todhchaí Amháin***, in 2013. Léirítear go soiléir sa doiciméad sin nach leor an cúnamh as féin chun fadhbanna na bochtaineachta agus an ocrais a réiteach. Ní mór go mbeadh ceannaireacht na dtíortha féin ina bonn ag réitigh a sheasfaidh an fód, mar aon le cumas a bheith acu ioncam a ghineadh, cur leis an infheistíocht dhíreach choigríche, comhtháthú a dhéanamh le margaí an domhain agus dul i ngleic leis an neamhionannas. Aithnítear sa bheartas sin freisin go mbeidh tionchar ag beartais eile ar fud an rialtais, chomh maith leis an gclár cúnaimh atá againn, ar an bhforbairt idirnáisiúnta.

Déantar athdhearbhú ann ar an tiomantas atá againn don troid i gcoinne an ocrais agus na bochtaineachta, agus, ina theannta sin, dírítear isteach ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar fhás geilleagrach cuimsitheach, ar rialachas níos fearr, ar chearta an duine agus ar an gcuntasacht.

Tá comhpháirtíochtaí nua á mbunú i roinnt de na réigiúin is leochailí san Afraic fho-Shahárach. Tá leathnú déanta againn ar chlár Chúnamh Éireann i Siarra Leon, agus tá ambasáid againn ansin anois áit a mbíodh oifig roimhe seo. Neartóidh sé sin ár gcuid iarrachtaí cúnamh a thabhairt dul i ngleic le hiarmhairtí millteacha na heipidéime Ebola in Iarthar na hAfraice. Léirítear freagairt uilerialtais na hÉireann in imscaradh pearsanra mhíleata Éireannaigh chun tacú le foireann na hambasáide i Siarra Leon, áit a bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha chomh maith. Tá an obair sin ina fianaise ar an tiomantas atá againn don obair i stáit leochaileacha, i gcúinsí deacra lena gcuirtear ár ndúshlán go minic.

De bharr na géarchéime Ebola, tá aird dírithe ar an tionchar millteach a bhíonn ag géarchéim sláinte poiblí i dtíortha bochta, agus ar na himpleachtaí agus an baol sna réigiúin féin agus don domhan ar fad. Beidh neartú chumas na gcóras sláinte ina chuid riachtanach den fhreagra uainn. Tá soláthar seirbhísí poiblí riachtanacha ina bhunriachtanas i gcomhair na forbartha, agus táimid ag obair chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag daoine leochaileacha ar sheirbhísí ardchaighdeáin amhail seirbhísí sláinte, seirbhísí oideachais agus seirbhísí coimirce sóisialta, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine a bhfuil VEID agus SEIF orthu.



## Mo Phost:

**An Dr Jonas Chambule**
*Comhairleoir an Chláir Sláinte, Ambasáid na hÉireann i Mapútó*

*Thosaigh mise ag obair leis an ambasáid in 2004 chun comhairle a chur ar fáil maidir le hearnáil na sláinte agus an earnáil VEID agus SEIF i Mósaimbíc. Tá mo chuid oibre dírithe ar phleanáil chuí, bainistiú agus luach ar airgead a áirithiú maidir le tacaíocht na hÉireann don tSláinte i Mósaimbíc. Is é cuspóir na tacaíochta sin feabhas a chur, agus athchóiriú a dhéanamh, ar sheachadadh agus ar cháilíocht seirbhísí sláinte ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil i gcomhpháirt leis an Aireacht Sláinte. Bím ag obair chun ár gcomhpháirtíocht le Tionscnamh Rochtana Sláinte Clinton a neartú agus chun a chinntiú go ndéantar na ceachtanna atá le foghlaim ó thacaíocht na hÉireann don tSláinte i Mósaimbíc a thaifeadadh agus a úsáid.*

*Táim buíoch as an deis a bheith ag obair le tír na hÉireann chun saol níos fearr a bhaint amach do mhuintir Mhósaimbíc san am atá romhainn. Rinne an tAire Sláinte cur síos ar Éirinn mar an comhpháirtí is fearr de chuid Mhósaimbíc in earnáil na sláinte le linn Chuairt Stáit Uachtarán Mhósaimbíc ar Éirinn. Go maire dea-cháil na hÉireann!*

## Ní Mór Níos Mó a Dhéanamh

Ní mór go mbeadh ceannaireacht na dtíortha i mbéal forbartha féin, mar aon lena gcumas ioncam a ghiniúint agus comhtháthú níos fearr a dhéanamh le margaí réigiúnacha agus margaí domhanda, ina mbonn ag an bhfás inbhuanaithe.

Tá fás tapa geilleagrach ar mhórán tíortha san Afraic fho-Shahárach, agus tá níos mó trádála agus infheistíochta ar bun iontu mar aon le feabhas ar an rannpháirtíocht dhaonlathach. Is mó ná riamh atá an Afraic ag maoiniú a cuid forbartha féin agus í níos comhtháite sa gheilleagar domhanda, agus tá níos mó suime á léiriú i ndearcadh na dtíortha Afracacha ar an leibhéal idirnáisiúnta.

De réir mar a bheidh tíortha ag treorú a gcuid forbartha féin, ní mór go gcomhlánódh an cúnamh uirlisí eile athraithe amhail an cánachas, idirphlé polaitiúil, agus infheistíocht choigríche. Chun teacht ar réiteach ar an mbochtaineacht a sheasfaidh an fód, is gá do thíortha fás geilleagrach inbhuanaithe, cuimsitheach a bhaint amach, a mbeidh giniúint ioncaim intíre, breis deiseanna fostaíochta agus trádála, agus folláine níos fearr do gach saoránach ina thoradh air.

Táimid tiomanta do neartú a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht na hÉireann leis an Afraic. Tá deich gcinn d'ambasáidí ag Éirinn anois san Afraic fho-Shahárach agus sainordú acu maidir le gach gné dár gcaidreamh le tíortha Afracacha a chur chun cinn, lena n-áirítear cur leis na naisc thrádála agus infheistíochta. Aithnítear inár gclár cúnaimh go mbíonn an rannpháirtíocht pholaitiúil, an tsíocháin agus an fhorbairt spleách ar a chéile.

Rachaimid i mbun comhpháirtíochta le tíortha Afracacha ar shaincheisteanna amhail an t-athrú aeráide, an dí-armáil, síochánaíocht, cearta an duine agus ocras. Cuirfimid treise leis an idirphlé a bhíonn ar bun againn leis an Aontas Afracach agus le pobail gheilleagracha réigiúnacha.

## Athrú Céime a Dhéanamh

Beidh 2015 ina bhliain ríthábhachtach maidir leis an bhforbairt idirnáisiúnta, agus muid ag obair le comhpháirtithe d'fhonn an dul chun cinn a uasmhéadú faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise a glacadh in 2000, agus caibidlíocht á déanamh againn ar chreat domhanda nua lena chur ina n-áit. Tá sé ina uaillmhian againn aistriú claochlaitheach chuig spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear tiomantas i leith deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus leis an dian-ocras faoin mbliain 2030. Beidh gá le hiarracht agus tiomantas seasta chuige sin.

Tá ceannaireacht láidir léirithe ag Éirinn cheana féin i leith an dúshláin sin, lena n-áirítear le linn ár nUachtáranachta ar an AE in 2013 agus ag na Náisiúin Aontaithe. Tá sé iarrtha ag na Náisiúin Aontaithe orainn éascú a dhéanamh, i gcomhar leis an gCéinia, ar an gcaibidlíocht idirnáisiúnta ar an gcreat forbartha domhanda nua ag na Náisiúin Aontaithe in 2015. Cúis onóra nach beag is ea an t-iarratas sin d'Éirinn, agus aitheantas domhanda ar chaighdeán agus luach ár gcláir chúnaimh agus an chuir chuige comhpháirtíochta atá againn i leith na forbartha. Rud is tábhachtaí fós, deis atá ann an díospóireacht dhomhanda a mhúnlú, agus cuidiú toradh a bhaint amach lena ndéanfar difear do shaol na ndaoine is boichte ar domhan. Rachaimid i mbun rannpháirtíochta go diongbháilte agus i spiorad na comhpháirtíochta chun an méid sin a bhaint amach.



*Leanaí scoile i nDúiche Machanga Mhósaimbíc. Grianghraf: Hu O'Reilly, Trócaire*



*Breathnóireacht toghcháin ag Stáisiún Vótála Wabera sa Chéinia. Grianghraf: John Lynam, Cúnamh Éireann*

@Irish_Aid

# Domhan Inbhuanaithe

Na dúshláin atá le sárú mar gheall ar an athrú aeráide, fás daonra, bainistíocht acmhainní nádúrtha, agus slándáil bhia, uisce agus fuinnimh, éilíonn siad comhar níos dlúithe ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal an AE agus an leibhéal idirnáisiúnta má táimid chun iad a stopadh ó bheith ina spreagthóirí don easpa slándála agus ina mbaic ar an bhforbairt.

Dúshlán domhanda ó thaobh an chomhshaoil, na forbartha, agus na slándála is ea **an t-athrú aeráide**. Feidhmíonn sé mar spreagthóir, agus é ag cur leis an teannas a bhíonn ann de bharr praghsanna talún, uisce, bia agus fuinnimh, agus ag cruthú brúnna imirce, agus é ina bhagairt i leith slándáil bhia, slándáil cothaithe agus na sláinte poiblí. Is suntasach an ról a bheidh ag an athrú aeráide maidir le múnlú a dhéanamh ar chúrsaí slándála amach anseo.

Tá tiomantas ag Éirinn agus ag an AE d'fhreagra éifeachtach a thabhairt air, ar bhonn fadtéarmach, domhanda. I gCreat AE ar an Aeráid agus ar Fhuinneamh do 2030, áirítear sprioc maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san AE de 40% ar a laghad i gcomparáid le leibhéal na bliana 1990. Leis an leibhéal uaillmhéine sin, leagtar béim ar an ról tábhachtach atá ag an AE maidir le múnlú a dhéanamh ar an gcomhaontú domhanda um athrú aeráide atá le tabhairt chun críche ag comhdháil aeráide de chuid na Náisiún Aontaithe i bPáras in 2015.

Toisc gur ar phobail bhochta is mó a théann sé i bhfeidhm, tá an t-athrú aeráide ina thosaíocht sa bheartas atá againn um fhorbairt idirnáisiúnta. Beimid ag déanamh stocaireachta ar son aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide ar shlí chomhtháite sa chreat forbartha don tréimhse ó 2015 ar aghaidh.

Tríd an daingniú atá déanta againn ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, táimid tiomanta don ról atá againn i ndáil le réitigh dhomhanda ar dhúshláin na haeráide a aimsiú agus iad a chur chun feidhme. Trí Chreat an Rialtais ar Fhorbairt Inbhuanaithe, *Ár dTodhchaí Inbhuanaithe,* déanaimid tréaniarracht cothromaíocht a bhaint amach idir trí cholún na forbartha inbhuanaithe, idir ghnéithe geilleagracha, ghnéithe sóisialta agus ghnéithe comhshaoil.

Leanfaimid ar aghaidh lenár gcuid rannpháirtíochta mar chomhpháirtí i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide agus i nDréachtchonradh Kyoto agus déanfaimid ár ndícheall ár gcuid oibleagáidí a eascraíonn astu a chomhlíonadh. Beimid ag obair go cuiditheach i dtreo comhaontaithe in 2015 lena neartófar an fhreagairt idirnáisiúnta don athrú aeráide, agus bunóimid cur chuige cuimsitheach, éifeachtach a bheidh ag teacht leis an mbunchuspóir atá leagtha amach in Airteagal 2 de Choinbhinsiún na bliana 1992. Beidh an tIar-Uachtarán Máire Mhic Róibín ag cuidiú leis an ullmhúchán don chomhdháil sin ina ról mar Thoscaire Speisialta Ard-Rúnaí an AE um Athrú Aeráide. Táimid ag tacú freisin le bainistíocht acmhainní nádúrtha, agus ag tacú le tíortha i mbéal forbartha chun an bhithéagsúlaíocht a chaomhnú agus a chur chun cinn agus chun neartú a dhéanamh ar an teacht aniar i leith athrú aeráide.

Meastar gur minice a tharlóidh teannas agus coinbhleachtaí mar gheall ar **rochtain ar an uisce agus ar acmhainní eile** sna deich mbliana atá romhainn, agus go bhféadfaidís tionchar díreach a bheith acu ar bheartais agus leasanna na hEorpa, agus ar an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta.

Dúshlán mór i gclár beartais an domhan is ea **slándáil an tsoláthair bhia** – a chinntiú go bhfuil dóthain bia chothaithigh ar fáil do phobal an domhain, atá ag dul i méid, agus úsáid níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe a bhaint as. Cuid lárnach is ea an tslándáil bhia de Bheartas Forbartha Idirnáisiúnta na hÉireann, ina dtugtar tús áite do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar an ocras agus an tearc-chothú a laghdú ar shlí inbhuanaithe.

Ó thaobh gheilleagar na hEorpa agus tíortha i mbéal forbartha araon, is tábhachtach an rud é a chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ar amhábhair agus go bhféadfar soláthar inchothaithe de na hearraí sin a fháil. Táimid ag tacú le bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus leas a bhaint as foinsí inbhuanaithe fuinnimh. Mar chuid de bheartas an AE um Thaidhleoireacht Uisce, tacóimid le comhoibriú réigiúnach um bainistíocht inbhuanaithe ar uisce.

Tacaímid freisin le tionscnaimh de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála agus an AE chun tacú leis an dea-chleachtas maidir le trádáil amhábhar, agus le tionscnaimh trína gcuirtear chun cinn rochtain inbhuanaithe ar amhábhair.

Tá **an tslándáil fuinnimh** ina dúshlán atá ag teacht chun cinn in a lán áiteanna ar domhan, agus tá a mhéad a mbítear ag brath ar allmhairí fuinnimh ina fhadhb atá le sárú ag tíortha na hEorpa. Mar gheall go bhféadfadh an rochtain ar fhuinneamh a bheith ina cúis le coimhlint nó ina sprioc maidir le hionsaithe ar stáit, tá aird níos mó á díriú ar an rochtain ar fhuinneamh ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Chun fás geilleagrach a bhaint amach, ní mór rochtain a bheith againn ar sholáthar fuinnimh atá éagsúil, slán agus ar fáil ar phraghas réasúnta.

Príomhchuspóirí dár gcuid is ea féachaint ar dheiseanna maidir le taiscéalaíocht agus táirgeadh ola agus gáis amach ón gcósta agus maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite a fhorbairt ar tír mór agus amach ón gcósta, lena n-áirítear fuinneamh aigéin. Dá ndéanfaí forbairt ar mhargadh onnmhairíochta don leictreachas in-athnuaite, is mór a chuirfeadh sé sin le baint amach spriocanna fuinnimh agus aeráide an AE. Is ríthábhachtach don inbhuanaitheacht agus don iomaíochas é cur chun feidhme comhsheasmhach a dhéanamh ar fud an domhain ar fhorálacha sábháilteachta maidir le mórghuaiseacha a bhaineann leis an taiscéalaíocht amach ón gcósta agus le táirgeadh ola agus gáis.

Tacóimid le beartas fuinnimh sheachtraigh AE atá dírithe ar shlándáil an tsoláthair agus bainistíocht fuinnimh inbhuanaithe a áirithiú. Leis na spriocanna um fhuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht a comhaontaíodh faoi chreat 2030 an AE, cuirfear le slándáil sholáthairtí fuinnimh an AE agus cuideofar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Tá an dlúthpháirtíocht i measc na mballstát agus labhairt le haon ghuth amháin ar mhaithe le comhthionchar a bheith againn ina n-uirlisí tábhachtacha i gcomhair tuilleadh forbartha ar shlándáil an tsoláthair, ar an iomaíochas agus ar fhorbairt inbhuanaithe san AE.

Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí fuinnimh an AE margadh amháin fuinnimh a fhorbairt san AE, agus céim eatramhach i gceist maidir le seacht margadh leictreachais réigiúnacha a chruthú. Trí chomhtháthú na hÉireann le margaí fuinnimh réigiúnacha an AE a dhaingniú, beidh an cumas ann slándáil an tsoláthair a fheabhsú, cur le trádáil agus le hiomaíocht agus dul chun tairbhe tomhaltóirí fuinnimh (idir lucht gnó agus lucht cónaithe) agus an gheilleagair níos leithne.

Leanfaimid ar aghaidh leis an ról gníomhach atá againn in eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, agus leanfaimid ar aghaidh ag tacú le hobair leanúnach na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inbuanaithe, go háirithe maidir le táirgeadh fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn i ngeilleagair i mbéal forbartha agus i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn. Trí bhíthin ár mbeartais um fhorbairt, tacaímid le húsáid foinsí inbhuanaithe fuinnimh.



*Mary Robinson, Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide, agus í ag tabhairt aithisc don Chomhdháil um Ocras, Cothú agus Ceartas Aeráide in Aibreán 2013*



## Mo Phost:

**Sinead Walsh**
*Ambasadóir, Siarra Leon agus an Libéir*

*Táim ag obair san ambasáid in Freetown le trí bliana anuas. Foireann bheag is ea muid, agus bímid ag obair chun cuidiú le Siarra Leon atógáil a dhéanamh air féin tar éis an chogaidh bhrúidiúil a mhair ar feadh aon bhliain déag agus a chríochnaigh in 2002. Tá Éire ar an bpríomhdheontóir i réimse an chothaithe agus i réimse chearta na mban, agus tacaíonn sí le cothú leanaí ag na céimeanna fáis is tábhachtaí, mar aon le cuidiú leo siúd a tháinig slán ón ionsaí gnéasach cúram leighis a fháil agus rochtain a fháil ar an gcóras dlí. Ina theannta sin, cuidímid le cuideachtaí Éireannacha a bheith i mbun gnó i ngeilleagar Shiarra Leon, geilleagar atá ag fás go tréan. Bainistíonn an ambasáid clár Chúnamh Éireann sa Libéir chomh maith, agus téann mise ar thuras míosúil chun tacú leis an mbeirt oifigeach clár dár gcuid ar an láthair.*

*Tá ról gníomhach againn maidir le freagairt a thabhairt ar an ráig Ebola, ag tacú leis an gCór Liachta Idirnáisiúnta i Siarra Leon agus sa Libéir chun ionaid chóiríochta a bhunú agus a reáchtáil, agus le UNICEF i Siarra Leon maidir le gníomhaíochtaí cothaithe éigeandála i gcomhair na dteaghlach ar buaileadh le Ebola iad.*

# Ár Rathúnas

# An Fás Geilleagrach a Spreagadh

Le cúpla bliain anuas, bhí an Rialtas i mbun rannpháirtíochta leis an Aontas Eorpach, le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus le rialtais eile, rannpháirtíocht nach bhfacthas a leithéid inár stair le déanaí ó thaobh a raoin agus a doimhne araon. Trí rannpháirtíocht dhíreach an Taoisigh, an Tánaiste, an Aire Airgeadais, an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Airí Rialtais eile, cuidíodh le híomhá dhearfach d'Éirinn a chur chun cinn agus naisc gheilleagracha lenár gcomhpháirtithe trádála agus infheistíochta a neartú. Tríd ár gclú a athshlánú go hidirnáisiúnta, rinneamar cion mór maidir le cobhsaíocht gheilleagrach agus fás geilleagrach a thabhairt ar ais i réim sa bhaile. Bhí a lán Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí Stáit a thuairiscíonn chucu bainteach leis sin, go háirithe an Bord Bia, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Turasóireacht Éireann.

Chun tacú leis an taidhleoireacht gheilleagrach sin, ag tógáil ar ghníomhaíochtaí agus ar rath roimhe sin, tá caidreamh nua bunaithe againn, tá eolas agus scileanna nua faighte againn agus tá dlúth-chomhpháirtíochtaí cothaithe againn. Tá an comhar maidir lenár gcuid leasanna geilleagracha a chur chun cinn treisithe ar fud an rialtais, mar aon leis an gcomhar le gníomhaireachtaí stáit, leis an earnáil phríobháideach, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le grúpaí sainleasa.

Bíonn an Chomhairle Trádála Onnmhairithe, faoi chathaoirleacht an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ag obair chun neartú a dhéanamh ar an gcomhar maidir le



*Droichead Samuel Beckett, Grianghraf: Fáilte Éireann*

cur chun feidhme Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta an Rialtais, ar foilsíodh Athbhreithniú uirthi i mí Feabhra 2014. Airítear ar bhallraíocht na Comhairle an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta; an tAire Talmhaíochta, Bia agus Muirí; an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; an tAire Oideachais agus Scileanna; agus an tAire Stáit um Fhorbairt agus Trádáil a Chur Chun Cinn agus Comhoibriú Thuaidh/Theas, mar aon le ceannairí na ngníomhaireachtaí Stáit agus ionadaithe ón lucht gnó.

Áiríodh cathaoirleacht agus rúnaíocht na Comhairle i measc roinnt feidhmeanna um chur chun cinn na trádála a aistríodh chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in 2011, tráth a leasaíodh a hainm dá réir. Tá ath-threosuíomh déanta ar obair líonra taidhleoireachta na hÉireann chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don chur chun cinn geilleagrach, agus tugadh oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar iasacht do Roinn an Taoisigh, an Roinn Airgeadais, agus GFT Éireann. Is í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, a bhíonn i mbun oibre i ndlúthpháirt leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir le Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta an Rialtais a chur chun feidhme.

Leis na céimeanna sin i dtreo taidhleoireacht gheilleagrach atá níos oilte agus níos comhtháite, tacaíodh lenár scor de chlár an AE/CAI; lenár rátáil maidir le bannaí a bheith ar ghrád infheistíochta arís; leis an meath ar thorthaí ár mbannaí go dtí an luach stairiúil is ísle; agus le hathshlánú na muiníne i ngeilleagar na hÉireann ar bhonn idirnáisiúnta.

Tá dlúthnasc idir ár rathúnas agus na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann lenár mballraíocht san AE, go háirithe tríd an margadh aonair. Déanfar plé níos mionsonraithe ar shaibhreas agus castacht na nasc sin sa chéad chaibidil eile.

Fágann cineál oscailte gheilleagar na hÉireann, áfach, go mbíonn tionchar ag cora in áiteanna eile ar ár gcumas trádáil a dhéanamh agus infheistíocht agus turasóireacht a mhealladh ar leibhéal ar annamh é i measc ár gcomhpháirtithe Eorpacha. Na saincheisteanna a bhaineann le forbairt, slándáil agus inbhuanaitheacht atá leagtha amach sa chaibidil roimhe seo, is




*Imeacht chun bia na hÉireann a chur chun cinn i bPoblacht na Cóiré*



*Rang eolaíochta bithí in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Grianghraf: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain*

mór an tionchar a bhíonn acu ar an ngeilleagar domhanda. Tá dlúthnasc idir ár gcuid luachanna agus ár leasanna geilleagracha.

Toisc gur geilleagar beag, oscailte í, bíonn Éire ag brath ar thrádáil, ar infheistíocht agus ar thurasóireacht chun thart ar 900,000 míle post a chothú. Fostaíonn an earnáil atá faoi úinéireacht choigríche níos mó ná 250,000 duine in Éirinn agus cuireann sí go hindíreach le mórán eile. Fostaíonn cuideachtaí onnmhairíochta dúchasacha 175,000 duine agus tacaíonn siad le 300,000 jab san iomlán, nó timpeall 16% den fhórsa saothair. Sháraigh luach ár n-onnmhairithe ár nOlltáirgeacht Intíre ó 2010 i leith. Chabhraigh an hocht milliún duine a thug cuairt ar oileán na hÉireann in 2013 le 240,000 post a chothú, idir Thuaidh agus Theas. Tá acmhainneacht fáis le sonrú i ngach ceann de na trí earnáil sin sa tréimhse cúig bliana atá romhainn.

Chun leas iomlán a bhaint as an bhfás sin, beidh gá le rannpháirtíocht dhian, spriocdhírithe agus chomhordaithe ar ghnéithe éagsúla – fáil réidh le trádbhaic, baic infheistíochta agus baic shoghluaisteachta; córas cánach inbhuanaithe, iomaíoch a áirithiú; rannpháirtíocht níos mó le margaí tosaíochta agus margaí ard-acmhainne; agus an leas is fearr is féidir a bhaint as ár gcuid buntáistí iomaíocha.



## Mo Phost:

**Michael Collins**
*Ambasadóir na hÉireann sa Ghearmáin*

*Tháinig mé chuig an nGearmáin an bhliain seo caite ó Washington, chuig caidreamh eile ar mór le hÉirinn é. Is é an cúram atá ar fhoireann na hambasáide a chinntiú go mbímid i mbun rannpháirtíochta leis an nGearmáin ar shlí lena gcuirtear chun cinn na naisc ollmhóra thrádála, infheistíochta agus thurasóireachta idir Éire agus an Ghearmáin, agus ár gcuid leasanna AE.*

*Ábhar cúraim d'Éirinn is ea barúil na Gearmáine, agus mar atá ag éirí léi. Nuair a bhíomar inár n-óstaigh don Taoiseach anseo i mBeirlín mí Iúil seo caite an tráth a bhuail sé leis an Seansailéir agus le ceannairí gnó, thuig mé i gceart substaint agus scála an chaidrimh atá eadrainn. Inár gcáil mar ambasáid, tá tiomantas againn don chaidreamh sin a chothú ar bhealach ar bith is féidir linn, agus todhchaí láidir a chothú le chéile mar bhaill thiomnaithe den AE.*

# Fáil réidh le Trádbhaic, Baic Infheistíochta agus Baic Shoghluaisteachta

Toisc gur geilleagar oscailte atá aici, is go mór chun leasa na hÉireann é creataí láidre a bheith i bhfeidhm um an trádáil idirnáisiúnta. Leagann an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) síos na rialacha agus na meicníochtaí i gcomhar réiteach díospóidí idir náisiúin, agus cuidíonn an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair le rialú a dhéanamh ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta maidir le fás geilleagrach agus forbairt gheilleagrach. Is í an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a thugann treoir sa réimse sin.

Bhí an chaibidlíocht i gcreat an EDT mall le blianta beaga anuas, agus dá bharr sin cuireadh béim úr ar chomhaontuithe trádála réigiúnacha agus déthaobhacha i measc bhaill na heagraíochta sin. Toisc rath a bheith ar an EDT le déanaí maidir le Comhaontú Éascaithe Trádála a thabhairt chun críche, an chéad chomhaontú iltaobhach i stáir na heagraíochta sin, b'fhéidir go n-athmhúsclófar uaillmhianta i réimse na caibidlíochta um chomhaontú trádála iltaobhach. Leis an bhforbairt atá tagtha ar chomhaontuithe earnála, ilpháirtithe, agus iltaobhacha maidir le seirbhísí, earraí glasa, soláthar rialtais, custaim agus éascú trádála, agus teicneolaíocht na faisnéise, tá treo suntasach nua le sonrú sa chaibidlíocht trádála ar scála mór, agus tá an acmhainneacht acu go fóill costais a laghdú agus cur le luach na n-onnmhairí i ngeilleagar na hÉireann.

Baineann Éire leas cheana féin as líonra fairsing Comhaontuithe Trádála agus Comhlachais AE le tíortha agus réigiúin eile. Sa tréimhse atá díreach romhainn amach, cuirfidh an AE i gcrích nó cuirfidh sé chun cinn comhaontuithe cuimsitheacha trádála agus infheistíochta le comhpháirtithe trádála a bheidh ríthábhachtach d'Éirinn, comhpháirtithe lena n-áirítear na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin. Tógann an méid sin ar obair atá curtha i gcrích cheana féin le Ceanada agus le Poblacht na Cóiré. Meastar go nginfear breis is dhá mhilliún post ar fud an AE nuair a bheidh caibidlíocht trádála sin an AE curtha i gcrích, agus go rachaidh an dul chun cinn sin go mór chun tairbhe na hÉireann. Cuireann na comhaontuithe sin tuilleadh deiseanna ar fáil chun an trádáil agus an infheistíocht a chur chun cinn leis na tíortha sin.

Sa tréimhse atá díreach romhainn amach, d'fhéadfadh comhaontú trádála déthaobhach, a bheadh ar an gceann ba mhó ar domhan, a bheith ina thoradh ar chaibidlíocht ar Chomhpháirtíocht Trádála agus Infheistíochta Trasatlantaí idir an AE agus na Stáit Aontaithe, a seoladh faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, rud a d'fhágfadh go mbeadh buntáistí an-mhór i gceist d'Éirinn, atá i measc na dtíortha Eorpacha is mó a bhaineann tairbhe as an ngníomhaíocht gheilleagrach thrasatlantach. Tá sé ina phríomhsprioc sa ghearrthréimhse toradh a bhaint amach a mbeidh comhar rialála níos mó ann dá bharr agus lena bhfágfar go mbeidh rochtain níos fearr ar mhargaí na Stát Aontaithe i gcomhair earraí agus seirbhísí arna dtáirgeadh in Éirinn.

Mar gheall ar an gComhaontú Cuimsitheach Geilleagrach agus Trádála a cuireadh i gcrích le Ceanada le déanaí, beidh rochtain saor ó tharaifí ar Cheanada ag earraí agus seirbhísí Éireannacha agus cuirfear leis na deiseanna ceannacháin ag earnáil phoiblí Cheanada.

Tá líonra sofaisticiúil Comhaontuithe um Chánachas Dúbailte i bhfeidhm ag Éirinn. Trí Chomhaontuithe um Chánachas Dúbailte (lena n-áirítear conarthaí le déanaí leis an Aetóip in 2014 agus leis an Téalainn in 2013) agus trí Chomhaontuithe Slándála Sóisialaí (le Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, an tSeapáin, an Astráil, an Nua-Shéalainn agus tíortha eile), cuidítear le gnólachtaí Éireannacha a bhíonn ag feidhmiú thar lear, déantar infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh go hÉirinn, agus cuidítear le muintir na hÉireann atá i mbun oibre thar lear.

Trí aerbhealaí nua go hÉirinn (Baile Átha Cliath-San Francisco in 2014, agus Addis Ababa-Baile Átha Cliath-Los Angeles in 2015), ceanglaítear Éire le moil mhóra de chuid na hAfraice agus na Stát Aontaithe agus, mar aon le comhaontuithe nua aeriompair, tacaíonn na haerbhealaí sin leis an turasóireacht, an trádáil, an infheistíocht agus an tsoghluaisteacht.

Déanann córas víosaí dea-fheidhmiúil neartú ar rialuithe inimirce agus tacaíonn sé leis an ngnó agus leis an turasóireacht. Agus í ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, tá oifigí víosaí nua oscailte ag an Roinn Dlí agus Cirt inár gcuid ambasáidí in Abú Daibí, Abuja, Ankara, Béising, Londain, Deilí Nua agus Moscó, ina soláthraítear seirbhís shruthlíneach d'iarratasóirí ó na réigiúin sin. Tá Clár Tarscaoilte Víosaí gearrchuairte, a tugadh isteach in 2011, tar éis cur go suntasach le líon na gcuairteanna turasóireachta agus na gcuairteanna gnó ó ocht dtír déag trí cheadú do dhaoine a bhfuil víosa de chuid na Ríochta Aontaithe acu taisteal chun na hÉireann.



**Mo Phost:**

**Aidan Tumbleton**
*Bainisteoir na hOifige Víosa, Ambasáid na hÉireann in Ankara*

*Tá méadú mór ag teacht ar líon na n-iarratas ó mhuintir na Tuirce ar mian leo taisteal go hÉirinn, agus is mó ná dúbailte atá siad le ceithre bliana anuas, go dtí 4,446 in 2013. Áirítear leis na dualgais atá orm maoirsiú a dhéanamh ar Oifigigh Víosa agus baill foirne arna n-earcú go háitiúil, nósanna imeachta grinnfhiosrúcháin agus an dea-chleachtas a fhorbairt agus a bheith i dteagmháil lenár bpríomhghrúpaí custaiméirí. Toisc an próiseas Aontachais AE a bheith ar bun, ceist íogair is ea an ceangaltas víosa ó thaobh na polaitíochta agus don taistealaí aonair araon.*

*Bhí an meán-am próiseála a ghlacaimid, trí lá oibre, ar an gceann is giorra i measc na n-oifigí uile de chuid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann in 2013, agus ní fada é i gcomparáid le formhór na n-ambasáidí eile de chuid an AE sa Tuirc. Is cinnte go gcuidíonn sé sin cur le líon na gcuairteoirí a spreagtar le teacht go hÉirinn.*

Ag tógáil ar an gclár sin, tá socruithe nua maidir le víosaí cómhalartacha tugtha isteach ag Éirinn agus an Ríocht Aontaithe faoina dtugann an dá thír aitheantas do víosaí gearrchuairte arna n-eisiúint ag an tír eile. Faoi na socruithe sin, beidh cead ag an té a bhfuil víosa gearrchuairte aici nó aici taisteal gan srian idir an dá dhlínse. Tugadh isteach socruithe nua do chuairteoirí ón tSín i bhfómhar na bliana 2014 agus déanfar amhlaidh maidir le tíortha eile.

Tá margaí nua á n-oscailt d'onnmhairí agraibhia na hÉireann, ar bhfiú beagnach €10 mbilliún iad in 2013, méadú 40% ar 2009. Bíonn an Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus a líonra ambasáidí, ag cur fáis chun cinn san earnáil seo tríd an tionscnamh Origin Green [Foinse Ghlas] a bhfuil sé ina aidhm aige go mbeadh cáil ar Éirinn ar fud an domhain mar cheann de na tairgeoirí is inbhuanaithe bia agus dí ardchaighdeáin. Cuirfear deireadh in 2015 le córas cuóta bainne an AE, atá i bhfeidhm ó 1984, rud a chruthóidh deiseanna nua d'earnáil déiríochta na hÉireann. Soláthraíonn Éire táirgí do 10% de mhargadh an domhain cheana féin, i bhfo-earnálacha amhail bainne foirmle do naíonáin. Tríd is tríd, is maith mar atá Éire suite chun deiseanna a thapú maidir le honnmhairithe agraibhia, a eascraíonn as an méadú ar an éileamh domhanda ar bhia de bharr an fháis a mheastar a thiocfaidh ar dhaonra an domhain. Tá infheistíocht mhór déanta ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta san earnáil bhia agus dí trí Fhiontraíocht Éireann, chun tacú le forbairt cumais agus nuálaíochta cuideachtaí lena chinntiú go mbeidh an earnáil i ndea-riocht chun leas a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn.

Osclaíodh margadh na Seapáine d'onnmhairí mairteola ó Éirinn in 2013, i socrú ar fiú €15 mhilliún sa bhliain é. Déanfar margadh na Stát Aontaithe, a mheastar ar fiú €30 milliún in aghaidh na bliana é, a ath-oscailt don mhairteoil Éireannach arís sula bhfada. Tá deiseanna níos fearr fós le tapú i margadh na Síne, agus



*An tIar-Uachtarán Mhic Giolla Íosa agus an Bhanríon Eilís ag an nGairdín Cuimhneacháin i mBaile Átha Cliath in 2011*

meastar go bhfásfaidh an t-éileamh ar mhairteoil sa tSín d'aon mhilliún tonna sa tréimhse cúig bliana atá romhainn. Tá sé curtha in iúl trí chainteanna le húdarás sábháilteachta bia na Síne go bhféadfaí an margadh sin a oscailt don mhairteoil Éireannach in 2015.

**Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus a líonra ambasáidí, an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus Fiontraíocht Éireann trína branda 'Education Ireland' ag obair le hinstitiúidí ardoideachais chun mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh agus Éire a chur i riocht ceannaire domhanda maidir le hoideachas ardcháilíochta a sholáthar don chéad ghlúin eile de cheannairí, fiontraithe agus cinnteoirí idirnáisiúnta. Cuidítear leis an obair sin freisin trí chumainn alumni níos láidre a chothú. San Athbhreithniú ar Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta an Rialtais, leagadh síos sprioc uaillmhianach don earnáil oideachais idirnáisiúnta, is é sin €900 milliún a chur go díreach le geilleagar na hÉireann faoi dheireadh na bliana 2015, ardú ar a chion measta €800 milliún in 2012-2013.**

## Córas Cánach Inbhuanaithe, Iomaíoch a Áirithiú

Saincheist eile a bhainfidh tábhacht léi d'Éirinn sa ghearrthréimhse is ea an freagra idirnáisiúnta ar ábhair chúraim faoi rialacha cánach idirnáisiúnta.

Is fearr a dhéantar freastal ar leasanna na hÉireann trí chóras cánach inbhuanaithe, iomaíoch a áirithiú, a chloínn leis na rialacha agus a mheallann infheistíocht dhíreach choigríche go hÉirinn. Sa chomhthéacs sin, tá an Rialtas tiomanta do chóras cánach corparáide a choimeád ar bun atá oscailte, trédhearcach, cobhsaí agus iomaíoch, agus, go háirithe, tá sé tiomanta do chloí leis an ráta cánach corparáide 12.5%.

Sa doiciméad *Ireland's International Tax Strategy*, a foilsíodh in 2013, leagtar amach tiomantas an Rialtais maidir le malartú iomlán faisnéise cánach lenár gcomhpháirtithe conartha cánach; uathmhalartú domhanda na faisnéise cánach, i gcomhréir le rialacha atá ag teacht chun cinn de chuid an AE agus an ECFE; dul i ngleic le hiomaíocht cánach dhíobhálach mar chuid d'iarrachtaí an AE agus an ECFE, lena n-áirítear tionscadal ECFE um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis; agus maidir le dul i mbun rannpháirtíochta go cuiditheach agus go measúil le tíortha i mbéal forbartha maidir le cúrsaí cánach. I dtaobh an phointe dheireanaigh sin, seoladh *Anailís Iarmharta ar Thionchar Féideartha Chóras Cánach na hÉireann ar Gheilleagair i mBéal Forbartha* in 2014, agus táthar ag súil go bhfoilseofar na torthaí go luath in 2015.

Foilsíodh leagan nua den doiciméad *Road Map for Ireland's Tax Competitiveness* i mí Dheireadh Fómhair 2014, ina ndéantar nuashonrú ar an doiciméad *Ireland's International Tax Strategy* agus ina leagtar síos pacáiste cuimsitheach beart cánach iomaíoch atá ceaptha chun Éire a athshuí d'fhonn leas a bhaint as na buntáistí, i dtaobh infheistíocht dhíreach choigríche inbhuanaithe, a bheadh le baint as athrú ar na dálaí cánach idirnáisiúnta. Áirítear leis na bearta sin an Asbhaint um Thuilleamh Coigríche a shíneadh go dtí 2017. Cuireadh feabhas ar an scéim freisin ionas go bhfágfar níos éasca ag cuideachtaí é a gcuid onnmhairithe a leathnú chuig margaí coigríche, agus cuireadh tíortha sa Mheánoirthear, san Áise, agus i Meiriceá Láir agus Meiriceá Theas le liosta na dtíortha incháilithe.

De bharr na saincheiste sin, tá béim leagtha ar ról na hEagraíochta um Chomhar Eacnamaíochta agus Forbartha (ECEF) maidir le dul i ngleic léi sin agus le saincheisteanna eile a mbaineann buntábhacht leo i dtaobh rathúnas na hÉireann lena n-áirítear athchóiriú na hearnála poiblí, oideachas, eolaíocht agus teicneolaíocht, beartas fuinnimh agus forbairt, mar aon le fás agus poist. Cuireadh go mór leis an rannpháirtíocht leis an ECEF trí phlé ar threoraigh an Taoiseach ar dtús é agus ansin an Tánaiste i bhFeabhra na bliana 2014.

Bainistíonn an Roinn Airgeadais rannpháirtíocht na hÉireann leis na comhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu cuidiú leis an gcobhsaíocht gheilleagrach idirnáisiúnta agus an fhorbairt inbhuanaithe a áirithiú, lena n-áirítear an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), an Banc Domhanda agus institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile mar an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus Banc Forbartha na hÁise. Bíonn tionchar tábhachtach ag na Náisiúin Aontaithe freisin ar réim rialála an AE.



### Mo Phost:

**Michelle Middleton**
*Bainisteoir Oifige, Ambasáid na hÉireann i nDeilí Nua*

*Tá réimse mór gníomhaíochtaí i gceist i mo ról, idir bhainistiú imeachtaí, mhaoirsiú cothabhála foirgnimh, agus chuidiú le saoránaigh Éireannacha a bhfuil deacrachtaí tagtha rompu. Déanaim maoirsiú ar fheidhmiú na hambasáide ar bhonn laethúil agus déanaim maoirseacht ar an bhfoireann áitiúil. Is mise atá freagrach as foirgnimh agus trealamh na hambasáide, mar aon le feithiclí agus cúrsaí slándála. Tá freagracht orm freisin maidir le monatóireacht a dhéanamh ar bhuiséad na hambasáide. Is minic a óstálann an ambasáid imeachtaí chun Éire a chur chun cinn san India. D'fhéadfadh suas le 250 duine freastal ar na himeachtaí sin, agus is mór an méid pleanála a bhíonn le déanamh chun a chinntiú go n-éireoidh go maith leo.*

*Ina theannta sin, déanaim teagmháil leis an Aireacht Gnóthaí Seachtracha, leis na húdaráis áitiúla agus leis na Póilíní. Mar chuid de mo ról freisin, cuidím le saoránaigh Éireannacha atá i gcruachás san India, i Neipeal, i Srí Lanca agus sa Bhanglaidéis agus déanaim idirchaidreamh lenár gconsalachtaí onóracha ar fud na hÁise Theas.*

Tugann líonra na n-ambasáidí tacaíocht fhíorluachmhar don obair a dhéanann an Roinn Airgeadais maidir le beartas airgeadais idirnáisiúnta, ar bhonn domhanda agus i gcreat an AE araon. Cuidíonn anailís agus léargas polaitiúil ón líonra chun torthaí náisiúnta níos fearr a bhaint amach sa chaibidlíocht.

Tá dúshlán eile le sárú, áfach, de bharr eagraíochtaí a imríonn tionchar nach beag ach nach bhfuilimid rannpháirteach go díreach iontu. Tá an G8 agus an G20 ar na cinn is tábhachtaí díobh siúd, agus is eagraíochtaí iad a bhfuil a dtábhacht ag dul i méid agus iad ag freagairt don ghéarchéim airgeadais dhomhanda. D'fhonn ár leasanna a chosaint go hiomlán, is gá go mbeadh tionchar againn ar an bplé ar shaincheisteanna a dhéanann difear dúinn sna creataí sin. Le hoscailt na hambasáide san Indinéis, tá ionadaíocht ag Éirinn anois i ngach ball den G20 agus ní mór di leas a bhaint as an gcaidreamh sin lena chinntiú go dtuigfear seasaimh na hÉireann.

## Ag cur Treise leis an Rannpháirtíocht le Margaí Tosaíochta agus Margaí Ard-Acmhainne

Is chun leasa ár ngeilleagair é an seasamh atá ag Éirinn mar bhall den Aontas Eorpach, ball a bhfuil rochtain aici ar mhargadh aonair (ina bhfuil breis is 500 milliún duine) i gcomhair saothair, earraí agus seirbhísí, agus tairbhe á baint aici as an gcomhcheangal dlúth leis an limistéar steirling agus limistéar an euro, agus caidreamh geilleagrach lena mbaineann láidreacht ar leith aici leis na Stáit Aontaithe. Mar gheall ar na naisc láidre leis na trí limistéar



*An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney TD, in éineacht le Rúnaí Talmhaíochta Stáit Aontaithe Mheiriceá, Tom Vilsack. In 2015, d'fhógair an tAire Coveney go bhfuil Éire ar an gcéad stát de chuid an AE atá á ligean isteach go dtí margadh luachmhar mairteola Stáit Aontaithe Mheiriceá.*

airgeadra, is féidir le hÉirinn tairbhe a bhaint as feidhmiú mar dhroichead idir na limistéir sin.

Inár gcuid margaí ardluacha, tacaíonn an caidreamh ar an leibhéal polaitiúil is airde, trí chuairteanna agus cruinnithe Aireachta agus trí chuairteanna agus cruinnithe oifigiúla eile, leis na naisc thrádála, thurasóireachta agus oideachais agus le spriocanna infheistíochta.

Toisc gurb í an chéad mhargadh onnmhairíochta de chuid a lán cuideachtaí Éireannacha agus ceann de na geilleagair is mó ar domhan, tá **an Ríocht Aontaithe** ar an gcomhpháirtí trádála is tábhachtaí dár gcuid. Cuirtear luach €1 billiún in aghaidh na seachtaine ar an ngnó, agus tacaíonn sé le thart ar 10% de na poist in Éirinn. I staidéar geilleagrach comhpháirteach a rinneadh in 2013, scrúdaíodh roinnt réimsí le haghaidh breis comhoibrithe, lena n-áirítear talmhaíocht agus bia; foirgníocht agus bonneagar fisiciúil; fuinneamh; seirbhísí airgeadais agus seirbhísí gairmiúla; nuálaíocht, taighde agus forbairt; agus iompar agus turasóireacht. Táthar ag cur leis an gcomhoibriú agus an idirphlé. In 2013, tionóladh níos mó ná sé chruinniú is tríocha idir airí de chuid na hÉireann agus na Breataine agus rinne an ambasáid i Londain éascú ar níos mó ná 30 cuairt ardleibhéil ar an mBreatain in 2013 agus 2014.

Tá sé cinn de na deich gcomhpháirtí trádála is fearr dár gcuid – an Ghearmáin, an Bheilg, an Fhrainc, an Iodáil, an Ísiltír agus an Spáinn – i **Limistéar an Euro**, agus is leis na tíortha sin a díoladh 42% d'onnmhairí earraí, dar luach €38.9 billiún, in 2012. Is ón Eoraip a thagann 25% den infheistíocht isteach chugainn.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh geilleagrach leis **na Stáit Aontaithe**. Tá an tábhacht sin le sonrú i ngach réimse den chaidreamh: san infheistíocht, sa trádáil, agus sa turasóireacht. Tá borradh faoin infheistíocht a dhéanann na Stáit Aontaithe in Éirinn i gcónaí: le cúig bliana anuas, d'infheistigh cuideachtaí de chuid na Stát Aontaithe níos mó

## TAIDHLEOIREACHT GHEILLEAGRACH NA hÉIREANN I BHFEIDHM: 2013

**27** gcinn de phleananna comhordaithe forbartha le gníomhaireachtaí Stáit i gcóir mhargaí tosaíochta na hÉireann

**734** ghníomhaíocht ar leith chun trádáil agus infheistíocht a éascú lena dtugtar tacaíocht do jabanna Éireannacha

**73** chinn d'Ambasáidí, Consalachtaí agus Misin chuig eagraíochtaí iltaobhacha (80 in 2014)

I dtréimhse Fhéile Pádraig amháin: 70 gníomhaíocht chuideachta agus imeacht gnó spriocdhírithe a raibh breis is **8,500** ionadaí de chuid cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí idirnáisiúnta páirteach iontu

**136** chuairt ardleibhéil ar tacaíodh leo agus a raibh gné shuntasach gheilleagrach nó phromóisin ag baint leo, thar 52 thír

Gníomhaíochtaí le breis is **1,152** ionadaí ar na meáin idirnáisiúnta

**656** chinn d'imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar thurasóireacht na hÉireann agus 'Tóstal Éireann' a chur chun cinn go díreach d'os cionn 297,000 duine ón tráth a ndearnadh seoladh domhanda ar an Tóstal i Márta 2012

Cur chun cinn díreach na hÉireann do luchtanna féachana ina raibh breis is **778,000** duine san iomlán

Príomhtheachtaireachtaí geilleagracha a chur chun cinn i dtráchtaireachtaí agus in agallaimh sna meáin idirnáisiúnta – a mheastar a shroicheann lucht féachana **53.5MILLIÚN** duine ar a laghad

**661** ghníomhaíocht chun seasaimh gheilleagracha na hÉireann a chur chun cinn do shealbhóirí oifige ar bhonn idirnáisiúnta

Rochtain bainte amach arís d'earraí Éireannacha ar 9 margadh idirnáisiúnta ina bhfuil daonra iomlán **1.5BILLIÚN**



*An Taoiseach agus an tUachtarán Obama i dTeach Farmleigh i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2011*

caipitil in Éirinn ná mar a infheistíodh sa leathchéad bliain roimhe sin. Tá fostaíocht ardchaighdeáin ina toradh ar an infheistíocht sin: tá níos mó ná 130,000 post in Éirinn ina dtoradh díreach ar an infheistíocht isteach ó na Stáit Aontaithe. Tá na Stáit Aontaithe ar an gcomhpháirtí trádála is mó de chuid na hÉireann maidir le seirbhísí, agus ar an margadh onnmhairíochta aonair is mó dár gcuid maidir le hearraí. Ina theannta sin, tá na Stáit Aontaithe ar an dara margadh is mó dár gcuid i dtaobh na turasóireachta – ceann a mbaineann beogacht ar leith leis, agus an ceann is treise a ráta fáis faoi láthair i measc ár bpríomh-mhargaí.

In athbhreithniú ar an straitéis atá againn i leith na Stát Aontaithe, *Ireland and America: Challenges and Opportunities in a New Context* a rinneadh in 2014, leagtar béim ar theacht chun cinn leanúnach an chaidrimh, ar an ngealladh atá faoi go fóill, agus ar an ngá atá le lán-rannpháirtíocht d›fhonn freagairt do dheiseanna nua de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Osclaíodh consalachtaí in Atlanta agus in Austin



*An Tánaiste Joan Burton agus í ag tabhairt aithisc d'Eagraíocht Ghnó na hÉireann i Nua-Eabhrac*

le blianta beaga anuas chun leas a bhaint as na deiseanna móra atá sna réigiúin sin de na Stáit Aontaithe.

Toisc gurb iad na honnmhairí príomhspreagthóirí ár ngeilleagair, spriocanna níos tábhachtaí ná riamh is ea margaí ardfháis nua do chuideachtaí Éireannacha, agus is iontu atá cion beag, ach cion atá ag méadú, den trádáil agus den infheistíocht. Leanfaidh na Ranna agus na gníomhaireachtaí Stáit ábhartha ar aghaidh ag pleanáil i gcomhair treochtaí níos fadtéarmaí, agus muid ag neartú agus ag éagsúlú ár gcuid nasc trádála agus infheistíochta agus ag tapú deiseanna i ngeilleagair dhinimiciúla a bhfuil borradh mór fúthu san Áise, i Meiriceá Laidineach agus san Afraic. Sainaithnítear an gá sin san Athbhreithniú ar Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta an Rialtais, agus táthar ag leanúint ar aghaidh ag cothú na margaí atá againn cheana féin.

In a lán de na margaí sin, bíonn ról tábhachtach ag an stát sa ghníomhaíocht gheilleagrach, rud a chuireann leis an tábhacht atá le hidirchaidreamh ar leibhéal rialtais maidir le deiseanna a chruthú.

## TACÚ LE JABANNA IN ÉIRINN: LÍONRA ÁR nAMBASÁIDÍ

### Tacú le hOnnmhaireoirí na hÉireann

- Eagrú cuairteanna Airí agus cuairteanna ardleibhéil eile trína gcruthaítear deiseanna do ghnólachtaí Éireannacha;
- Forbairt nasc gnó d'fhiontair Éireannacha i margaí áitiúla;
- Idirbheartaíocht maidir le rochtain ar mhargaí agus cuidiú deacrachtaí rialála a réiteach d'onnmhaireoirí na hÉireann.;
- Óstáil imeachtaí gnó agus tionscail chun tacú le cuideachtaí Éireannacha;
- Sainaithint deiseanna margaidh agus comhairle a chur ar onnmhaireoirí na hÉireann maidir le dálaí gnó áitiúla;
- Líonraí gnó a thógáil agus tacú leo.

### Éire a chur chun cinn mar sprioc maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche

- An timpeallacht dhearfach ghnó atá in Éirinn a chur ar a súile d'infheisteoirí ionchasacha;
- Éire a chur i láthair mar lárionad nuála, cruthaíochta, agus taighde agus forbartha;
- Deiseanna infheistíochta isteach a shainaithint agus a bheith ag obair le gníomhaireachtaí stáit d'fhonn iad a shaothrú;
- Comhpháirtíochtaí infheistíochta agus comhpháirtíochtaí gnó a chruthú idir cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí áitiúla.

### Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe i gcomhair na turasóireachta agus an oideachais

- Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe i gcomhair na fóillíochta agus na turasóireachta gnó;
- Teagmháil a chothú le haerfoirt, aerlínte agus oibreoirí turas chun an acmhainn taistil agus turasóireachta go hÉirinn a chur chun cinn;
- Éire a chur chun cinn mar láthair i gcomhair staidéir agus taighde acadúil;
- Tacú le hinstitiúidí Éireannacha a bhíonn ag obair chun mic léinn eachtracha a mhealladh.

### Comhordú a dhéanamh ar spriocanna geilleagracha na hÉireann agus an clú idirnáisiúnta atá orainn a neartú

- Pleananna gníomhaíochta spriocdhírithe a fhorbairt i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit dár gcuid margaí tosaíochta;
- Leasanna geilleagracha na hÉireann a chur chun cinn don lucht déanta beartas idirnáisiúnta;
- Próifíl na hÉireann thar lear a neartú;
- Seasamh geilleagrach na hÉireann a chur in iúl do na meáin idirnáisiúnta agus do lucht spreagtha na tuairimíochta;
- Clú na hÉireann mar fhoinse earraí agus seirbhísí ardchaighdeáin a chur chun cinn.



## Mo Phost:

**John Conlon**

*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin GFT Éireann agus Stiúrthóir Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise*

*Tá sé de chúram ar GFT Éireann infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh go hÉirinn.*

*Táimse bunaithe in Shang-hai ó Lúnasa 2014, agus táim i gceannas ar ghníomhaíocht uile GFT Éireann ar fud réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, lena n-áirítear oifigí GFT Éireann sa tSín, sa tSeapáin, sa Chóiré, san India, i Singeapór agus san Astráil. Bímid ag obair sa réigiún seo chun infheistíochtaí nua a mhealladh d'Éirinn.*

*Tá saintréithe agus deiseanna éagsúla i gceist i ngach ceann de na margaí anseo maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche a fháil, agus fostaímid Éireannaigh agus daoine áitiúla araon. Cé go mbaineann cuid mhaith den chúram atá orainn le caidreamh a chothú le cuideachtaí, oibrímid i ndlúthpháirt lenár gcuid comhghleacaithe sna gníomhaireachtaí agus sna hambasáidí, agus cuidímid próifíl níos suntasaí a chothú d'Éirinn i ngach ceann dár gcuid margaí. Táimid tar éis cur leis an ngnó atá bunaithe ar infheistíocht dhíreach choigríche, agus tá níos mó agus níos mó cliant den scoth ó réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise ag infheistiú in Éirinn.*

De bharr theacht chun cinn **na hÁise**, tá athrú ag teacht ar an mbealach ina bhfeidhmíonn an domhan. Faoin mbliain 2025, tiocfaidh beagnach leath d'aschur an domhain ón Áise, agus sáróidh sí aschur geilleagrach na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh in éineacht roimh 2020. Ní hamháin nach fada go mbeidh an Áise ar an réigiún is mó daonra ar domhan, ach freisin ar an gcrios geilleagrach is mó, agus is ansin a bheidh formhór de lucht na meánaicme ar domhan lonnaithe.

Tá **an tSín** ar an dara geilleagar is mó ar domhan anois, agus tá sí ina príomhsprioc dár gcuid ó thaobh na trádála, na turasóireachta agus na hinfheistíochta. Tá clár cuairteanna ardleibhéil ar an réigiún tar éis tathag a chur le ceangail pholaitiúla agus gheilleagracha, agus buaicphointe i leith an cheangail sin arbh ea an Chuairt Stáit a rinne an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn in 2014 agus an tiomantas ón Uachtarán Xi Jinping cuairt a thabhairt ar ais orainn. Soláthraíonn Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí leis an tSín, a seoladh le linn chuairt an Taoisigh in 2012, creatlach chun an rannpháirtíocht dhéthaobhach a neartú leis an gcomhpháirtí tábhachtach geilleagrach sin. Tá an talmhaíocht ar cheann dár gcuid earnálacha tosaíochta; tá onnmhairí bia agus dí méadaithe faoi thrí le trí bliana anuas, agus tá an tSín ar a bealach le bheith ar an dara margadh is mó dár gcuid san earnáil sin. Leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Déthaobhach Infheistíochta idir an AE agus an tSín ar cuireadh tús léi in 2013, ba chóir go mbeadh bonn daingean ann maidir le deiseanna infheistíochta sa dá threo, agus, ag breathnú níos faide chun cinn, maidir le Comhaontú Saor-Thrádála idir an AE agus an tSín.

Trí Chomhpháirtíocht um Rathúnas agus Fás a aontaíodh le linn chuairt an Taoisigh ar an t**Seapáin** in 2013, leagtar amach slí le feabhas a chur ar chaidreamh polaitiúil agus geilleagrach leis an tír thábhachtach sin san Áise, atá ar an tríú geilleagar is mó ar domhan. Beidh sé tábhachtach tógáil ar na comhaontuithe sin agus tuilleadh comhaontuithe a dhéanamh sa tréimhse atá romhainn.

Tá comhstraitéis agus spriocanna á bhforbairt don **India**, a bhfuil baint ag an ambasáid i nDeilí Nua agus na gníomhaireachtaí Stáit leo, agus tá borradh faoi na naisc le **Poblacht na Cóiré**, an cúigiú ceann déag is mó de gheilleagair an domhain agus an chéad tír san Áise a bhfuil Comhaontú Saor-Thrádála curtha i gcrích aici leis an AE. Tá láithreacht ag Éirinn anois i gcúig cinn de thíortha **Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas**, tar éis oscailt ambasáidí in Bangkok agus Iacárta



*An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn agus Uachtarán Xi Jinping na Síne, Béising, Nollaig 2014*



*Richard Bruton, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus ionadaithe de chuid Fhiontraíocht Éireann le foireann agus mic léinn Kolej Mara Banting sa Mhalaeisia*

in 2014 (an Indinéis, an Mhalaeisia, Singeapór, an Téalainn, agus Vítneam). Fágann sé sin go bhfuil ardán stuama againn chun naisc níos láidre a chruthú sa réigiún dinimiciúil sin, atá ag forbairt go tréan.

Chun dul i mbun na rannpháirtíochta sin, ní mór tosaíochtaí a chinneadh ar bhonn leanúnach agus infheistíocht straitéiseach a dhéanamh sna blianta atá romhainn amach.

Sa tréimhse atá díreach romhainn, ní mór infheistíocht a dhéanamh sna scileanna a theastaíonn chun cur lenár dtuiscint ar conas a bheith i mbun gnó san Áise. Trí thionscnaimh mar Chomhaltacht Farmleigh, faigheann mic léinn tríú leibhéal taithí phearsanta ar bheith i mbun staidéir agus i mbun oibre san Áise. Tá cúrsaí staidéir sa tSínis, sa tSeapáinis agus sa Chóiréis á dtairiscint ag institiúidí tríú leibhéal in Éirinn cheana féin. Ar leibhéal na meánscoile, ní fada go mbeidh an Mhandairínis ar fáil mar rogha sa tSraith Shóisearach, agus tá an tSeapáinis ar fáil anois don Ardteistiméireacht.



## Staidéar Cáis: an tSeapáin

Tá ambasáid na hÉireann i dTóiceo i mbun oibre le blianta beaga anuas in éineacht leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun margadh na Seapáine a ath-oscailt do mhairteoil na hÉireann. Thángthas ar chomhaontú le linn chuairt an Taoisigh agus an Aire Coveney ar an tSeapáin in 2013, a fhágann go bhfuil Éire ar cheann de ghrúpa beag tíortha a bhfuil cead acu an mhairteoil a onnmhairiú go dtí an tSeapáin. Measann an Bord Bia gur fiú €12-15 m sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma an deis do mhairteoil na hÉireann sa tSeapáin, agus go bhféadfar leathnú mór a dhéanamh ar an margadh le himeacht ama. Ba chloch mhíle lárnach d'earnáil agraibhia na hÉireann é an cinneadh, agus d'earnáil na mairteola go háirithe.



## Mo Phost:

**Smruti Inamdar**
*Stiúrthóir ASEAN, Fiontraíocht Éireann, Singeapór*

*Is é an príomhról atá ag oifigí coigríche Fhiontraíocht Éireann cuidiú le cuideachtaí Éireannacha deiseanna gnó a shainaithint agus a thapú thar lear, rud a chuirfidh leis an bhfostaíocht in Éirinn agus le heaspórtálacha ó Éirinn. Cothaímid dlúthchaidreamh agus dlúthchomhar le hambasáidí na hÉireann agus leis na gníomhaireachtaí stáit eile sa réigiún ASEAN chun comhchuspóirí Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta an Rialtais a sheachadadh. Tá m'oifigse comhlonnaithe leis an ambasáid i Singeapór.*

*Cuireann ár gcuid Comhairleoirí Margaidh cuideachtaí Éireannacha i dteagmháil le comhpháirtithe féideartha agus teagmhálaithe gnó nua ar fud na cruinne. Cuidímid le cliantchuideachtaí atá ag dul isteach i margaí coigríche den chéad uair trí chúnamh a thabhairt dóibh deiseanna nua margaidh a shainaithint agus díriú orthu, an acmhainneacht táirgí/seirbhísí atá acu a dheimhniú agus iad a chur in aithne do na príomhcheannaitheoirí agus don phríomhlucht cinnteoireachta. Cuidímid freisin le cuideachtaí atá i mbun gnó cheana féin maidir leis an ngnó a fhorbairt, a éagsúlú agus a fhás a thuilleadh i margaí coigríche atá bunaithe cheana féin agus i gcinn nua.*





Réigiún is ea **Meiriceá Laidineach** agus Stáit Mhuir Chairib ina bhfuil deiseanna ollmhóra le tapú, le daonra 600 milliún, acmhainní nádúrtha ollmhóra agus meánaicme atá ag dul i méid go tapa. Tá athrú ó bhonn tagtha ar an réigiún le deich mbliana anuas de bharr rátaí fáis de bheagnach 5%, agus meastar go leanfaidh an fás sin ar aghaidh, agus go mbeidh an-deiseanna ar fáil d'Éirinn sa Bhrasaíl agus i Meicsiceo, atá ar an gceathrú geilleagar déag is mó ar domhan agus a mheastar a bheidh i measc na ndeich gcinn is mó.

B'fhiú díreach os cionn €2 bhilliún na honnmhairí go dtí **an Meánoirthear agus an Mhurascaill** in 2011. Tá acmhainn ollmhór sa réigiún do chuideachtaí Éireannacha in earnálacha an oideachais, na sláinte, na foirgníochta agus an ghnó talmhaíochta. Margaí tosaíochta is ea geilleagair na Murascaille, amhail an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Tá láithreacht dhíreach á bunú ag cuideachtaí Éireannacha sa réigiún, agus tá níos mó ná seachtó cuideachta Éireannach ag feidhmiú in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha cheana féin. Tá deiseanna le tapú san Éigipt freisin san earnáil bhia, in earnáil na sláinte agus in earnáil na teicneolaíochta faisnéise.

## Staidéar Cáis: an Bhrasaíl

De bharr na hoibre a rinne ambasáid na hÉireann sa Bhrasaíl agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, ghlac dhá institiúid ardoideachais is fiche páirt sa chlár scoláireachta 'Eolaíocht gan Teorainneacha' a bhí cistithe ag Rialtas na Brasaíle agus ag an earnáil phríobháideach. Faoin scéim, tiocfaidh suas le 4,000 mac léinn ón mBrasaíl chun staidéar a dhéanamh in Éirinn ar leibhéal fochéime, mar aon le 1,500 mac léinn eile ar leibhéal iarchéime, idir 2012 agus 2016, rud a chuirfidh dlús faoi naisc eolaíochta agus acadúla leis an mBrasaíl. In 2015 amháin, meastar gur fiú níos mó ná €35m an scéim sin don gheilleagar, agus go gcruthófar buíon alumni a bheidh ina naisc idir Éire agus an Bhrasaíl sa todhchaí.





## Mo Phost:

**Sonja Hyland**
*Ambasadóir, Meicsiceo*

*Thosaigh mé i mbun dualgais mar ambasadóir i Meicsiceo i Lúnasa 2013. Clúdaíonn an ambasáid seo seacht dtír eile i Meiriceá Láir agus i Meiriceá Theas, agus mar aonad amháin is iad na sé gheilleagar is mó ar domhan iad. Ó tháinig mé anseo, rinne an fhoireann bheag daoine atá againn bainistíocht ar chuairt an Uachtaráin Uí Uiginn ar Mheicsiceo, an tSalvadóir agus Cósta Ríce, dhá chuairt a thug Airí de chuid na hÉireann agus cuairt amháin a thug Méara ar Mheicsiceo, agus ar an gcuairt a thug Aire Geilleagair Mheicsiceo ar Éirinn. Chuidíomar freisin leis na céadta nasc gnó, acadúil, meán, agus cultúir idir Éire agus Meiriceá Laidineach. Bímid ag obair go dlúth le Meicsiceo chun luachanna domhanda atá againn araon a chur chun cinn, amhail an dí-armáil, neamhleathadh arm núicléach agus an fhorbairt inbhuanaithe.*

*Tá deiseanna móra do chuideachtaí Éireannacha sa réigiún, mar aon le deiseanna do chuideachtaí Meicsiceacha leas a bhaint as Éirinn mar bhealach isteach chun na hEorpa. Is mór an onóir é ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn sa réigiún dinimiciúil seo, a chuireann ár ndúshlán agus a spreagann spéis mhór.*




*Oibrithe Leictreachais sa Tansáin. Cúnamh Éireann/Jeff Barbee*

Is san **Afraic** atá sé cinn de na deich ngeilleagar is treise a rátaí fáis ar domhan. Tá an infheistíocht dhíreach choigríche san Afraic ag fás go tapa. Cé go bhfuiltear ag tosú ó bhonn íseal, tá méadú suntasach tagtha ar an trádáil idir Éire agus an Afraic i réimsí an TFC, na seirbhísí airgeadais agus na teileachumarsáide. Mealladh 200 toscaireacht ghnó Éireannach chomh maith le hionadaithe ó dhá thír Afracacha is fiche in 2014 chuig Fóram Geilleagrach Bliantúil de chuid na hAfraice agus na hÉireann i mBaile Átha Cliath. Tá méadú tagtha ar líon na gcuairteanna trádála (ar an Afraic Theas, an Nigéir, an Chéinia agus Gána a bhí na cuairteanna ba dhéanaí) agus bunaíodh Ciste Forbartha Agraibhia Afracach in 2012 leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí.

Trí Chomhchoimisiúin Gheilleagracha leis an tSín, Poblacht na Cóiré, an Rúis agus an Araib Shádach, cuirtear fóram ar fáil chun an trádáil agus an comhar geilleagrach, gnó, eolaíochta agus teicneolaíochta a chur chun cinn.



*Fóram Geilleagrach na hAfraice agus na hÉireann i mBaile Átha Cliath, Samhain 2014*



## An Leas is Fearr a bhaint as na Buntáistí Iomaíocha atá againn

Tá **íomhá náisiúnta** láidir na hÉireann ar cheann de na sócmhainní is luachmhaire dár gcuid. Bíonn cuisle ár gcultúir le sonrú ar fud an domhain, agus cuidíonn na paráidí agus na féilte íomhá láidir a thaispeáint d'Éirinn agus dá muintir. Sna Stáit Aontaithe, tugann imeachtaí Lá Fhéile Pádraig rochtain d'Éirinn ar an Uachtarán agus ar bhaill den Lucht Riaracháin, mar aon le léargas orainn nach bhfuil ar fáil do thíortha atá i bhfad níos mó ná muid. Fiú sna Stáit Aontaithe, áfach, de bharr Meiriceá a bheith ag athrú fágtar nach féidir linn talamh slán a dhéanamh den léargas sin orainn.

Is chun ár leasa é íomhá láidir, shoiléir d'Éirinn a chuir in iúl thar lear, agus tionchar a imirt ar an dearcadh atá inár leith ag rialtais eile, na meáin idirnáisiúnta, an lucht gnó, margaí agus infheisteoirí idirnáisiúnta agus an pobal i gcoitinne. Trí bhíthin cuairteanna ar Éirinn, amhail na cuairteanna ón mBanríon Eilís agus ón Uachtarán Barack Obama, ní hamháin gur cuireadh leis an gcaidreamh sin ach gineadh poiblíocht a meastar gur fiú €300 milliún í. Beagnach dhá thrian de na turasóirí a thugann cuairt ar Éirinn, luann siad ár stair agus ár gcultúr mar thosca lárnacha maidir lena gcinneadh teacht ag an tír seo.

Ach cé gur láidir í an fheasacht i leith na hÉireann agus gur an-dearfach an dearcadh atá ag daoine inár leith san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, ní mór infheistíocht leanúnach a dhéanamh inár n-íomhá i margaí atá ag teacht chun cinn san Áise, i Meiriceá Laidineach agus san Afraic, áiteanna nach bhfuil an léargas céanna orainn agus ina bhfuil an clú atá orainn ríthábhachtach ionas go n-éireoidh linn.

De bharr cuairteanna a thug an tUachtarán thar lear – ar Mheiriceá Laidineach in 2013 agus ar an Afraic agus an tSín in 2014 – gineadh dea-thoil ollmhór i leith na hÉireann agus cuireadh béim ar na luachanna atá i bpáirt againn araon. Tá ról tábhachtach le himirt ag an gcultúr freisin, sa tSín, mar shampla, áit ar chuidigh an rath a bhí ar *Riverdance* le feasacht níos leithne a mhúscailt i leith na hÉireann.

Tá an Rialtas i mbun treoirthionscadail faoi láthair chun feabhas a chur ar theachtaireacht straitéiseach na hÉireann sa tSín, agus beidh sé ag féachaint conas is féidir an rud céanna sin a dhéanamh i margaí eile.

Sócmhainn den scoth is ea **ár ndiaspóra** agus ár gcuid líonraí gnó, nach bhfuil a leithéid ag formhór ár n-iomaitheoirí. Le breis is 300 ball i mbeagnach daichead tír, tugann an Líonra Éireannach Domhanda le chéile a lán de na hÉireannaigh is mó tionchair agus a bhfuil nasc acu le hÉirinn. Cuireann baill an líonra acmhainn fhíorluachmhar saineolais idirnáisiúnta ar fáil, trí mheantóireacht a dhéanamh ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha agus iad a threorú, agus trí thacú le hambasáidí agus gníomhaireachtaí stáit na hÉireann a bhíonn sa tóir ar dheiseanna chun an trádáil agus an infheistíocht a chur chun cinn.




*Seoladh an Comórtas 'Bosca Glas um Blas na hÉireann' in Dubai in 2012*



*Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Samhain 2013*

Tionóladh Fóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain den chéad uair in 2009, agus ina dhiaidh sin in 2011 agus 2013, le hiniúchadh a dhéanamh ar conas a bhféadfadh na hÉireannaigh sa bhaile agus thar lear, agus iadsan a bhfuil spéis mhór acu in Éirinn, oibriú le chéile agus cur le téarnamh geilleagrach na hÉireann.

Leathnaíodh réimse an Fhóraim in 2013, agus cuireadh cruinnithe réigiúnacha ar bun i gCorcaigh, i nGaillimh agus i mBéal Feirste, chomh maith le himeacht meantóireachta ar scála mór d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide i gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann.



## Mo Phost:

**Michael Hussey**
*Bainisteoir réigiún an Mheánoirthir, Dubai, An Bord Bia*

*D'osclaíomar an oifig atá againn in Dubai i Márta 2014 agus táimid comhlonnaithe ansin le Fiontraíocht Éireann. Clúdaímid tíortha Chomhairle Comhair na Murascaille (an Araib Shádach, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Cuáit, Óman, Bairéin, Catar) le cúram breathnóra um an Iordáin agus an Iaráin. Is fiú €320 milliún onnmhairithe bia agus dí na hÉireann chuig an Meánoirthear faoi láthair, agus is fiú €192 milliún na honnmhairithe chuig tíortha Chomhairle Comhair na Murascaille.*

*Is é an cúram atá ormsa faisnéis a chur ar fáil faoi dheiseanna sa mhargadh, caidreamh a chothú le custaiméirí dár gcuid, agus dul sa tóir ar dheiseanna agus caidreamh nua i réimsí an mhiondíola, na seirbhíse bia agus na déantúsaíochta i gcomhair na hearnála bia agus dí. Táimid dírithe ar luach na n-earraí onnmhairithe chuig an réigiún sin a dhúbailt faoi 2020. Tá deiseanna os ár gcomhair ar fud na n-earnálacha go léir, ach is i dtáirgí déirí agus i gcomhábhair dhéirí atá na deiseanna is mó.*



*Pat Breen, T.D., Cathaoirleach Choiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil*

Is iomaí toradh nithiúil a bhí ar na cruinnithe sin, lena n-áirítear cruinniú comhchéime 'Infheistigh in Éirinn' leis an Uachtarán Clinton i Nua-Eabhrach i bhFeabhra na bliana 2012, Clár Teagmhálaithe na nÉireannach ar fud an Domhain, ar chláraigh breis is 100 ball de chun tacú le honnmhaireoirí na hÉireann, agus ainmniú 2015 mar Bhliain Dhearthóireachta na hÉireann, agus, ina theannta sin, spreag na cruinnithe tionscnaimh mar Thóstal Éireann 2013 agus an tionscnamh *Succeed in Ireland*. Tionólfaidh an Rialtas an ceathrú Fóram, agus leathnófar a réimse arís eile.

I gcomhthéacs na n-éileamh éagsúil atá orainn, ní mór dúinn a chinntiú go mbainfear **an leas is éifeachtaí as ár gcuid acmhainní,** cuspóir a ndírítear air in obair na Comhairle Trádála Onnmhairithe chun feabhas a chur ar an gcomhordú ar iarrachtaí an Rialtais ár gcuid trádála, turasóireachta, oideachais agus infheistíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn.

Cuidíonn cur chuige solúbtha linn díriú ar acmhainní sa tslí is éifeachtaí toisc go ndéantar deiseanna a shainaithint i margaí tosaíochta agus i margaí ard-acmhainne araon. Bíonn an cur chuige céanna sin á úsáid ag Foirne Margaí Áitiúla faoi chathaoirleacht an ambasadóra, lena dtugtar le chéile na hambasáidí agus gníomhaireachtaí Stáit chun tacú le cur chuige níos comhordaithe i margaí tosaíochta. Leanfar ag léiriú solúbthachta den sórt sin i straitéisí na ngníomhaireachtaí Stáit, atá faoi threoir ag riachtanais a gcliant chun an tairbhe is fearr a bhaint amach. Airítear leis an gcur chuige sin freisin an tsolúbthacht chun oifigí a oscailt agus a dhúnadh ar fud margaí éagsúla agus acmhainní a lonnú i lárionaid tráchtála.

Déanfaidh an Rialtas athbhreithniú leanúnach ar an leas a bhainfear as acmhainní, lena n-áirítear líonra na n-ambasáidí agus oifigí na ngníomhaireachtaí Stáit, d'fhonn tapú a dhéanamh ar na deiseanna atá ag athrú sna margaí ard-fháis sin.

Cuimsíonn an líonra sin oifigí i 96 áit ar fud an domhain. Cuireann a lán dár n-iomaitheoirí trádála agus infheistíochta íomhá comhaontaithe i láthair dá n-ambasáidí agus dá ngníomhaireachtaí Stáit um chur chun cinn thar lear. Le coincheap Áras na hÉireann, lena dtugtar ambasáidí agus gníomhaireachtaí Stáit le chéile faoi aon díon amháin, cuidítear cur chuige comhtháite a áirithiú maidir le híomhá *Foireann na hÉireann* a chur chun cinn. Tá socruithe nua um Áras na hÉireann á mbunú faoi láthair in Austin, Hong Cong agus São Paulo, áit a bhfuil Fiontraíocht Éireann lonnaithe cheana féin.

Osclaíodh ambasáidí nó consalachtaí nua le déanaí chun deiseanna a thapú san Indinéis, sa Téalainn, sa Chéinia, sa Chróit, sna Stáit Aontaithe (Texas), sa tSín (Hong Cong), agus sa Bhrasaíl (São Paulo). San am atá le teacht, trí stádas breathnóra ag eagraíochtaí réigiúnacha a bhfuil tábhacht níos mó agus níos mó lena ról i mórán áiteanna ar domhan, d'fhéadfadh an deis an bheith againn cur lenár n-idirghníomhaíocht le comhpháirtithe féideartha nua.

D'fhéadfaí leasanna geilleagracha díreacha a thapú trí **theidlíochtaí dlí** na hÉireann a dhearbhú i gcriosanna muirí amach ón gcósta agus i leith na n-acmhainní nádúrtha atá iontu agus faoina mbun. Ag obair dó faoi chuimsiú chreat Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí na Farraige, d'éirigh leis an Rialtas cur chun cinn a dhéanamh ar éileamh na hÉireann a limistéar scairbhe ilchríochaí a leathnú agus aitheantas a bhaint amach dár dteidlíocht ar achar mór breise de ghrinneall na farraige san Atlantach Thuaidh, mar aon le fosú mianra ar bith atá ansin, agus tá tuilleadh oibre ar bun sa réimse sin. Tá na teorainneacha leis an Ríocht Aontaithe inár gcuid criosanna geilleagracha faoi seach socraithe, a fhágann go bhfuil feabhas ar an gcosaint ar an timpeallacht mhuirí, agus go bhfuil éascú déanta ar fhorbairt acmhainní fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta laistigh dár gcrios.

**Breis is**
**120**
**imeacht**
**"Global Greening"**
**in 2014**


## CUR CHUIGE MAIDIR LE MARGAÍ NUA

Margaí Ard-Luacha

Margaí Eile atá Bunaithe nó á bhForbairt

Margaí Taiscéalaíocha agus Margaí Ard-Acmhainne

Stáit Aontaithe Mheiriceá
An Ríocht Aontaithe
An Ghearmáin
An Fhrainc
An tSín
An tSeapáin
LEE* Eile
Ceanada
An Astráil
Singeapór
An Rúis
An India
An Bhrasaíl
An Chóiré Theas
An Araib Shádach
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha
An Afraic Theas
An Mhalaeisia
An Tuirc
An Indinéis
An Nigéir
Meicsiceo
Vítneam
An Téalainn
An tSile



*LEE Eile le Foirne Margaidh Áitiúla: An Bheilg, an Danmhairg, an Eilvéis, an Iodáil, an Íslítír, an Ostair, an Pholainn, Poblacht na Seice, an Spáinn, an tSualainn*




*Áras na hÉireann, Maidrid*

# Ár nIonad san Eoraip



Trínár mballraíocht san **Aontas Eorpach,** tá múnlú agus leathnú déanta ar ár mbeartas eachtrach ó 1973 i leith.

Mar sin féin, is leithne i bhfad tionchar ár mballraíochta san AE ná an beartas eachtrach amháin, agus tá anáil ag an mballraíocht sin ar gach réimse den obair Rialtais. Tá dlúthcheangal idir an ceapadh beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE in a lán réimsí.

Bhí ár mballraíocht san AE ina bunchúis leis an athrú ó bhonn atá tagtha ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann le daichead bliain anuas. Go háirithe, bhain ár ngeilleagar an-leas go deo as cruthú an mhargaidh inmheánaigh; as ról an AE mar phríomhbhloc trádála an domhain; as na Cistí Struchtúracha agus as an gComhbheartas Talmhaíochta.

Bhain an-tábhacht lenár mballraíocht chomhroinnte san AE maidir le próiseas na síochána i dTuaisceart Éireann agus leis an gcomhoibriú idir an Tuaisceart agus an Deisceart, agus bhí sí ina chabhair maidir le hathrú a dhéanamh ar chomhthéacs an chaidrimh idir an Bhreatain agus Éire. Tá an AE fós bunúsach dár gcuid leasanna, dár slándáil agus dár rathúnas agus do leas mhuintir na hÉireann. Agus comhdhearcadh náisiúnta tríd is tríd atá fós i réim á léiriú aige, tá an Rialtas tiomanta d'ionad na hÉireann i gcroílár na hEorpa a chosaint agus a chur chun cinn, mar bhallstát gníomhach, cuiditheach de chuid an AE.

Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Irish Presidency of the Council of the European Union
eu2013.ie

Tríd ár mballraíocht, rinneadh bunathrú ar na naisc atá againn le tíortha Eorpacha eile, agus, i bhformhór na gcásanna, tá ár mballraíocht ina príomhfhócas maidir lenár gcaidreamh leo. Cuirtear feabhas mór ar ár gcumas na luachanna agus na leasanna atá againn a chur chun cinn trí fheidhmiú ár mbeartais eachtraigh mar gheall go bhfuilimid inár mball den AE.

## Rannpháirtíocht i gCroílár na hEorpa

Mar gheall gur éirigh linn scor den chlár AE/CAI i Nollaig na bliana 2013, mar gheall ar ár nUachtaránacht ar an AE sa chéad leath den bhliain sin, agus mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta againn i dtreo téarnamh geilleagrach sa bhaile, tá muinín asainn arís go hidirnáisiúnta agus tá meas as an nua ag ár gcomhpháirtithe Eorpacha orainn. Leis an taithí atá againn ar an ngéarchéim gheilleagrach agus airgeadais, léirítear an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht chomhtháite agus chomhbheartaithe maidir le clár oibre iomlán an AE, agus le hinfheistíocht a dhéanamh sa chaidreamh le gach ceann dár gcomhpháirtithe san AE. Is faoi Roinn an Taoisigh atá sé comhordú a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht san AE agus forbairt a dhéanamh ar ár straitéis fhoriomlán, agus tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tar éis neartú a dhéanamh ar an bhfócas atá ag ár gcuid ambasáidí san Eoraip cheana féin ar leasanna na hÉireann san AE a chosaint. Léirítear an méid sin trí shannadh Dara Murphy, TD, mar Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha agus Chosaint Sonraí chuig an dá Roinn. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ar bhóthar comhleanúnach, comhsheasmhach maidir lenár gcuid leasanna a chur chun cinn san Aontas.

Toisc gur náisiún trádála muid, bímid ag brath ar rialacha idirnáisiúnta lena gceadaítear saorshreabhadh earraí, seirbhísí agus caipitil. Ar an tacar rialacha is tábhachtaí díobh sin, tá na cinn sin lena rialaítear Margadh Aonair an AE, atá ag forbairt i gcónaí, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar fhírinní nua geilleagracha na hearnála digití agus na trádála i seirbhísí, i ngeilleagar Eorpach atá níos comhtháite. Leanfaimid ar aghaidh ag imirt tionchair ar éabhlóid an Mhargaidh Aonair, trínár rannpháirtíocht i bpróisis reachtaíochta agus rialála an AE. Leanfaimid ar aghaidh freisin ag imirt tionchair ar bheartais a chuireann le cumas iomaíochta an AE, agus ag cur na mbeartas sin chun cinn. Trí ghné shóisialta an AE, trína fhócas ar



*An Taoiseach Enda Kenny agus é ag freastal ar chruinniú de chuid Chomhairle na hEorpa sa Bhruiséil*
*© An tAontas Eorpach*

chearta oibrithe, comhionannas inscne agus cur in aghaidh an leithcheala, léirítear tacar luachanna a bhaineann go háirithe leis an Eoraip agus atá comhroinnte ag Éirinn.

Príomhghníomhaí geilleagrach domhanda is ea an AE freisin, a leagan síos caighdeáin agus atá ina fhoinse norm rialála i go leor réimsí, lena n-áirítear an comhshaol, an t-athrú aeráide, fuinneamh agus trádáil idirnáisiúnta.

Trínár mballraíocht san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta de chuid an AE, cuirtear an bonn ar fáil le haghaidh ár gcobhsaíochta airgeadais, chomh maith lenár n-airgeadra. Mar fhreagra ar an ngéarchéim, tá neartú déanta ar shocruithe rialachais gheilleagraigh agus tá Aontas Baincéireachta cruthaithe. Tá impleachtaí aige sin maidir le cobhsaíocht airgeadais agus ionchais gheilleagracha na hÉireann agus a cuid príomh-chomhpháirtithe trádála. Baineann fíorthábhacht lenár rannpháirtíocht ghníomhach, chuiditheach sa phlé geilleagrach sa Chomhairle Eorpach, i gComhairle na nAirí (ECOFIN) agus i nGrúpa an Euro i ndáil le todhchaí gheilleagrach na hÉireann.

## Freagairt do Dhúshláin Ríthábhachtacha

D'ainneoin go bhfuil teacht aniar san AE, tá roinnt dúshlán tromchúiseach le sárú aige. Ar an bpríomhdhúshlán ina measc siúd tá tacú le téarnamh geilleagrach agus fás geilleagrach ar fud na hEorpa, rud atá riachtanach má tá laghdú le déanamh ar na leibhéil dífhostaíochta atá ró-ard ar fad in a lán ballstát. Ní iarmhairtí geilleagracha amháin atá ag an marbhántacht, ach iarmhairtí sóisialta agus polaitiúla. Cé go bhfuil baint éigin idir an leibhéal réasúnta ard míshástachta poiblí leis an AE faoi láthair agus an bhraistint go bhfuil daoine i bhfad i gcéin ó na hinstitiúidí polaitiúla, braistint atá le sonrú ar an leibhéal náisiúnta in a lán ballstát freisin, is léir go bhfuil ceangal idir é agus an frustrachas le tearcfheidhmíocht gheilleagrach an AE chomh maith.

Rinneadh neartú le linn na géarchéime ar ról an AE maidir le beartais bhuiséid agus beartais mhaicreacnamaíocha na mballstát a chomhordú, ach is casta go fóill é cur chun feidhme na rialacha nua, agus is conspóideach uaireanta é freisin. Cé nach bhfuil an díospóireacht faoi threisiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta chomh dian is a bhíodh sí in 2012-13, is féidir a bheith ag súil go gcuirfear tús léi arís agus go n-ardófar ceisteanna agus saincheisteanna teicniúla faoi chumhachtaí coibhneasta na n-institiúidí náisiúnta agus na n-institiúidí Eorpacha.

Tá an gá atá le cur le leibhéil infheistíochta laistigh den AE, d'fhonn fás a spreagadh agus fostaíocht a chothú, ar bharr an chláir oibre atá á shaothrú faoi láthair san Eoraip. Ina theannta sin, beidh gá le réimse leathan beartas agus gníomhartha comhleanúnach agus comhordaithe chun neartú agus nuachóiriú a dhéanamh ar bhonn tionsclaíoch na hEorpa.

Beidh a bhfuil in ann don Eoraip san fhadtéarma ag brath ar an gcaoi ina bhfreagróidh sí don athrú aeráide, agus ar an gcaoi ina bhfeabhsóidh sí a slándáil fuinnimh.

De bharr na héagobhsaíochta agus na coimhlinte ar theorainneacha an AE, cibé acu san Úcráin nó sa Mheánoirthear, leagtar béim ar an ngá atá le beartas comhtháite agus éifeachtach i leith a chomharsana.

Tá tionchar na himirce go mór le sonrú ar an gclár oibre polaitiúil in a lán tíortha.

Tá impleachtaí féideartha ann don Aontas ina iomláine, agus go háirithe d'Éirinn, de bharr na



*An Taoiseach, Enda Kenny, an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan, agus an tAire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha agus Chosaint Sonraí, Dara Murphy ag seoladh an Chláir Réalta Goirme 2014-2015 i dTithe an Rialtais le daltaí ó Scoil Náisiúnta Shráid Ghairdinéir, Baile Átha Cliath*

neamhchinnteachta faoin ról a bheidh ag an Ríocht Aontaithe san Aontas Eorpach amach anseo.

Ar bhonn níos ginearálta, tá sé riachtanach don AE a luach leanúnach a léiriú agus a mhíniú dá chuid saoránach i gcomhthéacs deacair, comhthéacs ina bhfuil seasamh na hEorpa ag ísliú le hais seasaimh áiteanna eile agus ina bhfuil an domhandú agus an nuálaíocht teicneolaíochta ag spreagadh athrú tapa gan staonadh. Is léir gur cúram lárnach é ar an Aontas bainistíocht a dhéanamh ar idirghníomhú na hEorpa leis an domhan mór, ach go dtí seo níl an mealladh céanna ar na mothúcháin ag an gcúram sin is a bhí ag lánpháirtiú na hEorpa do ghlúine a raibh na Cogaí Domhanda tar éis dul i bhfeidhm orthu. Ní ar institiúidí an AE amháin atá an fhreagracht maidir le tábhacht bhunúsach agus ábharthacht an Aontais a chur in iúl, ach ar rialtais na mballstát agus ar an tsochaí shibhialta. Mar sin féin, is léir nach mór don Aontas dul i ngleic go héifeachtach leis na príomhdhúshláin atá romhainn ionas go mbeidh seasamh áititheach aige.




**Bhí ár mballraíocht san AE ina bunchúis leis an athrú ó bhonn atá tagtha ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann le daichead bliain anuas**



## Mo Phost:

**Declan Kelleher**

*Buanionadaí chuig an AE, An Bhruiséil*

*Tá an Bhuanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach ar an misean is mó de chuid na hÉireann thar lear, agus tá oifigigh ó bheagnach gach ceann de na Ranna Rialtais ag obair inti. Táim i gceannas ar fhoireann atá tiomnaithe do spriocanna na hÉireann a bhaint amach thar réimse iomlán bheartais agus ghníomhaíochtaí an AE (amhail an talmhaíocht, taighde agus nuáil, cearta tomhaltóirí, agus an fhostaíocht agus cúrsaí sóisialta).*

*Na saincheisteanna tábhachtacha a bhfuil cinneadh le glacadh ina leith ag Airí an AE agus ag Cinn Stáit agus Cinn Rialtais, is muidne a bhíonn ag plé leo. Tagann Buanionadaithe na 28 mballstát le chéile cúpla uair sa tseachtain chun na saincheisteanna is práinní ar chlár oibre an AE a phlé. Chun an méid sin a dhéanamh, ní mór dea-chomhréitigh a aimsiú atá éifeachtach i dtaobh na hEorpa, agus é á chinntiú go ndéantar ár gcuid leasanna náisiúnta a chosaint agus a chumhdach.*

## Ár dTosaíochtaí don AE

Tá na tosaíochtaí i gcomhair na mblianta atá le teacht leagtha amach sa *Strategic Agenda for the Union in times of change* a ghlac an Chomhairle Eorpach, le rannpháirtíocht an Taoisigh, i mí an Mheithimh 2014. Laistigh de na cúig réimse leathana a bhfuil béim leagtha orthu sa Chlár Oibre Straitéiseach, beidh Éire ag díriú go háirithe sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma orthu seo a leanas:

- **Comhlánú an mhargaidh inmheánaigh i dtáirgí agus seirbhísí, agus comhlánú an mhargaidh aonair dhigitigh;**
- **Cur chun cinn na fiontraíochta agus cruthú post, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear trí rochtain ar airgead agus trí laghdú ar ualaigh riaracháin agus costais comhlíonta nach bhfuil gá leo;**
- **Cur in aghaidh na hóg-dhífhostaíochta agus na dífhostaíochta fadtéarmaí, lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh san oiliúint agus trí thacaíocht don tsoghluaisteacht;**
- **Cur chun cinn na hinfheistíochta i mbonneagar agus i dtaighde agus nuálaíocht, rannpháirtíocht ghníomhach sa Limistéar Taighde Eorpach agus rannpháirtíocht iomlán i bhFís 2020;**
- **Caibidlíocht ar chomhaontuithe trádála agus infheistíochta le tríú tíortha, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin;**
- **Feidhmiú éifeachtach na socruithe nua maidir le rialachas geilleagrach, lena n-áirítear an Seimeastar Eorpach, agus feidhmiú éifeachtach an Aontais Baincéireachta nua;**
- **Rochtain ar fhuinneamh ísealcharbóin atá sábháilte agus ar phraghas réasúnta a chur chun cinn trí bheartas comhtháite um athrú aeráide agus fuinneamh;**
- **An choireacht agus an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta a chosc.**

Thairis sin, déanfaimid leasanna sonracha de chuid na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn i réimsí a mbaineann tábhacht náisiúnta ar leith leo amhail ár n-earnálacha talmhaíochta agus mara a fhorbairt, agus ár gcóras cánach corparáide a choinneáil.

Creidimid gur tábhachtach an rud é don Aontas díriú thar aon ní eile ar na saincheisteanna nithiúla geilleagracha agus sóisialta a théann i bhfeidhm ar a chuid saoránach. Creidimid gur chóir leas iomlán a bhaint as na deiseanna atá le fáil trí na nuálaíochtaí iomadúla atá i gConradh Liospóin agus as na socruithe nua rialachais gheilleagraigh, agus, cé nár chóir breis athchóirithe a eisiamh, creidimid nár cheart an tAontas a chur óna chosán trí thabhairt faoin gConradh a athrú, dúshlán a bheadh casta.

## Comhaontais a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt ar Thorthaí

In Aontas ina bhfuil ocht mBallstát is fiche, is trí chomhpháirtíochtaí le ballstáit eile is fearr is féidir tionchar a imirt ar bheartas. Ina theannta sin, feabhsaítear ár seasamh leis na ballstáit eile agus ár dtionchar orthu maidir le gnóthaí neamh-AE de bharr dhlúithe an chaidrimh atá bunaithe againn i gcomhthéacs ár mballraíochta san AE.

Tá traidisiún seanbhunaithe ag Éirinn maidir le bheith ag obair i ndlúthpháirt le ballstáit eile atá ar aon intinn léi, ar shaincheisteanna ar nós na trádála, na talmhaíochta agus an bheartais forbartha idirnáisiúnta. Is gá freisin comhghuaillíochtaí trasearnálacha a thógáil, lena n-áirítear ar leibhéal na Comhairle Eorpaí, go háirithe i gcásanna inar dócha go mbeidh comhbhabhtálacha idir ballstáit nó grúpaí i gceist.

Murab ionann agus comhpháirtithe eile san AE, níl toghlach nádúrtha ag Éirinn ó thaobh na tíreolaíochta. D'fhonn ár gcuid leasanna a chur chun cinn, ní mór dúinn dlúthchaidreamh a choimeád ar bun le ballstáit éagsúla. Táimid ag cur ár gcuspóirí in ord tosaíochta ar bhealach straitéiseach ar fud na Comhairle, agus ag obair le ballstáit níos lú chomh maith lenár gcomhpháirtithe níos mó. Leagadh béim ar thábhacht na hoibre leis an ngéarchéim airgeadais le déanaí, agus a mhéad arbh iad ár gcomhpháirtithe san AE a rinne cinntí tábhachtacha faoin todhchaí atá romhainn.

Chun ár gcuid leasanna san AE a chur chun cinn, ní mór dúinn tógáil ar ár dtionchar leis na h**Institiúidí Eorpacha**, go háirithe an Coimisiún Eorpach, an Chomhairle Eorpach agus Parlaimint na hEorpa. Sa ghearrthéarma, beidh sé riachtanach caidreamh a chothú leis an bParlaimint nua, leis an gCoimisiún agus le hUachtarán na Comhairle Eorpaí, ionas go dtuigfear seasaimh na hÉireann agus go gcuirfear san áireamh iad.

Tá ról atá ag dul i méid ag Parlaimint na hEorpa, go háirithe, agus tá Éire ag obair chun an leibhéal rochtana agus an t-iomrá a baineadh amach le linn ár nUachtaránachta ar an AE in 2013 a choimeád ar bun agus tógáil air.

Mar ghearr ar an atheagrú ag an gCoimisiún Eorpach trí chruthú Leas-Uachtarán nua a bhfuil freagrachtaí feidhmiúcháin soiléire orthu, athshainiú go leor cúraimí, agus cruthú grúpaí Coimisinéirí chun bheith ag obair ar thionscadail ar leith, tá ionchas ann maidir le fócas agus comhleanúnachas níos fearr. Mar sin féin, beidh sé ina dhúshlán nach beag do na ballstáit go léir tuiscint a fháil



*An tAire um Ghnóthaí Eorpacha agus Chosaint Sonraí, Dara Murphy T.D., le Státrúnaí na Polainne do Ghnóthaí AE, Rafał Trzaskowski*

ar na struchtúir nua agus a bheith ag obair go héifeachtach laistigh dóibh sna laethanta tosaigh.

Tá laghdú i ndán do líon na nÉireannach atá ag obair laistigh d'institiúidí an AE, go háirithe ar leibhéil shinsearacha, sa tréimhse amach romhainn mar gheall ar dhaoine ag dul ar scor agus mar gheall ar thionchar an mhéadaithe. Tacóidh an Rialtas le hearcú agus ardú céime náisiúnach Éireannach chuig poist sna hinstitiúidí Eorpacha, agus éascóidh sé iasacht shealadach ball foirne Éireannach, d'fhonn ár dtionchar laistigh den AE a chothú. Beidh gá le hiarrachtaí chun cur leis an bhfeasacht ghinearálta faoi ghairmeacha sna hinstitiúidí Eorpacha, lena n-áirítear tríd an bhfeachtas *EU Jobs*.

## An Caidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus Éire

An díospóireacht atá ar bun sa Ríocht Aontaithe faoina ionad san AE, tá impleachtaí polaitiúla fíorthábhachtacha aici maidir leis an AE agus le hÉirinn. Tá caidreamh ar leith ag Éirinn leis an Ríocht Aontaithe, agus, dá bhrí sin, is measa an tionchar a bheadh ag scor na Ríochta Aontaithe den Aontas orainne má mar a bheadh ar bhallstáit eile. Mar thoradh air sin, in ainneoin go bhfuil meas againn, ar ndóigh, ar cheart mhuintir na Ríochta Aontaithe chun an tsaincheist a chinneadh – cé go gcreidimid go raibh ballraíocht san Aontas ina buntáiste don Ríocht Aontaithe – is dócha go mbeadh impleachtaí láithreacha, díreacha, tromchúiseacha i gceist d'Éirinn dá bhfágfadh an Ríocht Aontaithe an AE.

Ní féidir na himpleachtaí nithiúla a shonrú go beacht, mar d'fhéadfadh téarmaí caidrimh nua idir an Ríocht Aontaithe agus an AE a bheith an-éagsúil i gcomhthéacsanna difriúla. I ngach cás, is dócha go n-imreofaí tionchar ar a lán earnálacha den gheilleagar agus den riarachán poiblí, lena n-áirítear maidir leis an gcaidreamh idir an Tuaisceart agus an Deisceart.

Is é ár dtuairim go bhfuil an AE níos láidre, ann féin agus thar aon rud eile ina chaidreamh eachtrach, leis an Ríocht Aontaithe ina ball de. Déantar freastal ar leasanna na hÉireann trí bhallstát mór a bheith ann a thacaíonn lena lán dár gcuid seasamh, amhail ar thrádáil, rialáil agus an Margadh Aonair, agus a bhfuil na naisc is treise againn leis, ina cháil mar an chomharsa is gaire dúinn, ó thaobh an gheilleagair, an chultúir agus na staire.



### Mo Phost:

**Irene Kirwan**
*Attaché Seirbhísí Airgeadais, Buanionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséil*

*I mo cháil mar Attaché Seirbhísí Airgeadais, glacaim páirt sna próisis chinnteoireachta ar leibhéal an AE agus mé ag déanamh ionadaíochta ar leasanna na hÉireann i ndáil le clár an AE um reachtaíocht seirbhísí airgeadais agus ag cur na leasanna sin chun cinn, go háirithe laistigh de chruinnithe Mheitheal Oibre na Comhairle ar Sheirbhísí Airgeadais agus sa líonrú agus sa bhailiú faisnéise a dhéantar mar ullmhúchán chun cuidiú leis na cruinnithe sin.*

*Is é mo ról é a chinntiú go mbíonn an fhaisnéis atá de dhíth orthu ag an Ambasadóir chuig an AE agus ag an Aire Airgeadais araon lena áirithiú go gcuirfear chun cinn leasanna na hÉireann ar shaincheisteanna seirbhísí airgeadais agus go ndéanfar iad a chosaint nuair a bheidh cinntí á nglacadh ag Airí Airgeadais an AE. Déanaim cinnte de freisin go gcoinnítear an Roinn Airgeadais ar an eolas faoi fhaisnéis ábhartha ar shaincheisteanna seirbhísí airgeadais san AE agus ar bhonn idirnáisiúnta.*




*Cathaoirleach-in-Oifig an ESCE, an tIar-Thánaiste Éamon Gilmore T.D. agus é ag tabhairt aithisc don Chomhairle Aireachta i mBaile Átha Cliath, Nollaig 2012*

Mar chomharsa de chuid na Ríochta Aontaithe agus mar chara léi, beimid ag obair go dian chun í a spreagadh le fanacht san AE. Leas náisiúnta bunúsach de chuid na hÉireann is ea é sin. Sa chás ina lorgóidh an Ríocht Aontaithe coigeartuithe ar réasúnta agus indéanta iad ar an gcaoi ina bhfeidhmíonn an tAontas, nó ar a caidreamh féin leis an AE, beidh fonn orainn a bheith báúil agus tacúil. Ar an lámh eile, má chreidimid go mbeadh togra de chuid na Ríochta Aontaithe neamhréadúil nó go ndéanfaí dochar mór dá bharr – dár gcuid leasanna féin nó d'fheidhmiú níos leithne an AE – labhróimid amach go fírinneach, ach beidh sé sin i gcónaí i gcomhthéacs ár ndlúthchaidrimh agus ár gcuspóra fhoriomláin.

Nuair ba ghá, níor aontaigh Éire leis an Ríocht Aontaithe ina cuid roghanna straitéiseacha maidir leis an AE. Bunaithe ar ár leas náisiúnta, leanfaimid ar aghaidh á dhéanamh sin más gá.

In aon chás, is léir go mbeidh bainistiú leasanna na hÉireann ar an tsaincheist seo ina ghné thábhachtach dár rannpháirtíocht leis an AE sna blianta amach romhainn, agus freisin dár gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe.

## Freagracht a Áirithiú agus Feasacht a Ardú

Tá na Parlaimintí náisiúnta ag éirí níos gníomhaí ina ról mar chaomhnóirí ar phrionsabal na coimhdeachta faoi Chonradh Liospóin. Cuireadh treise leis an díospóireacht maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta i ndáil le heasnamh daonlathach braite le linn na dtoghchán Eorpach agus le linn an athraithe institiúidigh in 2014 agus is cinnte go leanfar leis an díospóireacht sin.

Tá obair ghrinnfhiosrúcháin Thithe an Oireachtais ina nasc riachtanach leis an saoránach agus beidh tábhacht fós le bearta chun cur le feiceáil an phobail ar an obair sin. Cé gur ag Tithe an Oireachtais atá sé, den chuid is mó, a chinneadh cé na bealaí a úsáidfear chun samhail na hÉireann um iniúchadh parlaiminteach a fheabhsú, fáiltíonn an Rialtas roimh athbhreithniú agus plé. Ina theannta sin, glacfaidh an Rialtas páirt ghníomhach i bplé amach anseo ar leibhéal na hEorpa maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta agus maidir leis an gcothromaíocht idir iad agus Parlaimint na hEorpa.

Tá tiomantas ag an Rialtas freisin do chur le feasacht agus tuiscint phobal na hÉireann ar an Eoraip agus na buntáistí a eascraíonn as ballraíocht na hÉireann san AE, i gcomhar le hIonadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, Oifig Pharlaimint na hEorpa, Gluaiseacht na hEorpa in Éirinn agus an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha.

**@IrelandRepBru**



**Mo Phost:**

**An Dr Ruth Freeman**
*Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide, Fondúireacht Eolaíochta Éireann*

*Ceapadh mé i mo Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide le Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) in 2013. Áirítear leis na freagrachtaí atá orm straitéis SFI a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar leis an Ard-Stiúrthóir, cúrsaí cumarsáide SFI, idirchaidreamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana, agus rannpháirtíocht leis an tionscal.*

*Oibrímidne in SFI go dlúth le hambasáid na hÉireann ar thionscnaimh idirnáisiúnta a chuidíonn naisc a bhunú leis na hinstitiúidí taighde idirnáisiúnta is fearr agus le margaí fiontraíochta. Déanaimid iarracht freisin forbairt a dhéanamh ar chomhoibrithe agus ar chomhpháirtíochtaí a chuireann le seasamh na hÉireann mar náisiún ina ndéantar taighde den scoth, agus aird an domhain a dhíriú ar ár gcuid éachtaí i réimse an taighde.*

# Guth Eorpach Láidir ar Domhan


Is é an tAontas Eorpach an príomhchreat trína dtéimid i mbun mórán de spriocanna ár mbeartais eachtraigh a bhaint amach.

Gníomhaí domhanda tábhachtach is ea an AE, arna thacú ag a mhéid agus a éagsúlacht, a gheilleagar agus an taithí atá aige ar chineálacha cur chuige coiteanna a chur chun cinn thar breis is caoga bliain den chomhtháthú. Feabhsaítear a thionchar de bharr an chaidrimh agus na n-acmhainní atá le tairiscint ag gach ceann dá bhaill.

Le hocht dtír is fiche d'aon ghuth, tá guth na hEorpa níos láidre. Ach feidhmiú trí mheán an AE, déantar guth na hÉireann a ardú ionas gur féidir linn tionchar níos mó a imirt ná mar a d'imreoimis inár n-aonar. Ina theannta sin, tá an AE in ann dul i mbun rannpháirtíochta le comhpháirtithe níos mó ar bhealach nach féidir lena bhaill aonair a dhéanamh. Is chun ár leasa é a chinntiú go mbeidh an AE in ann tairbhe a dhéanamh ar an ardán domhanda.

I gcomharsanacht an AE, tá an **Méadú** ar an uirlis claochlaithe is cumhachtaí dá chuid, lena dtugtar síocháin, cobhsaíocht, daonlathas agus rathúnas chuig comharsana an Aontais. Tacaíonn Éire go tiomanta leis an méadú ó sheasamh prionsabail: is mian linn go mbainfeadh daoine eile leas as na deiseanna a fuaireamar de bharr ár mballraíochta san AE. Ón tacaíocht do thíortha is iarrthóirí, eascraíonn naisc láidre le comhpháirtithe nua agus a n-ionaid á nglacadh acu ag bord an Aontais. Cé go bhfuil ceisteanna ann faoina bhfuil in ann don mhéadú, leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé agus ar an ngá atá ann próiseas méadaithe inchreidte a áirithiú.

**LÉARSCÁIL DEN EORAIP AR A DTAISPEÁNTAR BALLSTÁIT AN AE, TÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ AGUS TÍORTHA IS IARRTHÓIRÍ IONCHASACHA**




Ballstáit an AE  Tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha

Tacaíonn Éire le próiseas aontachais na Tuirce leis an AE, agus tá sé ina chuspóir aici neartú a dhéanamh ar a caidreamh leis an gcomhpháirtí sin a bhfuil a thábhacht ag dul i méid ó thaobh na polaitíochta agus an gheilleagair araon. Tacaímid freisin leis an mballraíocht do thíortha na mBalcán Thiar, tacaíocht lena léirítear an comhcheangal a cothaíodh tríd an mbaint a bhí againn le hoibríochtaí bainistíochta géarchéime na Náisiún Aontaithe agus an AE.

Déanfaimid deiseanna a iniúchadh maidir le cur lenár dtacaíocht do thíortha an mhéadaithe trí chomhroinnt a dhéanamh ar ár dtaithí féin ar bhallraíocht san AE. Cabhróidh sé sin leo ullmhú i gcomhair na ballraíochta agus caidreamh fadtréimhseach á chothú acu le tíortha AE a bheidh ina gcomhpháirtithe dá gcuid sa todhchaí.

## Comharsanacht an AE

Trí Bheartas Comharsanachta na hEorpa, tá cur chun cinn á dhéanamh ag an AE ar chobhsaíocht pholaitiúil agus ar chobhsaíocht gheilleagrach siar agus soir ón Aontas. Mar is léir ó chora le déanaí san Úcráin agus sa Mheánoirthear, bíonn tionchar díreach ag an éagobhsaíocht ar theorainneacha an AE ar an AE féin agus ar a chuid ball. Dúshlán fíorthábhachtach don AE a bheidh ann freagairt do na cora sin.

Dúshlán nach beag atá le sárú againn is ea an teannas faoin **Rúis** atá tagtha chun cinn arís tar éis nascghabháil mhídhleathach na Crimé. Mar gheall ar an méid atá déanta ag an Rúis chun oirthear **na hÚcráine** a dhíchobhsú agus brú geilleagrach a chur ar thíortha eile atá i gComhpháirtíocht an Oirthir, tá stró ar an gcobhsaíocht réigiúnach agus ar an gcaidreamh polaitiúil agus geilleagrach leis an Rúis. Leis na gníomhartha sin, déantar neamhaird do phrionsabail bhunúsacha agus oibleagáidí bunúsacha an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear meas ar cheannasacht agus sláine críche na hÚcráine.

Cé gur chuir an AE smachtbhannaí ar an Rúis agus ar thíortha eile mar fhreagra ar na gníomhartha sin, níl sé soiléir conas a dhéanfar an teannas a bhainistiú nó céard a d'fhéadfadh teacht as. Tá iarmhairtí an cháis le sonrú in ionraí na Rúise isteach in aerspás agus uiscí críochacha roinnt de bhallstáit an AE, agus is dócha go leanfar dóibh sa chaidreamh leis an Rúis agus i gcineálacha cur chuige maidir le slándáil agus cobhsaíocht réigiúnach araon.

Beidh sé ina thosaíocht láithreach réiteach síochánta, caibidlithe a fháil ar an ngéarchéim san Úcráin, ina léireofar meas ar an gceart atá aici chun a bhfuil i ndán di a chinneadh gan cur isteach ná brú ón taobh amuigh. Chuirfeadh sé sin an deis ar fáil caidreamh oscailte, cuiditheach a athbhunú leis an Rúis, ar comhpháirtí tábhachtach geilleagrach de chuid an AE í, mar aon leis an deis dul i ngleic le dúshláin réigiúnacha agus dúshláin idirnáisiúnta.

Ní mór béim úr a chur ar thíortha soir uainn a neartú, trí Chomhpháirtíocht an Oirthir de chuid an AE. Céim thábhachtach ina leith sin arbh ea síniú Comhaontuithe Comhlachais leis an tSeoirsia, leis an Mholdáiv agus leis an Úcráin i mí an Mheithimh 2014. D'fhéadfadh an teannas sin díchobhsú a dhéanamh freisin ar chórais daonlathais eile atá ag teacht chun cinn ar theorainneacha na hEorpa, agus tionchar a imirt ar an gcothromaíocht réigiúnach leochaileach sna Balcáin Thiar.

Toisc go dtugtar le chéile inti tíortha uile na hEorpa, lena n-áirítear an Rúis, mar aon leis an Áise Láir, na Stáit Aontaithe agus Ceanada, fóram tábhachtach is ea an **Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip** i leith saincheisteanna slándála a mbíonn tionchar acu ar an mór-roinn. Tá forluí i gceist i gcur chun cinn na slándála, san fhorbairt gheilleagrach agus i réimse chearta an duine, agus tá na trí réimse sin i gceartlár na hoibre a dhéanann an ESCE. Thionscain Éire ullmhú treochláir uaillmhianaigh maidir le todhchaí na hEagraíochta le linn ár dtréimhse Chathaoirleachta in 2012. Beidh sé tábhachtach tógáil ar an obair sin. Tacaíonn Éire le comhar níos dlúithe idir an AE agus an ESCE chun cobhsaíocht níos mó a chothú sa réigiún Eorpach níos leithne.

## Rannpháirtíocht Dhomhanda an AE

Tá an AE in ann cion domhanda dearfach a dhéanamh trína **Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála** (CBES). Dírítear sa bheartas sin ar réiteach coinbhleachta, cómhaireachtáil shíochánta, agus tiomantas maidir le feabhas a chur ar shaol a chuid saoránach agus ar shaol na saoránach sna tíortha agus sna réigiúin máguaird. Tagann an méid sin lenár gcur chuige féin i leith an bheartais eachtraigh.

Téimid i mbun rannpháirtíochta thar gach uile réimse chun cur le freagra an AE ar dhúshláin dhomhanda agus ar chora idirnáisiúnta. Ag teacht leis na tosaíochtaí dár mbeartas eachtrach, áfach, ba chóir dúinn díriú go háirithe ar na réimsí seo a leanas:

- **uasmhéadú a dhéanamh ar ghuth an AE agus ar a thionchar ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine;**
- **tréaniarracht a dhéanamh réiteach cothrom a bhaint amach maidir le coinbhleacht Iosrael–na Palaistíne chomh maith le cásanna eile coinbhleachta sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh;**
- **cobhsaíocht agus forbairt a chur chun cinn san Afraic;**

- **neartú a dhéanamh ar chumas an AE coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach;**
- **feabhas a chur ar an gcomhar idir an AE agus na Náisiúin Aontaithe;**
- **comharsanacht thoir an AE a neartú.**

Is cuid lárnach den CBES é an cion a dhéanann an AE maidir le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta. Tá cur síos ar an gcur chuige atá againn i leith na saincheisteanna sin sa chaibidil 'Ár gCuid Luachanna'.

I gcás fhormhór na gcinntí sa réimse sin, ní mór comhthoil na mballstát ar fad a bhaint amach. Bímid ag obair go gníomhach chuige sin agus is gnách linn teacht ar chomhaontú. Is treise iad seasaimh arna nglacadh ag gach ceann de na hocht mballstát is fiche, agus cuireann siad ar chumas an Aontais níos mó tionchair a imirt ar shaincheisteanna tábhachtacha.

De réir mar a mhéadaigh an AE, agus a raibh réimse níos casta dúshlán réigiúnach agus idirnáisiúnta le sárú aige, is ea is deacra a bhí sé an chomhthoil an bhaint amach. Bhí sé sin le sonrú sa phlé a rinne an AE ar an Meánoirthear agus ar an ngéarchéim san Úcráin. Mar is amhlaidh i réimsí eile de chuid obair an AE, oibríonn grúpaí ballstát le chéile chun cruth a chur ar dhíospóireachtaí ag teacht lena gcuid tosaíochtaí, agus ní mór dúinne an rud céanna sin a dhéanamh. Tosaíocht agus dúshlán a bheidh ann dúinn a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag léiriú ár gcuid luachanna agus ár ndearcaidh féin i bplé an AE.

Tá post an Ard-Ionadaí bunaithe go daingean anois sa taidhleoireacht idirnáisiúnta, ag cur le hiomrá an AE ar phríomhcheisteanna beartais eachtraigh agus á áirithiú go dtugtar teachtaireacht chomhleanúnach, chomhtháite don domhan mór. Is maith an dul chun cinn é sin.

Má tá tionchar ceart le bheith ag an AE, áfach, is gá dó leas a bhaint as gach uirlis – uirlisí taidhleoireachta, forbartha, trádála agus slándála. Soláthraíodh na huirlisí riachtanacha don AE i gConradh Liospóin – Uachtarán buan ar an gComhairle Eorpach, Ard-Ionadaí um Ghnóthaí Eachtracha agus Beartas Slándála agus Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí – ionas go mbeadh ról ní b'éifeachtaí aige ar an ardán idirnáisiúnta. Dá bharr sin, tá an AE i mbun cur chuige níos comhtháite, níos fócasaithe agus níos dírithe ar thorthaí maidir lena chaidreamh seachtrach. Is chun leasa na hÉireann é sin.

Cuirtear deiseanna ar fáil dúinn trí rannpháirtíocht an AE le heagraíochtaí réigiúnacha san Áise, san Afraic, i Meiriceá Laidineach agus in áiteanna eile: chun tionchar a imirt ar chreataí an AE maidir le hábhair spéise dár gcuid agus chun cur lenár n-idirghníomhaíocht le tíortha nach bhfuil ambasáid againn iontu.

De bharr na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) agus a líonra toscaireachtaí AE ar fud an domhain, tá níos mó cobhsaíochta le sonrú i ngníomhaíocht sheachtrach an AE. Beidh sé ina thosaíocht againn a bheith ag obair leis an EEAS chun tionchar a imirt ar réimsí beartais is ábhar spéise dúinn. Tá roinnt oifigeach Éireannach ag obair san EEAS agus beimid ag tógáil ar an láithreacht sin. Is féidir linn leas a bhaint freisin as rochtain ar fhaisnéis agus líonraí a chuireannn toscaireachtaí na Seirbhíse sin ar fáil dúinn i dtíortha nach bhfuil ambasáid againn iontu. Féachfaimid freisin ar dheiseanna maidir le comhshuíomh ár gcuid oifigí thar lear leis an EEAS agus maidir le comhroinnt dualgas nuair a bheadh sé sin praiticiúil agus cost-éifeachtúil.

D'ainneoin an bhreisluacha a sholáthraíonn toscaireachtaí an AE, ní dhéantar ionadú leo ar ár gcuid ambasáidí agus consalachtaí féin. Is trí líonra na n-ambasáidí is fearr is féidir príomhspriocanna náisiúnta a bhaint amach, amhail ár gcuid onnmhairí a chur chun cinn agus infheistíocht choigríche a fháil, cúnamh a thabhairt dár saoránaigh, luachanna agus leasanna na hÉireann a chosaint agus iomrá na hÉireann a chur chun cinn thar lear.

Ar líon beag saincheisteanna, glacann tíortha aonair dearcthaí ar leith i gcomhréir lena gcuid luachanna agus a dtosaíochtaí beartais eachtraigh. Cé go ndéanaimid tréaniarracht comhsheasaimh a ghlacadh nuair is féidir, ar shaincheisteanna amhail an dí-armáil núicléach, mar shampla, d'fhéadfadh deis níos lú a bheith ann comhthoil a bhaint amach laistigh den AE. Sna cásanna sin, tá ciall ag baint le hoibriú le tíortha eile atá ar aon intinn linn, laistigh agus lasmuigh den AE araon.

Baineann tábhacht iontu féin lenár gcuid iarrachtaí múnlú a dhéanamh ar rannpháirtíocht sheachtrach an AE. Toisc go mbímid rannpháirteach i saincheisteanna beartais eachtraigh an AE, tá meas níos mó ag na ballstáit eile orainn agus neartaíonn sé sin an seasamh atá againn san AE i réimsí eile. Ina theannta sin, ach ár gcuid luachanna a chur in iúl go soiléir trínár mbeartas eachtrach lasmuigh den AE, cuirfimid leis an tionchar a bheidh againn laistigh de.

**Cuireann an AE le neart ár nglóir, rud a chuireann ar ár gcumas tionchar a imirt ar imeachtaí domhanda agus ár mbealach a dhéanamh i ndomhan atá ag athrú.**

# Ár dTionchar



# Ár dTionchar

Toisc gur tír bheag muid, ní mór dúinn a bheith cliste maidir lenár nguth a úsáid. Tá ár gcumas chun tionchar a imirt ar chinntí agus ar thorthaí a dhéanann difear dúinn, agus chun dul i bhfeidhm ar an gclár oibre domhanda seachas freagairt do chlár oibre arna leagan síos ag tíortha eile, ag brath ar cháilíocht agus ar fhor-rochtain ár gcuid taidhleoireachta. Fágann ár mballraíocht san AE go bhfuil guth níos láidre againn agus go bhfuil ar ár gcumas dá réir tionchar níos mó a imirt ná mar a d'imreoimis linn féin. Déanaimid iarracht ár dtionchar a uasmhéadú freisin trí dhul i mbun rannpháirtíochta ar fud chóras na Náisiún Aontaithe agus trína bheith ag obair le tíortha atá ar aon intinn linn, laistigh den AE agus lasmuigh de.

Tá clú ar thaidhleoireacht na hÉireann le fada an lá maidir lena gairmiúlacht, a hiomláine agus a héifeachtúlacht.

Ní féidir áibhéil a dhéanamh ar thábhacht an Uachtaráin maidir le caidreamh atá ríthábhachtach d'Éirinn a choinneáil ar bun agus dlús a chur faoi. Feidhmítear an ról sin ar a lán bealaí, ach is dócha gur maidir leis an athmhuintearas a chur chun cinn ar an oileán seo agus sna cuairteanna Stáit is fearr a bhíonn sé le sonrú. Briseadh talamh úr le cuairt ar an Ríocht Aontaithe agus cuairt ar an tSín in 2014, lenar leagadh béim ar ról na hoifige maidir le caidreamh láidir a chothú idir Éire agus comhpháirtithe a mbaineann tábhacht straitéiseach leo.

Ina cháil mar Cheann an Rialtais, tá ról an-tábhachtach ag an Taoiseach maidir le rannpháirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann a mhúnlú, agus tosaíochtaí geilleagracha agus polaitiúla na hÉireann a chur chun cinn ar an leibhéal is airde. Baineann suntas



*An tAire Ó Flannagáin ag seoladh an Tionscnaimh Óige Global Horizons i Scoil Chríost Rí i bPort Laoise in 2014. Grianghraf: Adrian Melia*

ar leith leis an ról sin mar bhall na hÉireann den Chomhairle Eorpach. Mar chuid den ról idirnáisiúnta sin freisin, téann an Taoiseach i mbun clár straitéiseach taistil idirnáisiúnta a bhíonn dírithe ar phoist, fás agus infheistíocht in Éirinn a spreagadh agus ar chaidreamh polaitiúil agus geilleagrach déthaobhach a neartú, lena n-áirítear a bheith i gceannas ar mhisin trádála. Ina theannta sin, buaileann an Taoiseach le líon mór cuairteoirí idirnáisiúnta ar Éirinn agus freastalaíonn sé ar réimse imeachtaí tábhachtacha idirnáisiúnta, nó tugann sé aitheasc ag na himeachtaí sin. Bhí ról tábhachtach freisin ag Taoiseach i ndiaidh a chéile i gcaidreamh na hÉireann leis an mBreatain agus le Tuaisceart Éireann. Tá ról tábhachtach ag an Tánaiste agus Airí Rialtais eile freisin maidir le gnéithe seachtracha dá gcuid sainchúraimí.

Ní mór dul i mbun rannpháirtíochta ar fud an rialtais chun bainistiú a dhéanamh ar ár gcuid leasanna thar lear. Tá seacht n-oifigeach is nócha ó Ranna Rialtais eile ag obair in ambasáidí agus i gconsalachtaí thar lear, agus is i mBuanionadaíocht na hÉireann chuig an AE sa Bhruiséil atá an líon is mó díobh. Bíonn daoine ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar iasacht ag Roinn an Taoisigh agus ag an Roinn Airgeadais.

I ndomhan atá níos idirnasctha ná mar a bhí riamh, agus ina bhfuil níos mó dá ghnóthaí ar líne, baineann an-

tábhacht le cur chuige straitéiseach, réamhghníomhach agus comhordaithe ar fud an Rialtais maidir le cumarsáid agus maidir le hÉirinn a chur chun cinn ar bhonn idirnáisiúnta thar raon ár gcuid leasanna earnála, go háirithe i margaí agus i réigiúin a bhféadfadh sé nach bhfuil an fheasacht chéanna ar Éirinn iontu is atá sna margaí níos fadbhunaithe dár gcuid. Tá cur chuige níos comhordaithe spreagtha trí réimse tionscnamh agus meicníochtaí le blianta beaga anuas, lena n-áirítear tríd an nGrúpa Cumarsáide Straitéisí, agus leanfar leis an obair sin.

Is ar an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a bhíonn an phríomhfhreagracht ó lá go lá maidir le comhordú an bheartais eachtraigh, le cúnamh ó dhuine amháin nó níos mó de na hAirí Stáit.

## Beartas Eachtrach atá Cuntasach

Tá an Rialtas tiomanta don a chinntiú go mbítear cuntasach i leith bheartas eachtrach na hÉireann.

Áirithíonn Tithe an Oireachtais an chuntasacht dhaonlathach, trí dhíospóireacht agus trí fhaomhadh a dhéanamh ar chonarthaí agus reachtaíocht, trí phlé a dhéanamh ar shaincheisteanna eachtracha inspéise agus tríd an Rialtas a cheistiú ar a bheartas eachtrach. Cuireann obair Choistí an Oireachtais a bhíonn ag déileáil le gnéithe éagsúla dár gcaidreamh seachtrach leis an maoirseacht dhaonlathach freisin. Déanann an Comhchoiste ar Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus an Comhchoiste ar Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh maoirseacht ar leith ar bheartas eachtrach na hÉireann agus tá feidhm dá leithéid chéanna ag an gComhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta maidir le ceisteanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann. Scrúdaíonn Coistí eile de chuid an Oireachtais gnéithe seachtracha de bheartas an Rialtais a thagann faoina gcúram.

Ceadaíonn Ceisteanna Parlaiminte do bhaill na Dála fiosrú a dhéanamh maidir le gné ar bith den bheartas eachtrach. Is ar an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a chuirtear formhór na gceisteanna a bhaineann le caidreamh eachtrach. Cuirtear ceisteanna a bhaineann leis an AE agus le saincheisteanna idirnáisiúnta ar an Aire a mbíonn freagracht air nó uirthi sa réimse sin freisin, agus freagraíonn an Taoiseach go leor ceisteanna faoi bheartas eachtrach na hÉireann chomh maith. In 2013, d'fhreagair Airí ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 1,681 cheist ó bhaill na Dála.







*Seoladh an chuntais Weibo I gcomhair na hÉireann sa tSín*

**Mo Phost:**

**John Histon**

*Ceann Soláthair, Luimneach*

*I mo cháil mar Cheann Soláthair na Roinne, is é mo ról é an fheidhm soláthair phoiblí a threorú agus tacú léi ar fud na Roinne, lena n-áirítear sa Cheanncheathrú agus sna hambasáidí, maidir le gach éileamh soláthair. Áirítear leis an bhfreagracht sin atá orm bainistiú agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí soláthair cothroma, follasacha, tacaíocht theicniúil a sholáthar ina leith, comhlíonadh rialacháin an AE agus an Rialtais a áirithiú agus conarthaí a dhéanamh. I mo cháil mar an té atá i gceannas ar bhainistiú soláthair, tá mo ról dírithe ar a chinntiú go mbíonn tiomantas na Roinne do luach ar airgead a bhaint amach ina threoir maidir leis na hearraí, na hoibreacha agus na seirbhísí den cháilíocht is fearr a fháil ar an bpraghas margaidh is ísle.*




**Acmhainn phoiblí i gcomhair staidéir ar stair taidhleoireachta na hÉireann is ea *Documents on Irish Foreign Policy* (DIFP). Ó 1998 i leith, tá na himleabhair chló agus na himleabhair ar líne de cháipéisí ó chartlann na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tar éis cur le taighde acadúil agus le tuiscint an phobail ar stair agus oidhreacht chaidreamh eachtrach na hÉireann sa bhaile agus thar lear. Tá DIFP ar fáil ar líne ag www.difp.ie agus ar Twitter**

**@DIFP_RIA**

# Cur Chuige Oscailte i leith an Bheartais Eachtraigh

I saol thar a bheith nasctha an lae inniu, tá sé ina phríomhchuspóir straitéiseach againn teachtaireacht na hÉireann a chur in iúl. Tá rannpháirtíocht ar gach leibhéal i gceist ansin – le rialtais agus eagraíochtaí, le cuideachtaí agus institiúidí agus, níos tábhachtaí fós, le daoine.

Tá ról an-tábhachtach ag líonra na n-ambasáidí agus oifigí na ngníomhaireachtaí Stáit thar lear maidir le hÉirinn a chur chun cinn, go háirithe trí na meáin nua, ina soláthraítear seirbhísí ar líne a bhfuil fáil éasca orthu agus ar furasta iad a úsáid, mar aon le heolas faoi Éirinn. Tá na meáin shóisialta i gceartlár an chuir chuige for-rochtana sin, agus is mó gníomhaíochta atá ag na hambasáidí agus na gníomhaireachtaí sin anois ar Twitter, LinkedIn agus Facebook, agus ar ardáin mheáin cosúil le Weibo sa tSín. Feidhmíonn an líonra ambasáidí mar shúile agus cluasa an Rialtais thar lear, agus téann na hambasáidí i mbun rannpháirtíochta leis na meáin idirnáisiúnta agus bíonn ionchur acu i straitéisí chun dul i ngleic le bagairtí clú, i gcomhar le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha.

Spreagann an rialtas comhpháirtíocht agus comhoibriú le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le lucht acadúil, leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile. Ba chóir go dtosódh rannpháirtíocht níos doimhne le cuspóirí beartais eachtraigh na hÉireann sna scoileanna, áit a bhfuil tionscnamh nua for-rochtana ar bun anois d'fhonn mic léinn ó gach cúlra, lena n-áirítear cúlraí imirceach agus diaspóra, a spreagadh le dul i mbun rannpháirtíochta i mbeartas eachtrach na hÉireann.

Chun teagmháil a dhéanamh le lucht féachana níos leithne in Éirinn, eagraíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála imeachtaí amhail Sraith Léachtaí Cuimhneacháin Theach Uíbh Eachach, Lá na hAfraice, agus clár for-rochtana scoile Scoláirí Uíbh Eachach. Tá feasacht agus tuiscint á gcur chun cinn ag an Roinn freisin ar stair bheartas eachtrach na hÉireann, trí chomhpháirtíocht le hAcadamh Ríoga na hÉireann agus Cartlann Náisiúnta na hÉireann lena gcartlanna a chur ar fáil don phobal sa tsraith *Documents on Irish Foreign Policy*.

Mar chuid d'ullmhú an athbhreithnithe seo, cuireadh próiseas comhairliúcháin ar bun i measc Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit, comhaltaí den Oireachtas, na sochaí shibhialta agus an phobail.



*Campa cultúir do leanaí ag Ambasáid na hÉireann i Londainin 2014. Grianghraf: Adrian Mella*

# AG OBAIR AR SON NA hÉIREANN: AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA

- Ag cosaint **leasanna na hÉireann**
- Ag cur **luachanna na hÉireann** chun cinn
- Ag obair chun **athmhuintearas agus comhoibriú** a bhaint amach ar oileán na hÉireann
- Ag cur **rathúnas na hÉireann** chun cinn
- Ag Cur le **hIomrá Domhanda** na hÉireann
- Ag freastal ar **mhuintir na hÉireann**

## Ag freastal ar mhuintir na hÉireann

- Láimhseáladh **800,000** ceist faoi chúrsaí consalachta, faoi phasanna agus faoi víosaí gach bliain
- Eisíodh **629,446** pas in 2014
- Cistiú **breis is €29m** i gcomhair 1,300 tionscadal síochána agus athmhuintearais ó 2004 i leith
- **€110m** do ghrúpaí diaspóra ar fud an domhain ó 2004 i leith
- Fuair breis is **350** imeacht cultúrtha cistiú ó ambasáidí agus consalachtaí in 2014

## Ag tacú le jabanna in Éirinn

- Ag obair ar son an ghnó: ag cur le **honnmhairí**, ag mealladh **infheistíochta**, ag spreagadh na **turasóireachta**
- **Lá Fhéile Pádraig**: d'eagraigh na hambasáidí 17 n-imeacht an ceann ar an meán i **133 chathair i 68 dtír** in 2014
- Ag cur in iúl ár gcuid **láidreachtaí geilleagracha**: rinneadh teagmháil le lucht **féachana breis is 53 milliún duine** in 2013

## Ag déanamh ionadaíochta ar Éirinn san AE

- Ag cur **leasanna na hÉireann** san AE chun cinn
- Ag múnlú **rannpháirtíocht dhomhanda an AE**
- Ag tógáil **comhpháirtíochtaí láidre san Eoraip**
- Ag obair leis na **Ranna Rialtais** ar fad

## Ag Cur Luachanna na hÉireann chun Cinn

- **Domhan atá Daingean**
- **Domhan Cóir**
- **Domhan níos Cothroime**
- **Domhan Inbhuanaithe**

## Tacaíocht don Fhorbairt Idirnáisiúnta

- **Tiomantas don fhorbairt** - is measc na 10 dtír a thugann an méid is mó airgid
- **An clár cúnaimh is fearr** dar le Brookings Institution
- Cuirtear 20% dár mbuiséad cúnaimh i dtreo **an ocras a chomhrac**
- **Ag cur in aghaidh galar**, go háirithe VEID agus SEIF, an Eitinn agus an Mhaláire

## Conas mar a dhéanaimid an méid sin – 5 shainbheartas eachtracha:

- Cur in aghaidh na **Bochtaineachta agus an Ocrais**
- **Cearta an Duine** a Chur chun Cinn
- **An Dí-armáil** a Chur chun Cinn
- Tiomantas do **Shíochánaíocht na NA**
- Comhroinnt a dhéanamh ar an taithí atá againn ar an **tsíocháin agus an athmhuintearas** ar oileán na hÉireann

## Maidir Linne

**80**

Ag déanamh bainistíochta ar an gcaidreamh le 178 dtír trí 80 oifig thaidhleoireachta agus chonsalachta:

| | |
|---|---|
| An Eoraip: | 33 |
| An Áise agus an tAigéan Ciúin: | 13 |
| Críocha Mheiriceá: | 12 |
| An Afraic: | 10 |
| An Meánoirthear: | 5 |
| Eagraíochtaí Iltaobhacha: | 7 |

**Breis is 40 teanga**
Ag obair i mbreis is 40 teanga gach lá

**57%** dár mbaill foirne sa bhaile | **43%** thar lear

**97** mball foirne ó Ranna eile ag obair in ambasáidí thar lear

Tá duine nó beirt ar an bhfoireann taidhleoireachta i **60%** dár gcuid ambasáidí

# An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Feidhmíonn an Roinn mar thaisce eolais don Rialtas, agus í ag cabhrú le Ranna eile a gcuid spriocanna seachtracha a bhaint amach tríd an rochtain atá aici ar líonraí thar lear trí bhíthin ambasáidí agus chonsalachtaí na hÉireann agus a heolas áitiúil féin. Tá cór buan a bhfuil taithí aige ar ghnóthaí idirnáisiúnta riachtanach má tá an Rialtas chun an leas is mó a bhaint as rannpháirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann.

Is é atá i ndéantús na Roinne ná struchtúr an cheannárais sa bhaile, in éineacht le hochtó oifig thaidhleoireachta agus chonsalachta thar lear, chomh maith le Comhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas in Ard Mhacha agus Rúnaíocht Idir-Rialtasach na Breataine agus na hÉireann i mBéal Feirste. Trí chóras creidiúnaithe thánaistigh, is féidir linn bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh le réimse níos leithne tíortha seachas iad siúd ina bhfuil ambasáidí againn. Soláthraímid réimse teoranta seirbhísí do shaoránaigh agus gnólachtaí Éireannacha sna háiteanna sin trí líonra de 100 Consal Oinigh. Déanfaidh an Rialtas athbhreithniú leanúnach ar líonra na n-ambasáidí agus tabharfar aghaidh air i bhfianaise na riachtanas agus na dtosaíochtaí a thiocfaidh chun cinn agus de réir mar a cheadóidh acmhainní é.

Tá timpeall 1,360 duine ag obair don Roinn Gnóthaí Eachtracha sa bhaile agus thar lear, lena n-áirítear foireann ilnáisiúnach daoine arna bhfostú ar bhonn áitiúil. Bíonn na baill foirne ag obair gach lá in os cionn daichead teanga, in oifigí atá suite ar fud ceithre amchrios déag. Tá timpeall 60% den fhoireann i mbun seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh agus do chuideachtaí Éireannacha, nó i mbun cúnamh a sholáthar do na daoine is boichte agus is leochailí ar domhan.



*Teach Uíbh Eachach, ceanncheathrú na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála*

I gcomparáid le tíortha eile, tá seirbhís eachtrach na hÉireann cuíosach beag: tá duine nó beirt oifigeach taidhleoireachta i 60% d'oifigí na hÉireann thar lear, agus níl níos mó ná triúr oifigeach ach i gceithre cinn déag díobh.

I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá éifeachtúlachtaí suntasacha á soláthar ag an tseirbhís eachtrach trí fheidhmíocht a fheabhsú agus trí chostais a laghdú. Tá líon foirne na Roinne laghdaithe de dhuine as gach seachtar i gcomparáid le 2009, agus tá leibhéal na seirbhísí á choimeád agus ocht misean nua oscailte thar lear.

Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar cheann de na hinstitiúidí is sine sa Stát. Cheap Dáil Éireann an chéad aire gnóthaí eachtracha, Count Plunkett, ar an 22 Eanáir 1919, agus cuireadh ár gcéad toscairí thar lear go luath ina dhiaidh sin. Ó shin i leith, bhí ról lárnach ag an Roinn i bpríomh-imeachtaí stair na hÉireann: daingniú a dhéanamh ar ár neamhspleáchas



sna 1920í agus sna 1930í, cosaint ár slándála agus ár neodrachta le linn an Dara Cogadh Domhanda, cion ar leith a dhéanamh ag na Náisiúin Aontaithe, idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le dul isteach sa CEE i 1973 agus treoir a thabhairt dár mballraíocht san AE ó shin i leith, agus síocháin inbhuanaithe a thógáil agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn ar oileán na hÉireann. D'éiligh gach éacht díobh sin éabhlóidiú na Roinne, de réir mar a tháinig leasanna agus spriocanna an náisiúin chun cinn.

Déanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála cothrom céad bliain bhunú sheirbhís taidhleoireachta na hÉireann a chomóradh in 2019 agus déanfar comóradh freisin ar chéad bliain seirbhíse do mhuintir na hÉireann. Agus an Roinn ag féachaint chun cinn, tá sé ina sprioc aici freastal ar mhuintir na hÉireann, a gcuid luachanna agus an rath atá orthu a chur chun cinn thar lear, agus an cumas, an anailís agus an tionchar a sholáthar don Rialtas lena chinntiú go mbainfidh Éire an leas is mó as gach réimse rannpháirtíochta seachtraí dá cuid.

Chun spriocanna seachtracha na hÉireann a bhaint amach, ní mór a lán Ranna Rialtais a bheith ag obair as lámha a chéile, rud a léiríonn a mhéad a bhfuil ceangal idir ceapadh beartais intíre agus beartais sheachtraigh le himeacht ama. Bainfidh an-tábhacht sa tréimhse amach romhainn le cur chuige uile-Rialtais a ghlacadh, lena n-áirítear trí struchtúr an Choiste Comh-aireachta. Cuirfidh an tAire Gnóthaí Eachtracha i láthair roinnt tionscnamh chun na spriocanna atá leagtha síos sa doiciméad seo a chur chun cinn de réir a chéile, agus déanfar athbhreithniú tosaigh ar an dul chun cinn ag deireadh na bliana 2015.

**@dfatIRL**



## Mo Phost:

**Caoimhe Ní Chonchúir**
*Tríú Rúnaí, Ambasáid na hÉireann i Maidrid*

*Tugann Éireannaigh thart ar 1.3 milliún cuairt ar an Spáinn gach uile bhliain, rud a fhágann gurb é an misean consalachta i Maidrid an ceann is gnóthaí de chuid na hÉireann. Bímid ag déileáil le 25% de na cásanna consalachta ar fud an domhain. Déanaim maoirsiú ar na seirbhísí consalacha agus na seirbhísí pas a chuirimid ar fáil do mhuintir na hÉireann ar saoire sa Spáinn, agus d'Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu sa Spáinn. In 2013, le tacaíocht ó líonra na ndeichniúr consal oinigh dár gcuid, sholáthair an fhoireann bheag chonsalachta atá againn anseo cúnamh i ndáil le bás 50 saoránach Éireannach agus 100 gabháil, chomh maith le cásanna inarbh éigean do dhaoine dul ag an ospidéal. Ní théann aon rud as bealach i gcás formhór na saoirí sa Spáinn, ach táimid anseo chun cúnamh a thabhairt má bhíonn deacrachtaí ag daoine.*

*Cuid eile den ról atá agam is ea a bheith ag obair le Líonra Gnó na Spáinne/na hÉireann chun naisc ghnó idir Éire agus an Spáinn a chur chun cinn. Trí bhíthin an líonra, ina bhfuil 900 ball, tugtar le chéile gnólachtaí agus daoine aonair chun cur leis na naisc thrádála láidre ar ann dóibh cheana idir Éire agus an Spáinn (ar fiú thart ar €7 mbilliún in aghaidh na bliana iad faoi láthair).*

IRELAND

爱尔兰

ÉIRE

IRLANDE

ايرلندا

IRLAND

アイルランド

ไอร์แลนด์

IIRIMAA

आयरलैंड

Ιρλανδία

אירלנד

IRLANDA

አየርላንድ

AIRIJA

AI LEN

ÍRORSZÁG

Ирландия

아일랜드

design_www.**reddog**.ie Printed on FSC Certified paper.

Muintir na hÉireann
Ár gCuid Luachanna
Ár Rathúnas

**www.dfa.ie/ie** | **@dfatIRL**

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade